2026/2545

20.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2545 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE a mhéid a bhaineann leis na socruithe praiticiúla maidir le malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointí (c) agus (d), de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le bailiú sonraí agus le tarraingt suas nó athbhreithniú doiciméad tagartha BAT agus lena ndearbhú cáilíochta

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7990)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) ([1]), agus go háirithe Airteagal 13 di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le treoraíocht i ndáil le bailiú sonraí agus tarraingt suas doiciméad tagartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) agus maidir lena ndearbhú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointí (c) agus (d), de Threoir 2010/75/AE.

(2) Le Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tugadh isteach leasuithe substaintiúla ar Threoir 2010/75/AE. Déantar foráil leis na leasuithe sin, go háirithe, maidir leis na nithe seo a leanas: cuspóirí nua comhshaoil; róil fheabhsaithe don Choimisiún – go háirithe tríd an Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí Tionsclaíocha (INCITE) a bhunú – agus don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA); fad sainithe don mhalartú faisnéise agus do thimthriall athbhreithnithe BREFanna; rialacha neartaithe maidir le láimhseáil faisnéise rúnda gnó agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála; agus ceanglais nua maidir leis na ceadanna a dheonaíonn na Ballstáit d'oibreoirí gléasraí tionsclaíocha.

(3) De bhun Airteagal 14(3) de Threoir 2010/75/AE, ní mór conclúidí BAT a leagtar amach in BREFanna a bheith ina dtagairt chun coinníollacha ceada a shocrú. Dá bhrí sin, chun comhleanúnachas a áirithiú leis na leasuithe a tugadh isteach le Treoir (AE) 2024/1785, agus i gcomhréir le hAirteagal 13(1a) de Threoir 2010/75/AE, ní mór forálacha Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE a thabhairt cothrom le dáta faoin 1 Iúil 2026.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 13(3), pointe (c), de Threoir 2010/75/AE, fuair an Coimisiún tuairim ón bhfóram maidir leis an gCinneadh seo an 2 Márta 2026.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 75 den Treoir,

([1]) IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2012 lena leagtar síos rialacha maidir le treoir i ndáil le bailiú sonraí agus doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas agus maidir lena ndearbhú cáilíochta dá dtagraítear i dTreoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 63, 2.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2012/119/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L, 2024/1785, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1785/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Treoraíocht maidir leis na socruithe praiticiúla le haghaidh an mhalartaithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointí (c) agus (d), de Threoir 2010/75/AE, le bailiú sonraí, le tarraingt suas nó athbhreithniú doiciméad tagartha BAT agus lena ndearbhú cáilíochta

1 CAIBIDIL 1:
NÓS IMEACHTA CHUN DOICIMÉAD TAGARTHA MAIDIR LEIS NA TEICNÍCÍ IS FEARR ATÁ AR FÁIL (BAT) A THARRAINGT SUAS AGUS A ATHBHREITHNIÚ 7

1.1 Comhthéacs 7

1.1.1 Comhthéacs reachtach 7

1.1.2 Aidhm BREF 9

1.1.3 BREFanna 'cothrománacha' agus 'ingearacha' 9

1.2 An nós imeachta chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú 9

1.2.1 Nós imeachta ginearálta maidir le BREF nua a tharraingt suas 9

1.2.2 Nós imeachta ginearálta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar BREF 10

1.2.3 Athbhreithniú páirteach ar BREF 10

1.2.4 Cuspóir athbhreithnithe BREF 11

1.2.5 Gnáthshreabhadh oibre chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú 11

1.3 Fóram arna bhunú de bhun Airteagal 13 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 13

1.4 Coiste arna bhunú le hAirteagal 75(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha . 14

2 CAIBIDIL 2:
ÁBHAR AGUS RAON FEIDHME BREF 14

2.1 Réamhrá 14

2.2 Struchtúr BREF 14

2.3 Ábhar na BREFanna 15

2.3.1 Eolas ginearálta faoi ábhar na BREFanna 15

2.3.2 Brollach 15

2.3.3 Raon feidhme 15

2.3.4 Faisnéis ghinearálta faoin earnáil lena mbaineann 16

2.3.5 Próisis agus teicnící a chuirtear i bhfeidhm 16

2.3.6 Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair 17

2.3.7 Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh 17

2.3.7.1 Faisnéis ghinearálta maidir le teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh 17

2.3.7.2 Faisnéis a sholáthraítear maidir le gach teicníc 19

2.3.7.2.1 Tuairisc 19

2.3.7.2.2 Tuairisc theicniúil 19

2.3.7.2.3 Na tairbhí comhshaoil a baineadh amach (nó na tairbhí comhshaoil a bhfuil coinne leo i gcás teicnící atá ag teacht chun cinn) 19

2.3.7.2.4 Feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla 19

2.3.7.2.5 Éifeachtaí trasmheáin 20

2.3.7.2.6 Breithnithe teicniúla a bhaineann le hinfheidhmeacht 21
2.3.7.2.7 Eacnamaíocht 21
2.3.7.2.8 Tosca a spreagann cur chun feidhme 22
2.3.7.2.9 Suiteálacha, gléasraí nó próisis shamplacha 22
2.3.7.2.10 Litríocht tagartha 22
2.3.7.2.11 Leibhéal aibíochta teicneolaíche teicnící atá ag teacht chun cinn 22
2.3.8 Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) 23
2.3.9 Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo 23
2.3.10 Tagairtí 23
2.3.11 Gluais téarmaí agus giorrúchán 23
2.3.12 Iarscríbhinní 24
3 CAIBIDIL 3: CONCLÚIDÍ BAT 24
3.1 Réamhrá 24
3.2 Eilimintí in BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn aonair 25
3.2.1 Faisnéis ghinearálta 25
3.2.2 Tuairisc ar theicnící 25
3.2.3 Faisnéis chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na dteicnící 25
3.3 BAT aonair lena ngabhann na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis nó tagarmharcanna 25
3.3.1 Faisnéis ghinearálta 25
3.3.2 BAT aonair lena ngabhann na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis 26
3.3.3 BAT aonair lena ngabhann na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis nó tagarmharcanna 27
3.4 Córas bainistithe comhshaoil 27
3.5 Teicnící atá ag teacht chun cinn 28
3.5.1 Leibhéil astaíochtaí a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn 28
3.6 Claochlú tionsclaíoch ó bhonn 28
4 CAIBIDIL 4: MALARTÚ FAISNÉISE 28
4.1 Réamhrá 28
4.2 Ról na meithleacha teicniúla 28
4.2.1 Meithleacha teicniúla a bhunú 28
4.2.2 Freagrachtaí agus cúraimí na meithle teicniúla 29
4.2.3 Foghrúpaí na meithle teicniúla 30
4.2.4 Ról na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán 30
4.2.5 Ról na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil 30
4.2.6 Cuairteanna ar an láithreán 30
4.2.7 Rannpháirtíocht soláthraithe teicníce (e.g. soláthróirí trealaimh) sa mhalartú faisnéise 31

4.3 Ról EU-BRITE 31
4.4 Ról an Lárionaid Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus um Astaíochtaí Tionsclaíocha 32
4.5 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin don mhalartú faisnéise 32
4.5.1 Tús-ualú luath 32
4.5.2 Tús-ualú 33
4.6 Garspriocanna sa mhalartú faisnéise 34
4.6.1 Cruinniú den mheitheal theicniúil 34
4.6.1.1 Faisnéis ghinearálta 34
4.6.1.2 Cruinniú tosaigh 34
4.6.1.2.1 Na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a shainaithint 34
4.6.1.3 Cruinnithe eatramhacha na meithle teicniúla 36
4.6.1.4 Cruinniú críochnaitheach 36
4.6.1.4.1 Faisnéis ghinearálta 36
4.6.1.4.2 Tuairimí scoilte 36
4.6.2 An ceistneoir maidir le bailiú sonraí a fhorbairt 37
4.6.3 Sonraí agus faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu 37
4.6.3.1 Sonraí agus faisnéis a bhailiú 37
4.6.3.2 Anailís sonraí agus faisnéise 38
4.6.3.3 Ceardlanna measúnaithe sonraí 38
4.6.3.4 BAT-AELanna/BAT-AEPLanna a shainaithint agus a dhíorthú 38
4.6.4 Dréachtaí BREF agus barúlacha na meithle teicniúla 39
4.7 Uirlisí malartaithe faisnéise 40
4.7.1 Córas faisnéise BAT (BATIS) 40
4.8 Slándáil sonraí pearsanta 40
5 CAIBIDIL 5:
SONRAÍ AGUS FAISNÉIS A BHAILIÚ AGUS A CHUR ISTEACH 41
5.1 Réamhrá 41
5.2 Prionsabail ghinearálta maidir le sonraí agus faisnéis a bhailiú agus a chur isteach chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú 41
5.2.1 Cineál sonraí/faisnéise 41
5.2.2 Formáid na sonraí 42
5.2.3 Cáilíocht sonraí 42
5.3 Saincheisteanna rúndachta 42
5.4 Sonraí feidhmíochta comhshaoil agus oibríochtúla is gá le haghaidh na gcaibidlí 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' agus 'Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)' 43
5.4.1 Faisnéis ghinearálta maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla 43

5.4.2 Éifeachtúlacht acmhainní 43
5.4.2.1 Faisnéis ghinearálta maidir le héifeachtúlacht acmhainní 43
5.4.2.2 Tomhaltas amhábhar agus ábhar cúnta/ 43
5.4.2.3 Úsáid uisce 44
5.4.2.4 Úsáid fuinnimh 44
5.4.3 Astaíochtaí isteach san uisce 45
5.4.4 Astaíochtaí isteach san aer 45
5.4.5 Astaíochtaí isteach san ithir agus sa screamhuisce 46
5.4.6 Iarmhair 46
5.4.7 Faisnéis eile 46
5.4.8 Faisnéis thagartha nach mór a bheith ag gabháil le sonraí astaíochtaí 47
5.4.8.1 Faisnéis ghinearálta 47
5.4.8.2 Faireachán 47
5.4.8.3 Meáin, raonta agus dáiltí luachanna astaíochta 47
5.5 Saincheisteanna sonracha faoi shainchúram gach meithle teicniúla 48
6 CAIBIDIL 6:
DEARBHÚ CÁILÍOCHTA MAIDIR LE TARRAINGT SUAS AGUS ATHBHREITHNIÚ NA BREFANNA 49

1 CAIBIDIL 1: NÓS IMEACHTA CHUN DOICIMÉAD TAGARTHA MAIDIR LEIS NA TEICNÍCÍ IS FEARR ATÁ AR FÁIL (BAT) A THARRAINGT SUAS AGUS A ATHBHREITHNIÚ

1.1 Comhthéacs

1.1.1 Comhthéacs reachtach

In 2024, le Treoir (AE) 2024/1785 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasaíodh Treoir 2010/75/AE ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha'), lena leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú a eascraíonn as gníomhaíochtaí tionsclaíocha. Leagtar síos léi freisin rialacha atá ceaptha cosc a chur ar astaíochtaí isteach san aer, san uisce nó sa talamh, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, na hastaíochtaí sin a laghdú go leanúnach, giniúint dramhaíola a chosc, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, agus an geilleagar ciorclach agus an dícharbónú a chur chun cinn, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach (féach Airteagal 1 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha).

Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha go n-eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir é féin agus na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun doiciméid tagartha BAT ('BREFanna') a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú freisin go mbeidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil rannpháirteach sa mhalartú faisnéise, i gcás ina dtairbheodh an malartú faisnéise de shaineolas na Gníomhaireachta ([3]).

Leagtar amach in Airteagal 13(1) freisin 'go mbeidh sé d'aidhm ag an malartú faisnéise sin timthriall athbhreithnithe 8 mbliana ar dhoiciméid tagartha BAT a bhaint amach agus tosaíocht á tabhairt do na doiciméid a bhfuil an acmhainneacht is airde acu feabhas a chur ar chosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil. Ní mhairfidh an malartú faisnéise … níos faide ná 4 bliana i gcás gach doiciméid tagartha BAT aonair.'

Cumhdaítear leis an malartú faisnéise na céimeanna idir an cruinniú tosaigh (KoM) agus cruinniú críochnaitheach na meithle teicniúla. Meastar go ngiorrófar an tréimhse sin go dtí níos lú ná 4 bliana mar gheall ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin le haghaidh an mhalartaithe faisnéise (féach Roinn 4.5) .

Ceanglaítear le hAirteagal 13(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 'go dtabharfar aghaidh sa mhalartú faisnéise, go háirithe, ar na nithe seo a leanas:

(a) feidhmíocht suiteálacha agus teicnící i dtéarmaí astaíochtaí, arna sloinneadh mar mheáin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha, i gcás inarb iomchuí, agus na dálaí tagartha bainteacha, tomhaltas agus cineál na n-amhábhar, tomhaltas uisce, úsáid fuinnimh agus giniúint dramhaíola;

(b) na teicnící a úsáidtear, faireachán gaolmhar, éifeachtaí trasmheáin, inmharthanacht eacnamaíoch agus theicniúil agus forbairtí iontu;

(c) na teicnící is fearr atá ar fáil agus na teicnící atá ag teacht chun cinn arna sainaithint tar éis na saincheisteanna a luaitear i bpointí (a) agus (b) a mheas.'

Sainmhínítear BREF, a eascraíonn as an malartú faisnéise sin, in Airteagal 3, pointe 11, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Is doiciméad é a tarraingíodh suas le haghaidh gníomhaíochtaí sainithe lena dtugtar tuairisc, go háirithe, ar phróisis agus ar theicnící a chuirtear i bhfeidhm, ar leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair, ar theicnící a bhreithnítear chun BAT a chinneadh chomh maith le conclúidí BAT agus aon teicníc atá ag teacht chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ([4]). Dá bhrí sin, de réir an tsainmhínithe, is doiciméad tuairisciúil é BREF agus ní fhorordaítear leis úsáid aon teicníce ná aon teicneolaíochta sonraí, ná ní léirmhínítear leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

([1]) Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl; IO L, 2024/1785, 15.7.2024; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1785/oj.

([2]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), IO L 334, 17.12.2010, lch. 17; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/2024-08-04.

([3]) Mar a mhínítear in aithris 21 de Threoir (AE) 2024/1785.

([4]) Leasaíodh Iarscríbhinn III leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus áirítear léi critéir nua amhail dícharbónú, tionchar astaíochtaí ar an mbithéagsúlacht, agus úsáid substaintí nach bhfuil chomh guaiseach céanna, lena n-áirítear níos lú úsáide a bhaint as substaintí ar údar mór imní iad.

Is é an sainmhíniú atá ar '**na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT)**' in Airteagal 3, pointe 10, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, an chéim is éifeachtaí agus is forbartha i bhforbairt gníomhaíochtaí agus a modhanna oibriúcháin lena léirítear oiriúnacht phraiticiúil teicnící áirithe chun bonn a sholáthar do theorainnluachanna astaíochta agus do choinníollacha ceada eile atá ceaptha chun astaíochtaí agus an tionchar ar an gcomhshaol ina iomláine a chosc, agus i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun iad a laghdú:

a. Áirítear le 'teicnící' an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar an tsuiteáil a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú.

b. Ciallaíonn 'teicnící atá ar fáil' teicnící a fhorbraítear ar scála lena gceadaítear cur chun feidhme san earnáil thionsclaíoch ábhartha, faoi dhálaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus go teicniúil, agus na costais agus na buntáistí á gcur san áireamh, gan beann ar cé acu a úsáidtear nó a tháirgtear teicnící den sórt sin san Aontas, ar choinníoll go bhfuil siad inrochtana go réasúnta ag an oibreoir.

c. Ciallaíonn 'is fearr' na cinn is éifeachtaí chun leibhéal ginearálta ard cosanta an chomhshaoil ina iomláine a bhaint amach, lena n-áirítear sláinte an duine agus cosaint na haeráide.

In Airteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha freisin, is é an sainmhíniú atá ar '**chonclúidí BAT**' na codanna de BREF lena leagtar síos na conclúidí maidir le BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn, tuairisc orthu, faisnéis maidir lena n-infheidhmeacht a mheasúnú, na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na teicnící sin, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící sin, an t-ábhar a bheidh i gcóras bainistíochta comhshaoil lena n-áirítear tagarmharcanna, an faireachán gaolmhar, na leibhéil tomhaltais ghaolmhara agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin. Tá conclúidí BAT le glacadh tríd an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 75(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Beidh siad ina dtagairt chun coinníollacha ceada a shocrú le haghaidh na suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (Airteagal 14(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha). Le conclúidí BAT, ba cheart teicnící atá ag teacht chun cinn agus BAT a shainaithint freisin, ar teicnící atá ag teacht chun cinn agus BAT iad is féidir le hoibreoirí suiteálacha tionsclaíocha a chur chun feidhme chun suiteálacha a chlaochlú chun go mbeidh siad comhsheasmhach le cuspóir an Aontais maidir le geilleagar inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach.

Is é an sainmhíniú atá ar '**leibhéil astaíochtaí a bhaineann le BAT**' in Airteagal 3, pointe 13, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, raon na leibhéal astaíochta a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin agus úsáid á baint as BAT nó as meascán BAT, mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT, arna sloinneadh mar mheán thar thréimhse áirithe ama, faoi dhálaí tagartha sonraithe.

Is é an sainmhíniú atá ar '**leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT**' in Airteagal 3, pointe 13a, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, raon na leibhéal feidhmíochta comhshaoil, a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin agus úsáid á baint as BAT nó as meascán BAT, mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT.

Is é an sainmhíniú atá ar '**feidhmíocht chomhshaoil**' in Airteagal 3, pointe 13aa, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, an fheidhmíocht maidir le leibhéil tomhaltais, éifeachtúlacht acmhainní a bhaineann le hábhair, uisce agus acmhainní fuinnimh, athúsáid ábhar agus uisce, agus giniúint dramhaíola.

Is é an sainmhíniú atá ar '**teicnící atá ag teacht chun cinn**' in Airteagal 3, pointe 14, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, teicnící núíosacha le haghaidh gníomhaíocht thionsclaíoch a d'fhéadfadh, dá bhforbrófaí ar bhonn tráchtála iad, leibhéal ginearálta níos airde cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a sholáthar nó ar a laghad an leibhéal céanna cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a sholáthar agus coigilteas costais níos airde ná BAT atá ann cheana.

Is é an sainmhíniú atá ar '**leibhéil astaíochtaí a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn**' in Airteagal 3, pointe 48, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, raon na leibhéal astaíochtaí a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin agus úsáid á baint as teicnící atá ag teacht chun cinn nó as meascán teicnící atá ag teacht chun cinn, mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT, arna sloinneadh mar mheán thar thréimhse áirithe ama, faoi dhálaí tagartha sonraithe.

Is é an sainmhíniú atá ar '**leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn**' in Airteagal 3, pointe 49, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, raon na leibhéal feidhmíochta comhshaoil, a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, agus úsáid á baint as teicnící atá ag teacht chun cinn nó as meascán teicnící atá ag teacht chun cinn mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT.

Is é an sainmhíniú atá ar '**thagarmharcanna**' in Airteagal 3, pointe 13b, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, raon táscach na leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT, atá le húsáid mar thagairt sa chóras bainistithe comhshaoil.

1.1.2 **Aidhm BREF**

Is é is aidhm do BREF BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh, agus míchothromaíochtaí san Aontas a theorannú a mhéid a bhaineann le leibhéal na n-astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí tionsclaíocha. Le BREFanna ba cheart faisnéis a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát, d'oibreoirí tionsclaíocha, don Choimisiún agus don phobal i gcoitinne maidir lena bhfuil i gceist le BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn le haghaidh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Ba cheart an próiseas chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh a bheith trédhearcach agus oibiachtúil, bunaithe ar fhaisnéis fhónta theicniúil agus eacnamaíoch. Is spreagadh é BREF i dtreo cosaint níos fearr a thabhairt don chomhshaol agus do shláinte an duine ar fud an Aontais.

Chun freastal ar a phríomhaidhm agus chun a sholáimhsitheacht don úsáideoir a áirithiú, ba cheart ábhar BREF a theorannú don fhaisnéis ábhartha chun conclúidí BAT mar a leagtar amach i gCaibidil 3 a chinneadh ([5]). Níl BREF ceaptha a bheith ina théacsleabhar maidir le teicnící chun truailliú a chosc agus a rialú. Tá litríocht fhairsing ann maidir leis an ábhar ar féidir le BREF tagairt a dhéanamh dó nuair is gá. Mar sin féin, tá sé fíor-riachtanach go soláthrófar le BREF faisnéis maidir leis na príomhtheicnící a bhreithnigh an mheitheal theicniúil (féach Roinn 4.2 ([6])) chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh, agus ar fhoras chonclúidí BAT, mar aon le príomh-shaincheisteanna oscailte nó bearnaí eolais nach mór a fhiosrú le haghaidh an athbhreithnithe a dhéanfaidh BREF ina dhiaidh sin.

1.1.3 **BREFanna 'cothrománacha' agus 'ingearacha'**

Bíonn BREFanna teoranta go ginearálta do shaincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí tionsclaíocha áirithe (BREFanna 'ingearacha'). I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh BREFanna aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna trasearnála is coiteann do gach gníomhaíocht faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó do go leor gníomhaíochtaí faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (BREFanna 'cothrománacha').

Ba cheart BREFanna 'cothrománacha' agus 'ingearacha' a fhorbairt sa chaoi go mbeidh siad comhlántach chun coinníollacha ceada a leagan síos le haghaidh suiteálacha a chumhdaítear leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Áireofar le BREFanna 'ingearacha' faisnéis earnáilsonrach. Dá bhrí sin, conclúidí BAT a luaitear in Airteagal 21(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, i.e. conclúidí BAT a bhaineann le príomhghníomhaíocht suiteála, beidh siad ina gcuid de BREFanna 'ingearacha', agus díobh sin amháin.

Áireofar le BREFanna 'cothrománacha' faisnéis de chineál cineálach is féidir a úsáid ar fud go leor gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Ba cheart faisnéis a áireamh in BREFanna 'cothrománacha' i gcás ina bhforlíonann sé sin an fhaisnéis atá in BREFanna 'ingearacha' maidir le gnéithe a bhaineann le roinnt earnálacha tionsclaíocha.

Níor cheart conclúidí contrártha a bheith idir BREFanna 'ingearacha' agus 'cothrománacha' mar thoradh air sin. Chun úsáid BREFanna 'ingearacha' agus 'cothrománacha' araon a éascú ar bhealach comhlántach, ní mór crostagairtí iomchuí a dhéanamh in BREF do BREFanna 'ingearacha' agus 'cothrománacha' ábhartha eile.

1.2 **An nós imeachta chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú**

Eagraíonn agus comhordaíonn an Coimisiún malartú faisnéise agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin (tús-ualú luath). Na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an malartú faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, ENRanna a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Coimisiún), déanann siad formhaoirseacht ar an bpróiseas tríd an bhFóram a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Rannchuidíonn siad le BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú trí pháirt a ghlacadh sna meithleacha teicniúla. Tugtar tuilleadh faisnéise i Ranna 1.3 agus 4.2, faoi seach, faoi ról na bpáirtithe leasmhara agus faoi fheidhmiú an Fhóraim agus na meithleacha teicniúla.

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh BREF a tharraingt suas nó tús a chur le hathbhreithniú BREF agus cuirtear san áireamh ann tuairim an Fhóraim maidir leis an gclár oibre chun faisnéis a mhalartú, i gcomhréir le hAirteagal 13(3), pointe (b), den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

1.2.1 **Nós imeachta ginearálta maidir le BREF nua a tharraingt suas**

Ós rud é go n-áirítear gníomhaíochtaí nua in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ní mór BREFanna nua a tharraingt suas. Ina theannta sin, féadfar BREFanna nua a tharraingt suas freisin le haghaidh gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear cheana le BREFanna atá ann cheana nó tar éis atheagrú BREFanna atá ann cheana (e.g. BREFanna atá ann cheana a chumasc in BREFanna nua).

([5]) Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn an téarma 'Caibidil' do chaibidlí na hIarscríbhinne seo.

([6]) Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn an téarma 'Roinn' do na ranna den Iarscríbhinn seo.

Tá go leor cosúlachtaí idir an sreabhadh oibre chun BREF nua a tharraingt suas agus an sreabhadh oibre chun BREF a athbhreithniú agus tugtar tuairisc air i Roinn 1.2.5. I gcás BREF nua, áfach, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dtugtar tuairisc orthu i Roinn 4.5: d'fhéadfadh sé gur ghá méid mór faisnéise a bhailiú sa chéim tús-ualaithe, rud a d'fhéadfadh a bheith beagán níos faide ná mar a bheadh i gcás athbhreithniú BREF.

1.2.2 **Nós imeachta ginearálta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar BREF**

Is próiseas leanúnach é an t-athbhreithniú ar BREFanna, mar go bhfuil BAT dinimiciúil. Tá an eolaíocht agus na teicneolaíochtaí ag forbairt go leanúnach, d'fhéadfadh teicnící nua teacht chun cinn, tá próisis nua nó próisis atá ag teacht chun cinn á dtabhairt isteach go rathúil sa tionscal, d'fhéadfadh ábhair imní nua maidir leis an gcomhshaol teacht chun cinn agus d'fhéadfadh eolas nua ar shubstaintí astaithe agus ar a n-airíonna guaiseacha a bheith ar fáil. Chun na hathruithe sin agus a n-iarmhairtí ar BAT a léiriú, ní mór BREFanna a athbhreithniú go tréimhsiúil agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Tugtar aghaidh air sin go sainráite le hAirteagal 13(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, lena léirítear go mbeidh sé d'aidhm ag an malartú faisnéise timthriall athbhreithnithe 8 mbliana ar BREFanna a bhaint amach.

Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh leis an gcinneadh maidir le BREF a athbhreithniú:

(i) faisnéis sa roinn den BREF dar teideal 'Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo' (féach Roinn 2.2); agus

(ii) faisnéis a thagann ó INCITE (féach Roinn 4.4), mar aon le tosca eile amhail:

— léiriú go bhféadfadh teicnící nua a bheith ar fáil;

— an gá atá le raon feidhme an BREF a leathnú;

— an gá atá le táirgí/substaintí nó próisis nár cumhdaíodh go fóill a áireamh; nó

— an gá atá le gnéithe áirithe a fhiosrú ar bhealach níos críochnúla.

1.2.3 **Athbhreithniú páirteach ar BREF**

Nuair a dhéantar athbhreithniú ar BREF atá ann cheana mar chuid den timthriall athbhreithnithe clársceidealaithe, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ach ar chuid den BREF, ag díriú, mar shampla, ar phróiseas nó fo-earnáil thionsclaíoch shonrach, ar shaincheist shonrach chomhshaoil, nó ar phróiseas nua a tháinig chun cinn ó glacadh conclúidí BAT.

Cé go gceadaítear athbhreithniú níos tapúla leis an gcur chuige sin, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha thíos.

— D'fhéadfadh codanna áirithe de na BREFanna a bheith gan athrú, mar shampla, más rud é nár tháinig aon athrú den chuid is mó ar fho-earnáil nó ar phróiseas táirgthe nó mura bhfuil feabhas mór tagtha ar fheidhmíocht na dteicnící laghdaithe le haghaidh truailleán ar leith a breathnaíodh sa réimse.

— Cosnaítear cur chuige comhtháite na Treorach athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Mar shampla, má dhíríonn an t-athbhreithniú páirteach ar shaincheist chomhshaoil shonrach (e.g. truailleán sonrach), níor cheart é a theorannú do BAT ná do leibhéil ghaolmhara astaíochtaí nó feidhmíochta a bhaineann leis an tsaincheist sin. Ba cheart a áireamh leis an athbhreithniú freisin éifeachtaí trasmheáin a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na teicnící laghdaithe a úsáidtear chun an truailleán sin a laghdú ar thomhaltas uisce nó fuinnimh, ar ghiniúint dramhaíola, nó ar astaíochtaí féideartha truailleán eile) agus saincheisteanna comhshaoil eile a eascraíonn as an tsaincheist shonrach chomhshaoil sin a laghdú nó a chosc.

— Coinnítear comhsheasmhacht fhoriomlán chonclúidí BAT ar bun. Mar shampla, má fhorbraítear BAT le haghaidh próiseas núíosach i sraith conclúidí BAT atá ann cheana, ní mór do na conclúidí maidir leis an BAT nua sin leanúint de bheith comhsheasmhach leis na conclúidí maidir leis na BATanna nach cuid den athbhreithniú iad (e.g. más BAT cineálach é an BAT núíosach, ní mór a sheiceáil go bhfuil sé infheidhme maidir le próisis uile na hearnála tionsclaíche lena mbaineann, agus ní hamháin maidir leis an bpróiseas núíosach sin).

Níl sé beartaithe athbhreithniú páirteach a dhéanamh ar BREF a foilsíodh roimh 2026 toisc go mbeadh ar an meitheal theicniúil a áirithiú freisin go ndéanfaí an chuid nach dtugtar aghaidh uirthi san athbhreithniú páirteach a ailíniú (trí chleachtadh sonrach bailithe sonraí) le cuspóirí agus ceanglais na Treorach athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, go háirithe an chaibidil maidir le conclúidí BAT.

Déantar na conclúidí maidir leis na codanna den BREF atá fós gan athrú agus na codanna is gá a athbhreithniú ag cruinniú tosaigh na meithle teicniúla (féach Roinn 4.6.1.2).

1.2.4 **Cuspóir athbhreithnithe BREF**

Is é is cuspóir d'athbhreithniú BREF measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá conclúidí BAT a glacadh roimhe seo fós oiriúnach dá bhfeidhm, agus, i gcás inar gá, na conclúidí sin a thabhairt cothrom le dáta agus éabhlóidí in BAT agus sna teicnící atá ag teacht chun cinn a shainaithint. Baintear é sin amach go príomha trí scrúdú a dhéanamh ar na codanna den BREF lena leagtar síos na conclúidí maidir le BAT, trí mheasúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí a gcur chun feidhme agus trí na conclúidí sin a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina bhfuil faisnéis nua ar fáil lenar féidir déanamh amhlaidh.

Dá bhrí sin, níl coinne leis go mbeidh athscríobh ná modhnú iomlán ar BREF ina iomláine i gceist leis an athbhreithniú ar BREF. Aithnítear, áfach, go bhféadfadh i bhfad níos mó modhnuithe ná athbhreithnithe ina dhiaidh sin a bheith i gceist leis na chéad athbhreithnithe ar BREFanna i gcásanna áirithe.

Is léir gurb í an fhaisnéis nua is ábhartha nach mór a shainaithint, a bhailiú agus a chur isteach faoi chuimsiú an mhalartaithe faisnéise le haghaidh athbhreithniú BREF an fhaisnéis sin a d'fhéadfadh conclúidí BAT athbhreithnithe nó tugtha cothrom le dáta eascairt aisti. Chun na críche sin, tá sé ríthábhachtach sonraí agus faisnéis a bhailiú ar bhonn na treoraíochta a leagtar síos i gCaibidil 5.

Ina theannta sin, ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh leis an athbhreithniú ar BREF:

1. faisnéis agus conclúidí BAT atá ann cheana a fheabhsú, a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhlánú ar bhonn sonraí agus faisnéis níos déanaí;

2. faisnéis atá imithe i léig agus as dáta a bhaint;

3. earráidí a cheartú agus aon neamhréireacht le BREFanna eile a bhaint.

Ba cheart a dhíriú leis an athbhreithniú ar BREF go príomha ar chaibidlí BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh', 'Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)' agus 'Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair' agus, ar bhonn níos lú, ar chaibidlí BREF dar teideal 'Próisis agus teicnící a chuirtear i bhfeidhm' (i gcás athruithe tábhachtacha sa chaibidil seo). Ba cheart tosaíocht níos ísle a thabhairt don athbhreithniú ar chaibidlí eile BREF.

Ar an iomlán, is gá a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile a fhanann laistigh de BREF chomh cothrom le dáta, chomh comhsheasmhach agus chomh cruinn agus is féidir go réasúnta.

1.2.5 **Gnáthshreabhadh oibre chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú**

Áirítear mar gharspriocanna móra sa ghnáthshreabhadh oibre chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú cruinniú tosaigh, céim bailithe sonraí agus faisnéise, dréacht amháin den BREF agus cruinniú críochnaitheach (féach Roinn 4.6.1.4). Tugtar tuairisc níos mionsonraithe i dTábla 1 ar na príomhchéimeanna chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú.

Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh leis na céimeanna sin:

— an aidhm a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha go ndéanfar BREF a thabhairt cothrom le dáta tráth nach déanaí ná 8 mbliana tar éis fhoilsiú an leagain roimhe sin;

— an aidhm a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 'Ní mhairfidh an malartú faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos faide ná 4 bliana maidir le gach doiciméid tagartha maidir le doiciméad tagartha BREF'.

Braitheann céimeanna agus uainiú beacht na hoibre do gach BREF ar roinnt tosca, lena n-áirítear raon feidhme BREF (agus an leathnú féideartha ar an raon feidhme i gcás athbhreithnithe BREF), líon agus castacht na n-ábhar ar gá aghaidh a thabhairt orthu, acmhainní an Bhiúró Eorpaigh um Thaighde ar Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí Tionsclaíocha - EU-BRITE - i bhfianaise a róil lárnaigh sa phróiseas malartaithe faisnéise agus, thar aon ní eile, leibhéal rannpháirtíochta gníomhaí agus éifeachtaí na meithle teicniúla. Tá feidhm ag an tsolúbthacht atá ann chun an sreabhadh oibre a oiriúnú do shonraíochtaí BREF ar leith gan dochar don chuspóir foriomlán an obair a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama a léirítear thuas agus ardcháilíocht BREF a tháirgtear á háirithiú an tráth céanna.

Tá coinne leis, i bprionsabal, gur cheart dhá chruinniú iomlánacha den mheitheal theicniúil a thionól le linn athbhreithniú BREF (an cruinniú tosaigh agus an cruinniú críochnaitheach (féach Roinn 4.6.1)). Mar sin féin, i gcásanna áirithe (e.g. i gcás inar soláthraíodh a lán faisnéise nua, nó i gcás ina bhfuil cinneadh BAT conspóideach go háirithe), féadfar cruinnithe eatramhacha na meithle teicniúla (féach Roinn 4.6.1.3) a thionól. Chomh maith leis na cruinnithe iomlánacha sin de chuid na meithle teicniúla, eagraítear ceardlanna measúnaithe sonraí (féach Roinn 4.6.3.3) agus is féidir cruinnithe foghrúpa a eagrú chun an obair a éascú (féach Roinn 4.2.3).

Chun an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní uathu siúd uile a bhfuil baint acu le BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú, ní mór sprioc-am soiléir a bheith ann chun an bhulcfhaisnéis a gealladh nó a sainaithníodh i gconclúidí an chruinnithe tosaigh a chur isteach (féach Roinn 4.6.1.2). Ní féidir glacadh le faisnéis a chuirtear isteach tar éis an sprioc-ama sin ach amháin in imthosca eisceachtúla, tar éis dul i gcomhairle leis an meitheal theicniúil, agus ní féidir le EU-BRITE í a chur san áireamh ach amháin nuair a rannchuidíonn sí go substaintiúil le conclúidí maidir le BAT a dhíorthú nó a thabhairt cothrom le dáta nó le saincheisteanna conspóideacha nó saincheisteanna atá casta go teicniúil a réiteach.

Más gá, iarrfaidh EU-BRITE faisnéis bhreise nó soiléirithe breise ón meitheal theicniúil chun aon fhaisnéis thábhachtach atá in easnamh a bhailiú a mheastar a bheith riachtanach, go háirithe chun conclúidí BAT a bhaint amach i gcomhréir leis an treoraíocht a leagtar síos i gCaibidlí 3 agus 5.

Uimhir Chéime	Céim tarraingthe suas/ athbhreithnithe BREF	Tuairisc
Gníomhaíochtaí ullmhúcháin roimh an malartú faisnéise		
0.1	Tús-ualú luath	Féach Roinn 4.5.1.
0.2	Gníomhachtú/athghníomhachtú na meithle teicniúla	Déantar an mheitheal theicniúil a ghníomhachtú/a athghníomhachtú, agus ballraíocht agus sonraí teagmhála á sainaithint agus á ndearbhú (féach Roinn 4.2.1).
0.3	Tús-ualú	Cuireann comhaltaí na meithle teicniúla ionchur tosaigh isteach (féach Roinn 4.5.2).
Gníomhaíochtaí malartaithe faisnéise		
1.1	Cruinniú tosaigh	Eagraítear cruinniú tosaigh (féach Roinn 4.6.1.2) ar bhonn páipéar cúlra a sholáthraítear don mheitheal theicniúil roimh ré. Scaiptear conclúidí an chruinnithe tosaigh agus tuarascáil an chruinnithe tosaigh tar éis an an chruinnithe tosaigh.
1.2	Bailiú agus anailísiú faisnéise/ sonraí	Déanann an mheitheal theicniúil an bhulcfhaisnéis a shainaithnítear i gconclúidí an chruinnithe tosaigh a bhailiú agus a chur isteach (féach Roinn 4.6.3.1). Tagraíonn bulcfhaisnéis don fhaisnéis uile a mhalartaítear laistigh de 'phróiseas Sevilla' seachas an fhaisnéis sin a fhaightear trí cheistneoirí.
		Ullmhaíonn EU-BRITE ceistneoir (féach Roinn 4.6.2) chun sonraí a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas a bhailiú agus tugtar chun críche é leis an meitheal theicniúil (lena n-áirítear an ceistneoir a ullmhú trí cheardlann forbartha ceistneora agus céim tástála). Seoltar an ceistneoir chuig na suiteálacha nó na gléasraí atá rannpháirteach sa bhailiú sonraí/faisnéise (féach freisin Roinn 4.6.3.1).
		Bailítear sonraí a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas (féach Roinn 4.6.3.1).
		Déantar anailís ar fhaisnéis agus ar shonraí (féach Roinn 4.6.3.2) agus pléitear iad laistigh den mheitheal theicniúil (lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an gcéad cheardlann measúnaithe sonraí).
1.3	An chéad dréacht	Déantar an chéad dréacht (féach Roinn 0) a tharraingt suas agus a chur isteach le haghaidh bharúlacha na meithle teicniúla.
1.4	Anailís ar bharúlacha agus an chéad dréacht a thabhairt cothrom le dáta	Déantar anailís agus plé ar bharúlacha na meithle teicniúla leis an meitheal theicniúil (lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an dara ceardlann measúnaithe sonraí). Cuirtear barúlacha na meithle teicniúla san áireamh maidir le BREF (nó a chaibidlí ábhartha) a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh an chruinnithe chríochnaithigh. Féadfar ceardlanna measúnaithe sonraí eile a eagrú más gá.
1.5	Cruinniú críochnaitheach	Forbraítear páipéar cúlra le haghaidh chruinniú críochnaitheach na meithle teicniúla. Scaiptear leagan cothrom le dáta de chaibidlí ábhartha an BREF ar an meitheal theicniúil (féach Roinn 4.6.1.4). Eagraítear cruinniú críochnaitheach (féach Roinn 4.6.1.4). Scaipfear conclúidí an chruinnithe chríochnaithigh tar éis an chruinnithe chríochnaithigh.
An dréacht críochnaitheach		
2.	An dréacht críochnaitheach	Ar bhonn chonclúidí an chruinnithe chríochnaithigh, cuirtear dréacht críochnaitheach den BREF ar fáil. Cuirtear é sin ar fáil chun tuairim a fháil ó Fhóram Airteagal 13 (féach Roinn 1.3).

Chun éifeachtúlacht a mhéadú maidir le hullmhú na hoibre, cuirfidh EU-BRITE an Fóram (féach Roinn 1.3) ar an eolas chomh luath agus is féidir go réasúnta roimh ré faoi na dátaí/tréimhsí a bhfuil coinne leis go ndéanfar meitheal theicniúil a athghníomhachtú nó a chur ar bun. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh EU-BRITE comhaltaí na meithle teicniúla ar an eolas faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi sprioc-amanna a d'fhéadfadh a bheith ann in am trátha.

1.3 Fóram arna bhunú de bhun Airteagal 13 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha

Is grúpa saineolaithe é an Fóram a bunaíodh faoi Airteagal 13(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a thionólann an Coimisiún agus a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ó na tionscail lena mbaineann agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn. Ceaptar comhaltaí chuig an bhFóram i gcomhréir le Cinneadh 2011/C 146/03 ón gCoimisiún lena mbunaítear an Fóram ([7]), lena leagtar amach freisin cúram an Fhóraim.

Is é ról an Fhóraim, mar a mhínítear in aithris 14 agus mar a thuairiscítear in Airteagal 13(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, malartú faisnéise éifeachtach, gníomhach agus trédhearcach a áirithiú a mbeidh BREFanna ardcháilíochta ina dtoradh air trí na socruithe praiticiúla le haghaidh malartú faisnéise a phlé agus a thuairim a thabhairt ina leith.

Go sonrach, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tá an Fóram lena thuairim a thabhairt maidir leis na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

1. rialacha nós imeachta an Fhóraim;

2. an clár oibre chun faisnéis a mhalartú;

3. treoraíocht maidir le bailiú sonraí;

4. treoraíocht maidir le tarraingt suas dhoiciméid tagartha BAT agus maidir lena ndearbhú cáilíochta, lena n-áirítear oiriúnacht a n-ábhair agus a bhformáide.

Tá comhaltaí an Fhóraim freagrach as a n-ionadaithe a ainmniú do mheithleacha teicniúla (féach go háirithe Roinn 4.2.2 ina dtugtar aghaidh ar chúraimí agus ar phróifíl chomhaltaí na meithle teicniúla) agus as teagmháil a choinneáil leo le linn an phróisis dréachtaithe chun malartú gníomhach agus éifeachtach faisnéise a áirithiú.

Tugann an Fóram a thuairim maidir leis an gclár oibre chun faisnéis a mhalartú (i.e. clár oibre BREF) ag céim luath (e.g. 2 bhliain roimh ré) chun am leordhóthanach a thabhairt do pháirtithe leasmhara obair ullmhúcháin a dhéanamh sula gcuirfear tús le próiseas athbhreithnithe/tarraingthe BREF, go háirithe an tús-ualú luath (féach Roinn 4.5.1).

Is é an Fóram an áit freisin ina bpléitear saincheisteanna ginearálta a bhaineann le malartú faisnéise. Tríd an bhFóram, is féidir le páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an bpróiseas malartaithe faisnéise, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh ón bpróiseas agus ó ghnéithe dearbhaithe cáilíochta. Féadfaidh an Fóram, má mheastar gur gá sin, feabhsuithe nó gnéithe sonracha a mholadh ar cheart aghaidh a thabhairt orthu agus BREF á tharraingt suas nó á athbhreithniú.

Is é príomhchúram an Fhóraim meastóireacht a dhéanamh ar thoradh an mhalartaithe faisnéise laistigh de mheithleacha teicniúla, agus an treoirdhoiciméad seo á chur san áireamh, agus a thuairim a thabhairt maidir le hábhar beartaithe BREFanna mar thoradh ar an obair a dhéantar ar an leibhéal teicniúil. Chun é sin a dhéanamh, tar éis bailchríoch a chur ar an obair laistigh den mheitheal theicniúil, cuirfear an dréacht críochnaitheach tugtha cothrom le dáta de BREF chuig an bhFóram tráth nach déanaí ná 8 seachtaine roimh chruinniú an Fhóraim ina bpléifear an doiciméad ([8]). Ba cheart do chomhaltaí an Fhóraim a mbarúlacha uile maidir leis an dréacht-leagan críochnaitheach de BREF a chur isteach i scríbhinn roimh an gcruinniú.

I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, 'déanfar tuairim an Fhóraim maidir le hábhar beartaithe na BREFanna a chur isteach laistigh de 6 mhí ó chruinniú críochnaitheach na meithle teicniúla' (féach Roinn 4.6.1.4). I bhfianaise na tréimhse íosta 8 seachtaine a luaitear thuas, fágann sé sin gur cheart an dréacht críochnaitheach de BREF a sheoladh chuig an bhFóram tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an chruinnithe chríochnaithigh.

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2011 lena mbunaítear fóram chun faisnéis a mhalartú de bhun Airteagal 13 de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO C 146, 17.5.2011, lch. 3).

([8]) Rialacha nós imeachta Fhóram Airteagal 13.

Féadfaidh an Fóram aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas, *inter alia*:

1. saincheisteanna a ardaíodh sa mheitheal theicniúil nach léirítear dearcadh scoilte (féach Roinn 4.6.1.4.2) comhalta de chuid na meithle teicniúla lena mbaineann go cruinn sa dréacht-téacs críochnaitheach ina leith;

2. moltaí réasúnaithe ó chomhaltaí an Fhóraim chun dearcadh scoilte arna chur in iúl ag a n-ionadaí féin de chuid na meithle teicniúla a bhaint nó a mhodhnú;

3. soiléiriú ar an téacs;

4. athbhreithnithe téacsúla lena léirítear ar bhealach níos cruinne an chonclúid ar tháinig an mheitheal theicniúil uirthi;

5. ceartúcháin ar earráidí cló sa dréacht críochnaitheach;

6. tograí chun saincheisteanna tábhachtacha, a thuairiscítear cheana laistigh de chorp an BREF, a thabhairt chuig an roinn 'Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo' (féach Roinn 2.3.9).

I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, cuireann an Coimisiún tuairim an Fhóraim maidir le hábhar beartaithe an BREF ar fáil go poiblí agus cuireann sé san áireamh í chun cinntí a ghlacadh maidir le conclúidí BAT agus maidir leis an BREF foilsithe críochnaitheach.

1.4 Coiste arna bhunú le hAirteagal 75(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha

Foráiltear le hAirteagal 75(1) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha go mbunófar coiste, de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit uile air, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme na Treorach.

De bhun Airteagal 13(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tá an coiste rannpháirteach i bplé agus i nglacadh na 'treoraíochta maidir le bailiú sonraí' agus na 'treoraíochta maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas agus maidir lena ndearbhú cáilíochta lena n-áirítear oiriúnacht a n-ábhair agus a bhformáide' [(i.e. an doiciméad seo)].

Sonraítear le hAirteagal 13(5) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha go bhfuil cinntí maidir le conclúidí BAT le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin mar a leagtar síos in Airteagal 75(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Dá bhrí sin, tá an coiste le bheith rannpháirteach i nglacadh cinntí maidir le conclúidí BAT a eascraíonn as malartú faisnéise.

Tar éis ghlacadh an chinnidh maidir le 'conclúidí BAT', modhnóidh EU-BRITE, más gá, an BREF i gcomhréir leis an gcinneadh a glacadh maidir le conclúidí BAT agus cuirfidh sé an leagan Béarla den BREF críochnaitheach ar fáil go poiblí. Foilseofar na cinntí maidir le conclúidí BAT san Iris Oifigiúil i dteangacha oifigiúla an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 13(6) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ní mór BREF críochnaitheach agus na cinntí maidir le conclúidí BAT a chur ar fáil go poiblí a luaithe is féidir.

2 CAIBIDIL 2: ÁBHAR AGUS RAON FEIDHME BREF

2.1 Réamhrá

Is doiciméad teicniúil é BREF lena gcuirtear i láthair faisnéis fhíorasach theicniúil agus eacnamaíoch, lena léirítear toradh an mhalartaithe faisnéise faoi Airteagal 13 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus ina bhfuil na heilimintí is gá as a n-eascraíonn conclúidí BAT do na gníomhaíochtaí lena mbaineann.

Má fhónann sé don chuspóir sonrach cabhrú leis an léitheoir tuilleadh faisnéise a lorg maidir le saincheist, is féidir cuideachtaí (i.e. suiteálacha nó soláthróirí), trádainmneacha, rannchuiditheoirí nó comhaltaí na meithle teicniúla a ainmniú in BREF mura dtéann sé sin in aghaidh dlíthe iomaíochta nó rialacha cosanta sonraí.

2.2 Struchtúr BREF

Sonraítear leis an sainmhíniú ar BREF a thugtar in Airteagal 3, pointe 11, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha go dtugtar tuairisc in BREF, go háirithe, ar phróisis agus ar theicnící a chuirtear i bhfeidhm, ar leibhéil reatha astaíochtaí agus tomhaltais, ar teicnící iad a bhreithnítear chun BAT a chinneadh chomh maith le conclúidí BAT agus aon teicníc atá ag teacht chun cinn.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

Go ginearálta, ba cheart na codanna a thugtar sa tábla thíos a bheith in BREF:

Brollach
Raon feidhme
Caibidil: Faisnéis ghinearálta faoin earnáil lena mbaineann
Caibidil: Próisis agus teicnící a chuirtear i bhfeidhm
Caibidil: Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair
Caibidil: Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh
Caibidil: Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)
Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo
Tagairtí
Gluais téarmaí agus giorrúchán
Iarscríbhinní (de réir na hábharthachta don earnáil agus infhaighteacht na faisnéise)

Ba cheart struchtúr gach BREF a bheith de réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach sa roinn seo. Mar sin féin, is léiriú é ord na gcaibidlí a thugtar anseo agus féadfar aon BREF a struchtúrú ar bhealach éagsúil i gcás ina bhfuil sé sin níos oiriúnaí d'ábhar BREF. D'fhéadfadh na BREFanna 'cothrománacha' (féach Roinn 1.1.3) imeacht go mór ón gcreatlach sin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt caibidlí ábhartha in aon chor. Mar sin féin, i gcás BREFanna 'cothrománacha' freisin, ba cheart don mheitheal theicniúil iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le conclúidí BAT a mhéid atá siad ábhartha agus indéanta.

Má chumhdaítear fo-earnálacha éagsúla le BREF nó próisis/céimeanna próisis atá leithleach go soiléir laistigh d'earnáil, d'fhéadfadh sé a bheith níos iomchuí caibidlí ar leith a bheith ann le haghaidh gach ceann de na hearnálacha nó de na próisis/céimeanna próisis sin agus an struchtúr réamhluaite ('Faisnéis ghinearálta' suas le 'conclúidí BAT') a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na caibidlí sin.

2.3 Ábhar na BREFanna

2.3.1 Eolas ginearálta faoi ábhar na BREFanna

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag tarraingt suas agus athbhreithniú BREFanna doiciméid bheachta a eisiúint, ag díriú ar chonclúidí BAT agus na codanna tuairisciúla a choinneáil chomh gearr agus is féidir. Chun dúbláil faisnéise a íoslaghdú, is féidir crostagairtí a dhéanamh do BREFanna eile.

2.3.2 Brollach

Leis an roinn achomair chaighdeánach den BREF dar teideal 'Brollach' tugtar tuairisc ar struchtúr an doiciméid, meabhraítear go hachomair an comhthéacs reachtach, agus an chaoi ar dréachtaíodh an doiciméad (e.g. an chaoi ar bailíodh agus a measúnaíodh faisnéis). Ní mór an téacs a chur in oiriúint chun struchtúr aonair gach BREF a léiriú.

2.3.3 Raon feidhme

Sa roinn den BREF dar teideal 'Raon feidhme', a bhíonn gonta go ginearálta, ba cheart tuairisc chomh beacht agus is féidir a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an doiciméad. Ní mór an raon feidhme a leagan amach ar bhealach a sheachnóidh bearnaí neamh-inmhianaithe nó forluí le raon feidhme BREFanna eile, go háirithe idir raonta feidhme BREFanna ingearacha.

Ní mór a áireamh leis an roinn seo ar a laghad tagairt do na catagóirí ábhartha gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. I gcás inarb ábhartha, ba cheart tuilleadh sonraí maidir leis na próisis agus na fophróisis táirgthe a bhaineann leis na catagóirí gníomhaíochtaí sin a áireamh. Ba cheart na príomhghníomhaíochtaí 'atá gaolmhar go díreach' a chumhdaítear leis an doiciméad a lua inti freisin, fiú nuair nach gníomhaíochtaí Iarscríbhinn I iad sin iad féin.

Ba cheart a léiriú sa roinn seo freisin gníomhaíochtaí, próisis táirgthe nó fophróisis a eisiatar d'aon ghnó ó raon feidhme BREF, agus na cúiseanna atá leis na heisiaimh sin á soláthar (e.g. chun bearnaí a chosc, nó chun forluí a sheachaint le BREFanna eile, le rialacháin nó le píosaí reachtaíochta a bhféadfadh na gníomhaíochtaí, na próisis nó na fophróisis sin a bheith cumhdaithe leo cheana féin).

Ní hionann an sainmhíniú ar raon feidhme BREF agus léirmhíniú dlíthiúil ar na tuairiscí ar ghníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Le raon feidhme BREFanna 'cothrománacha' agus 'ingearacha' ba cheart na prionsabail a leagtar amach i Roinn 1.1.3 a leanúint. I gcás BREFanna 'cothrománacha', ba cheart tuairisc a thabhairt ar na saincheisteanna a chumhdaítear chomh maith lena gcomhéadan le BREFanna 'ingearacha' le haghaidh na ngníomhaíochtaí a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha. Ba cheart ábharthacht BREFanna eile a lua nuair a mheastar gur gá sin, trí chrostagairt a dhéanamh idir na BREFanna ábhartha sin.

In athbhreithnithe BREF i gcás inar glacadh conclúidí BAT cheana féin, ba cheart raon feidhme chonclúidí BAT sin a bheith ina mbonn i gcónaí le raon feidhme an BREF athbhreithnithe. Ba cheart coigeartuithe ar an raon feidhme a dhíriú go príomha ar idirghníomhaíochtaí le BREFanna eile a shoiléiriú (e.g. chun bearnaí nó forluí a chosc) agus ar an gcumhdach a ailíniú leis na próisis agus na fophróisis táirgthe a chuireann an earnáil i bhfeidhm tráth an athbhreithnithe. D'fhéadfaí a áireamh leis sin próisis nó fophróisis atá imithe i léig a bhaint agus cinn nua a tháinig chun cinn ó glacadh conclúidí BAT a thabhairt isteach.

2.3.4 **Faisnéis ghinearálta faoin earnáil lena mbaineann**

Sa chaibidil tosaigh ghairid den BREF dar teideal 'Faisnéis ghinearálta faoin earnáil lena mbaineann', tugtar faisnéis ghinearálta le déanaí faoin earnáil tionscail a dtugann BREF aghaidh uirthi, mar shampla i dtéarmaí líon agus mhéid na suiteálacha, dáileadh geografach, acmhainneacht táirgeachta agus eacnamaíochta. Ba cheart léiriú a thabhairt léi ar na príomh-shaincheisteanna comhshaoil le haghaidh na hearnála, i gcás inar féidir, agus roinnt sonraí foriomlána maidir le hastaíochtaí agus tomhaltas mar fhaisnéis chúlra chomh maith le faisnéis faoin dul chun cinn maidir le haeráidneodracht agus ciorclaíocht, i gcás inar féidir,.

2.3.5 **Próisis agus teicnící a chuirtear i bhfeidhm**

Sa chaibidil den BREF dar teideal 'Próisis agus teicnící a chuirtear i bhfeidhm' tugtar tuairisc ghairid ar na próisis táirgthe a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair san earnáil thionsclaíoch/sna hearnálacha tionsclaíocha a chumhdaítear leis an BREF mar aon le léiriú ar na teicnící a úsáidtear san earnáil.

Ba cheart a áireamh leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear na gníomhaíochtaí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus gníomhaíochtaí atá gaolmhar go díreach leo agus ábharthacht BREFanna eile maidir le gnéithe áirithe de roinnt gníomhaíochtaí gaolmhara á tabhairt dá n-aire an tráth céanna. Ba cheart tuairiscí a bheith ann ar athraithigh phróisis, ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar phróisis mhalartacha a mhéid atá siad ábhartha chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh.

Ba cheart na céimeanna seicheamhacha i ngnáthphróiseas a chur i láthair sa chaibidil seo. Ba cheart roinnt de na saincheisteanna seo a leanas nó gach ceann díobh (a d'fhéadfadh a bheith coigeartaithe chun saintréithe na n-aonad próiseála a chomhlíonadh) a áireamh, toisc go bhféadfaidís a bheith ábhartha agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh:

— amhábhair (lena n-áirítear amhábhair thánaisteacha/athchúrsáilte) agus tomhaltáin a úsáidtear, agus aird ar leith á tabhairt ar amhábhair chriticiúla;

— tomhaltas fuinnimh agus uisce;

— ceimiceáin, substaintí cúnta/ábhair a úsáidtear;

— ullmhú amhábhar (lena n-áirítear stóráil agus láimhseáil);

— próiseáil ábhair;

— monarú táirgí;

— bailchríochnú táirgí;

— stóráil agus láimhseáil táirgí idirmheánacha agus críochnaitheacha;

— láimhseáil agus cinniúint iarmhar (lena n-áirítear seachtháirgí).

Ba cheart tuairisc a thabhairt ar na caidrimh agus na naisc iarbhír nó fhéideartha idir gníomhaíochtaí/céimeanna próisis éagsúla, go háirithe i gcás ina bhféadfaidís sin difear a dhéanamh don fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán (mar shampla i gcás ina bhféadfaí iarmhair (lena n-áirítear seachtháirgí) ó ghníomhaíocht amháin a úsáid mar bhunábhar go gníomhaíocht eile).

2.3.6 **Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair**

Sa chaibidil den BREF dar teideal 'Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair' maidir le raon na leibhéal astaíochtaí agus tomhaltais a bhreathnaítear faoi láthair don phróiseas foriomlán (nó do na próisis fhoriomlána) agus dá fhophróisis (dá bhfophróisis) mar aon le léiriú ar na teicnící a úsáidtear chun astaíochtaí a chosc/a laghdú agus chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú. Is féidir an fhaisnéis atá sna tacair sonraí dá dtagraítear i Roinn 5.2 a úsáid chun na críche sin, chomh maith le faisnéis maidir le hastaíochtaí ón Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Chun léargas a thabhairt ar fheidhmíocht chomhshaoil choibhneasta gníomhaíochtaí inchomparáide, tá gá le faisnéis maidir le leibhéil táirgthe agus cumraíocht an phróisis sa chaoi gur féidir leibhéil astaíochtaí/tomhaltais a shloinneadh in aghaidh an phróisis nó in aghaidh an aonaid táirgthe.

A mhéid is féidir, déantar sonraí a ghrúpáil i gcomhréir le faisnéis chomhthéacsúil ábhartha, e.g. cineál suiteála, gléasra nó próisis, cineál táirge, amhábhar (agus aird ar leith á tabhairt ar amhábhair chriticiúla), méid na suiteála.

Ba cheart a áireamh leis an bhfaisnéis úsáid fuinnimh, uisce, ceimiceán agus amhábhar a bhreathnaítear faoi láthair. Ba cheart astaíochtaí na bpríomhthruailleán san aer agus san uisce agus giniúint iarmhar a eascraíonn as na gníomhaíochtaí a áireamh leis na sonraí chomh maith le faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le hastaíochtaí torainn agus bolaidh, i gcás inarb ábhartha. A mhéid atá an fhaisnéis ar fáil, ba cheart ionchuir agus aschuir ó fhophróisis a léiriú, agus ar an gcaoi sin na fophróisis atá níos thábhachtaí ó thaobh an chomhshaoil a chur i dtábhacht agus aghaidh a thabhairt ar roghanna chun dramhaíl a athchúrsáil agus ábhair a athúsáid laistigh den phróiseas iomlán nó lasmuigh de. Soláthraíonn an fhaisnéis agus na sonraí sa chaibidil seo an bunús chun measúnú a dhéanamh ar na príomhéifeachtaí trasmheáin agus ar na príomh-idirspleáchais.

Ba cheart sonraí astaíochtaí agus tomhaltais a chuirtear i láthair sa chaibidil seo den BREF a cháiliú a mhéid is féidir le mionsonraí maidir leis an bpróiseas nó leis an gcineál táirge, leis an amhábhar a úsáidtear (agus aird ar leith á tabhairt ar amhábhair chriticiúla), leis an gcion de dhramhaíl athchúrsáilte nó d'ábhair aisghafa/athúsáidte sa bhunábhar (más ábhartha le haghaidh na n-astaíochtaí nó an tomhaltais), le dálaí oibriúcháin (e.g. an céatadán den lánacmhainneacht, cuimsiú nó eisiamh modhanna eile seachas gnáthdhálaí oibriúcháin, dálaí tagartha), modhanna samplála agus anailíse. D'fhéadfaí cuir i láthair staidrimh (e.g. a léiríonn an meán, uasmhéideanna, íosmhéideanna, raonta) a úsáid chun na críche sin.

Ba cheart sonraí astaíochtaí agus tomhaltais a chur i láthair ar bhealach lenar féidir measúnú a dhéanamh ar na sonraí go héasca agus go héifeachtach (ábharthacht d'fho-earnálacha, gníomhaíochtaí, próisis lena mbaineann, imthosca oibríochtúla áirithe, etc.).

2.3.7 **Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh**

2.3.7.1 **Faisnéis ghinearálta maidir le teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh**

Tá an chaibidil den BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' ríthábhachtach chun conclúidí BAT a fhorbairt. Soláthraítear léi catalóg de theicnící ábhartha agus faireachán gaolmhar a úsáidtear le haghaidh na nithe seo a leanas:

— astaíochtaí isteach san aer, san uisce (lena n-áirítear screamhuisce) agus san ithir a chosc nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, astaíochtaí a laghdú;

— éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, e.g. amhábhar, uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh;

— dícharbónú a chur chun cinn, lena n-áirítear claochlú tionsclaíoch ó bhonn;

— giniúint dramhaíola a chosc nó a laghdú;

— an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, e.g. trí fheabhas a chur ar aisghabháil dramhaíola nó ar úsáid amhábhar tánaisteach (agus aird ar leith á tabhairt ar amhábhair chriticiúla);

— úsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú;

— tionchar na n-astaíochtaí ar an mbithéagsúlacht a chosc nó a laghdú.

Meastar gurb iad na teicnící a dtugtar tuairisc orthu sa chaibidil BREF seo (agus an struchtúr a dtugtar tuairisc air i Roinn 2.3.7.2 á úsáid) na teicnící is ábhartha chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí lena mbaineann. Ba cheart a áireamh leo sin an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tuairisc a thabhairt ar BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn i ranna ar leithligh.

I gcomhthéacs BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú, i gcás inar glacadh conclúidí BAT cheana féin don earnáil shonrach lena mbaineann an BREF, ba cheart na teicnící a bunaíodh cheana mar BAT a bheith ina mbonn i gcónaí chun an chaibidil seo a fhorbairt. Sa chás sin, ní mheastar go ndéanfar aon mheastóireacht bhreise ar na teicnící sin, a mheastar gur BAT iad cheana féin, faoin roinn 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh'. Ina ionad sin, ba cheart an próiseas tarraingthe suas nó athbhreithnithe a dhíriú ar athruithe earnáilsonracha amháin, amhail deireadh a chur le teicnící atá imithe i léig nó aon teicníc nua a tháinig chun cinn ó glacadh conclúidí BAT a thabhairt isteach.

Ba cheart a chumhdach freisin leis na teicnící a dtugtar tuairisc orthu bearta a úsáidtear chun iarmhairtí comhshaoil tionóiscí agus teagmhas a chosc nó a theorannú agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin. Ba cheart a chumhdach leo freisin bearta a dhéantar chun truailliú a chosc nó a laghdú faoi dhálaí nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí).

Leis an roinn den BREF dar teideal 'Teicnící le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh', ba cheart teicnící atá ag teacht chun cinn a shainaithint freisin.

Ar a laghad, ní mór a áireamh leis an bhfaisnéis maidir le gach teicníc atá ag teacht chun cinn tuairisc uirthi, a feidhmíocht fhéideartha i gcomparáid le BAT atá ann cheana, sonraí oibríochtúla, éifeachtaí trasmheáin a d'fhéadfadh a bheith ann, réamh-mheastachán costais is tairbhe, breithnithe teicniúla atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht agus léiriú ar a leibhéal forbartha, lena n-áirítear an t-amscála ar a bhféadfadh an teicníc a bheith 'ar fáil' ó thaobh na tráchtála.

Ós rud é nach bhfuil BREFanna ceaptha a bheith ina dtéacsleabhair maidir le teicnící chun truailliú a chosc agus a rialú, ba cheart tuairisc ghonta a thabhairt ar na teicnící sa chaibidil seo.

Má thugtar tuairisc leordhóthanach cheana féin ar theicníc in BREF eile, is féidir crostagairt a dhéanamh don BREF sin. I gcás inar ann d'athruithe earnáilsonracha, ba cheart iad sin a thuairisciú faoin gceannteideal 'Tuairisc theicniúil' sa BREF atá á thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart a áireamh in BREF freisin faisnéis earnáilsonrach i gcomhréir leis an struchtúr ar a dtugtar tuairisc i Roinn 2.3.7.2, i.e. faoi na ceannteidil 'Feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla', 'Breithnithe teicniúla atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht', 'Eacnamaíocht, 'Éifeachtaí trasmheáin' agus 'Suiteálacha, gléasraí nó próisis shamplacha'.

Ba cheart a chumhdach leis an gcomhthiomsú teicnící féideartha sin cosc ar an tionchar ar an gcomhshaol agus bearta rialaithe araon, agus é á aithint gur fearr cosc a chur ar an tionchar ar an gcomhshaol, i gcás inarb indéanta, ná é a laghdú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhea-chleachtais oibriúcháin agus ba cheart aird a thabhairt ar chórais chothabhála (choisctheacha), ar mhodhanna rialaithe próisis agus ar fhorálacha teagmhasacha. Féadfar teicnící atá ag teacht chun cinn sa chleachtas laistigh den earnáil agus ar teicnící seanbhunaithe iad in earnálacha eile a áireamh i gcás inarb ábhartha agus má thacaítear leis sin le faisnéis leordhóthanach (féach Roinn 4.4).

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcaibidil seo den BREF an oiread faisnéise agus is gá a áireamh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an teicníc cáiliú, ina haonar nó in éineacht le teicnící eile, mar BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn don earnáil lena mbaineann, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar a hinfheidhmeacht laistigh den earnáil. Go háirithe, tá faisnéis a bhaineann le sonraí oibríochtúla agus feidhmíocht chomhshaoil, éifeachtaí trasmheáin, breithnithe teicniúla atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht, eacnamaíocht agus suiteálacha, gléasraí nó próisis shamplacha tábhachtach le haghaidh an mheasúnaithe seo. Sa chaibidil seo, ba cheart gach teicníc a phlé gan réamhbhreith a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí critéir uile BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn (Féach Airteagal 3, pointí 10 agus 14, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin).

2.3.7.2 **Faisnéis a sholáthraítear maidir le gach teicníc**

B'fhearr a áireamh leis an bhfaisnéis maidir le gach teicníc gach ceann de na heilimintí a thaispeántar sa tábla thíos.

Tuairisc
Tuairisc theicniúil
Na tairbhí comhshaoil a baineadh amach (nó na tairbhí comhshaoil a bhfuil coinne leo i gcás teicnící atá ag teacht chun cinn)
Feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla
Éifeachtaí trasmheáin
Breithnithe teicniúla a bhaineann le hinfheidhmeacht
Eacnamaíocht
Tosca a spreagann cur chun feidhme
Suiteálacha, gléasraí agus próisis shamplacha (suiteálacha píolótacha nó tástála, gléasraí agus próisis i gcás teicnící atá ag teacht chun cinn)
Litríocht tagartha
Leibhéal na haibíochta teicneolaíche (ábhartha do teicnící atá ag teacht chun cinn amháin)

Leagtar amach i gCaibidil 5 na prionsabail ghinearálta maidir le sonraí a bhailiú, lena n-áirítear an fhaisnéis thuas.

2.3.7.2.1 **Tuairisc**

Ba cheart tuairisc ghairid ar an teicníc d'fhonn í a úsáid i gconclúidí BAT (féach Roinn 3.2) a áireamh.

2.3.7.2.2 **Tuairisc theicniúil**

Ba cheart tuairisc theicniúil níos mionsonraithe agus níos gonta fós ina n-úsáidtear, de réir mar is iomchuí, cothromóidí ceimiceacha nó cothromóidí eile, íomhánna, léaráidí agus sreabhchairteacha a áireamh.

2.3.7.2.3 **Na tairbhí comhshaoil a baineadh amach (nó na tairbhí comhshaoil a bhfuil coinne leo i gcás teicnící atá ag teacht chun cinn)**

Ba cheart na príomhthairbhí comhshaoil a d'fhéadfaí a bhaint amach tríd an teicníc a chur chun feidhme a thuairisciú. Áirítear leis sin, mar shampla, tomhaltas laghdaithe fuinnimh agus uisce; astaíochtaí laghdaithe isteach san uisce, san aer agus san ithir; astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe; tomhaltas laghdaithe amhábhar – go háirithe amhábhair criticiúil –; laghdú ar úsáid ceimiceán nó ceimiceáin atá níos sábháilte a úsáid ina n-ionad nó méadú ar úsáid ceimiceán atá níos sábháilte; giniúint dramhaíola a íoslaghdú; ciorclaíocht mhéadaithe.

I gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, ba cheart a leagan amach leis na tairbhí comhshaoil a bhfuil coinne leo an chomparáid atá idir feidhmíochtaí comhshaoil na teicníce agus feidhmíochtaí comhshaoil BAT.

2.3.7.2.4 **Feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla**

Ba cheart sonraí iarbhír feidhmíochta a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas ([10]) (lena n-áirítear leibhéil astaíochtaí ([11]), leibhéil tomhaltais – amhábhar (go háirithe amhábhair chriticiúla), uisce, fuinnimh – agus méideanna na n-iarmhar a ghintear) ó shuiteálacha, gléasraí nó próisis atá ag feidhmiú go maith (i ndáil leis an gcomhshaol ina iomláine) a lua agus an teicníc á cur i bhfeidhm in éineacht leis an bhfaisnéis chomhthéacsúil ábhartha mar a leagtar amach i Roinn 5.4.

([10]) Faoi réir na gcoinníollacha a fhorchuirtear le dlíthe iomaíochta agus le cosaint faisnéise rúnda gnó, féach Roinn 5.3.

([11]) Tiúchan agus ualach sonrach na dtruailleán (má tá siad ar fáil) nó na sonraí is gá chun an fhaisnéis sin a dhíorthú, lena n-áirítear modhanna faireacháin a úsáidtear agus dálaí tagartha. I gcás sonraí lóid sonracha, ba cheart an táirge dá dtagraítear a shainiú go soiléir.

I gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh sé nach mbeadh faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla ar fáil a mhéid céanna le faisnéis maidir le teicnící a bhreithnítear agus BAT á chinneadh. I gcásanna den sórt sin, féadfar breithnithe maidir leis na tairbhí comhshaoil agus an fheidhmíocht chomhshaoil a bhfuil coinne leo a bheith ag gabháil leis an bhfaisnéis atá ar fáil nó féadfar an fhaisnéis sin a fhorlíonadh leis na breithnithe sin, mar shampla, faisnéis ó shuiteálacha, gléasraí nó próisis phíolótacha, tástála nó cheannródaíocha (lena n-áirítear i gcomparáid le feidhmíocht reatha BAT).

Ba cheart aon fhaisnéis úsáideach eile maidir leis na nithe seo a leanas a áireamh:

— an chaoi leis an teicníc a dhearadh, a oibriú, a chothabháil, a rialú agus a dhíchoimisiúnú (féach freisin Roinn 5.4);

— saincheisteanna maidir le faireachán ar astaíochtaí a bhaineann le húsáid na teicníce (féach freisin Roinn 5.4.8);

— íogaireacht agus marthanacht na teicníce;

— saincheisteanna maidir le tionóiscí comhshaoil a chosc.

Ba cheart naisc idir ionchuir (e.g. cineál agus cainníocht an amhábhair agus an bhreosla, an fhuinnimh, an uisce, na gceimiceán) agus aschuir (astaíochtaí, iarmhair, táirgí) a chur i dtábhacht, go háirithe i gcás ina bhfuil siad ábhartha chun feabhas a chur ar an tuiscint ar thionchair éagsúla ar an gcomhshaol agus ar a n-idirghníomhú, mar shampla i gcás ina ndearnadh roinnt comhbhabhtála idir aschuir éagsúla sa chaoi nach féidir leibhéil áirithe feidhmíochta comhshaoil a bhaint amach san am céanna.

Ba cheart sonraí astaíochtaí agus tomhaltais a bheith cáilithe a mhéid is féidir le sonraí faoi dhálaí oibriúcháin ábhartha (e.g. céatadán den lánacmhainneacht, comhdhéanamh breosla, seachaint na teicníce, cuimsiú nó eisiamh dálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad, dálaí tagartha), modhanna samplála agus anailíse, agus cur i láthair staidrimh (e.g. meáin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha, uasmhéideanna, raonta agus dáileacháin; féach go háirithe Roinn 5.4.8).

I gcás sonraí le haghaidh astaíochtaí isteach san uisce, tá faisnéis chomhthéacsúil maidir le suíomh/saintréithe na samplála úsáideach (e.g. sreabhadh fuíolluisce neamhspleách nó comhcheangailte/measctha, gníomhaíochtaí gaolmhara réamhtheachtacha, pointe an sceite chríochnaithigh).

Ba cheart faisnéis a áireamh maidir le dálaí nó imthosca a chuireann bac ar úsáid na teicníce (lena n-áirítear teicníc laghdaithe astaíochtaí) ag lánacmhainneacht, ar gá dul timpeall go hiomlán nó go páirteach ar an teicníc agus ar na bearta a rinneadh chun a héifeachtacht oibríochtúil iomlán a athbhunú.

Tá an fhaisnéis sa chuid seo den BREF ríthábhachtach chun leibhéil astaíochtaí agus leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a dhíorthú.

2.3.7.2.5 **Éifeachtaí trasmheáin**

Ba cheart éifeachtaí diúltacha ábhartha ar an gcomhshaol a lua, ar éifeachtaí iad a eascraíonn as cur chun feidhme na teicníce nó, i gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, na héifeachtaí trasmheáin a bhfuil coinne leo, lenar féidir comparáid a dhéanamh idir teicnící chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol ina iomláine. D'fhéadfaí saincheisteanna amhail na cinn seo a leanas a áireamh leis sin:

— tomhaltas agus cineál na n-amhábhar (go háirithe amhábhair chriticiúla) lena n-áirítear ceimiceáin;

— tomhaltas uisce;

— tomhaltas fuinnimh;

— rannchuidiú leis an athrú aeráide;

— acmhainn ídithe ózóin strataisféaraigh;

— acmhainn cruthaithe ózóin fhótaiceimicigh;

— aigéadú a bhfuil astaíochtaí isteach san aer ina gcúis leis;

— ábhar cáithníneach san aer comhthimpeallach (lena n-áirítear micreacháithníní agus miotail);

— eotrófú talún agus uiscí a bhfuil astaíochtaí isteach san aer nó san uisce ina gcúis leis;

— acmhainn ídithe ocsaigine in uisce;

— comhábhair mharthanacha/thocsaineacha/in-bhithbhailithe (lena n-áirítear miotail);

— giniúint agus cineál na n-iarmhar;

— teorainn a chur leis an gcumas iarmhair a athúsáid nó a aisghabháil nó dramhaíl a hathchúrsáil;

— giniúint torainn, creathanna nó bolaidh;

— tionchar ar an mbithéagsúlacht;

— tionchar ar shláinte an duine;

— baol níos mó go dtarlódh tionóiscí.

Tá an Doiciméad Tagartha maidir le hEacnamaíocht agus Éifeachtaí Trasmheáin le cur san áireamh i gcás ina bhfuil éifeachtaí móra trasmheáin ann.

2.3.7.2.6 **Breithnithe teicniúla a bhaineann le hinfheidhmeacht**

Mura féidir teicníc a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála tionsclaíche a chumhdaítear leis an BREF (féach Roinn 2.3.3), ba cheart na príomhshrianta teicniúla ginearálta ar úsáid na teicníce laistigh den earnáil a léiriú.

Is iad seo a leanas na príomhshrianta earnáilsonracha a mheastar a luafar:

— léiriú ar an gcineál suiteálacha, gléasraí nó próiseas laistigh den earnáil nach féidir an teicníc a chur i bhfeidhm maidir leo;

— srianta ar chur chun feidhme i gcásanna cineálacha áirithe, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh, e.g.:

  — cé acu a bhaineann sé le suiteáil, gléasra nó próiseas nua nó le suiteáil, gléasra nó próiseas atá ann cheana, agus tosca a bhaineann le hiarfheistiú (e.g. infhaighteacht spáis) agus le hidirghníomhaíochtaí le teicnící atá suiteáilte cheana á gcur san áireamh;

  — méid suiteála, gléasra nó próisis, acmhainneacht (mór nó beag) nó lódfhachtóir, agus córas oibriúcháin;

  — cainníocht, cineál nó cáilíocht an táirge a mhonaraítear;

  — an cineál breosla nó amhábhair a úsáidtear (go háirithe amhábhair chriticiúla);

  — dálaí áitiúla amhail: infhaighteacht amhábhar, rochtain ar leictreachas in-athnuaite nó ar bhonneagar riachtanach eile (e.g. iompar agus stóráil CO_2);

  — saincheisteanna sábháilteachta;

  — sláinte an duine;

  — dálaí aeráide.

Ba cheart na srianta sin a léiriú mar aon leis na cúiseanna atá leo.

Níl na srianta sin ceaptha a bheith ina liosta de na dálaí áitiúla féideartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infheidhmeacht na teicníce maidir le suiteáil, gléasra nó próiseas aonair.

2.3.7.2.7 **Eacnamaíocht**

Ba cheart faisnéis a áireamh maidir le costais na dteicnící (caipiteal/infheistíocht, oibriú agus cothabháil lena n-áirítear mionsonraí faoin gcaoi a ndearnadh na costais sin a ríomh/a mheas) agus aon choigilteas a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis iad a chur i bhfeidhm (e.g. éifeachtúlacht mhéadaithe amhábhair nó fuinnimh/uisce, muirir dramhaíola, am aisíoca laghdaithe i gcomparáid le teicnící eile), ioncaim nó tairbhí eile lena n-áirítear mionsonraí faoin gcaoi a ndearnadh iad sin a ríomh/a mheas. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis chomhthéacsúil maidir le paraiméadair a dhéanann difear do na sonraí costais, amhail dálaí áitiúla (e.g. praghsáil uisce/fuinnimh) a áireamh.

I gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, ba cheart réamh-mheastacháin chostais - lena n-áirítear toimhdí agus éiginnteachtaí - a sholáthar i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

B'fhearr sonraí costais a thabhairt in euro. Má dhéantar comhshó ó airgeadra eile, ba cheart na sonraí san airgeadra bunaidh agus an bhliain inar bailíodh na sonraí a léiriú, toisc go n-athraíonn na rátaí comhshó le himeacht ama. Ba cheart an bhliain ar ceannaíodh é nó í a bheith ag gabháil le praghas/costas an trealaimh nó na seirbhíse. Nuair a fhaightear faisnéis faoi chostais teicníce ó shuiteálacha atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart meastachán a bheith ag gabháil léi ar an gcostas coibhéiseach a bheadh ann, ar an meán, chun an teicníc sin a chur chun feidhme laistigh den Aontas.

B'fhearr sonraí costais a thabhairt i bhfoirm costas imeallach sa chaoi gur féidir measúnú a dhéanamh ar an athrú ar an gcostas iomlán.

Ba cheart faisnéis faoin margadh don earnáil a léiriú i gcás ina mbeidh sí ar fáil chun costais na dteicnící a chur i gcomhthéacs.

Ba cheart faisnéis atá ábhartha do shuiteálacha, do ghléasraí nó do phróisis nua agus do shuiteálacha, do ghléasraí nó do phróisis atá ann cheana a áireamh. Leis sin, ba cheart a bheith in ann measúnú a dhéanamh, i gcás inar féidir, ar inmharthanacht eacnamaíoch na teicníce don earnáil lena mbaineann agus ar theorainneacha eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena hinfheidhmeacht.

Ba cheart faisnéis faoi chostéifeachtacht na teicníce (e.g. in EUR in aghaidh mhais laghdaithe an truailleáin) a thuairisciú i gcás inarb ábhartha chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht eacnamaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe 10(b) agus pointe 14, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Is féidir an Tuarascáil Thagartha maidir le Faireachán ar astaíochtaí isteach san aer agus san uisce ó shuiteálacha atá faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a chur san áireamh maidir le costais faireacháin.

I gcás ina dtagann saincheisteanna rúndachta chun cinn, ba cheart déileáil leo mar a leagtar amach i Roinn 5.3.

2.3.7.2.8 **Tosca a spreagann cur chun feidhme**

I gcás inarb infheidhme, ba cheart coinníollacha áitiúla sonracha, ceanglais (e.g. reachtaíocht, bearta sábháilteachta), gealltáin agus gealltanais inbhuanaitheachta, nó spreagthaí neamh-chomhshaoil (e.g. táirgeacht mhéadaithe, cáilíocht fheabhsaithe táirgí, dreasachtaí eacnamaíocha – e.g. fóirdheontais, buntáistí cánach nó cistiú eile) a spreagann nó a chuireann borradh faoi chur chun feidhme na teicníce a áireamh.

2.3.7.2.9 **Suiteálacha, gléasraí nó próisis shamplacha**

Tagairtí do shuiteálacha, do ghléasraí nó do phróisis lenar cuireadh an teicníc chun feidhme agus ónar bailíodh agus ónar úsáideadh faisnéis chun an roinn den BREF a bhaineann leis an teicníc sin a dhréachtú, ba cheart iad a liostú, lena n-áirítear léiriú ar a mhéid atá an teicníc in úsáid san Aontas nó ar fud an domhain.

I gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, ba cheart tagairtí do shuiteálacha, do ghléasraí nó do phróisis phíolótacha, tástála nó cheannródaíocha a liostú. Féadfar faisnéis ó INCITE (féach Roinn 4.4) a úsáid freisin.

2.3.7.2.10 **Litríocht tagartha**

Ba cheart litríocht nó ábhar tagartha eile (e.g. leabhair, tuarascálacha, staidéir, suíomhanna gréasáin) a úsáideadh i scríbhinn sa roinn agus ina bhfuil faisnéis níos mionsonraithe faoin teicníc a áireamh. Nuair a bhíonn líon mór leathanach san ábhar tagartha, ba cheart tagairt a dhéanamh do na leathanaigh nó do na ranna ábhartha.

Ba cheart litríocht tagartha a chur ar fáil tríd an gcóras faisnéise BAT (féach Roinn 4.7.1) i gcás inar féidir.

2.3.7.2.11 **Leibhéal aibíochta teicneolaíche teicnící atá ag teacht chun cinn**

Ba cheart faisnéis maidir le haibíocht teicnící atá ag teacht chun cinn a áireamh, amhail:

— an leibhéal ullmhachta teicneolaíochta (LUT) atá ann faoi láthair agus a bhfuil coinne leis ar thabhairt chun críche na forbartha teicneolaíche;

— na teorainneacha agus an acmhainneacht chun an teicníc a uas-scálú;

— an tréimhse ama a bhfuil coinne léi le haghaidh ullmhacht don mhargadh (e.g. an dáta coimisiúnaithe a bhfuil coinne leis i suiteáil thionsclaíoch ar scála iomlán);

— infhaighteacht sonraí feidhmíochta comhshaoil a fhaightear ó thrialacha tionsclaíocha allamuigh, agus ó ghléasraí píolótacha taispeána.

2.3.8 **Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)**

Leagtar amach leis an gcaibidil den BREF dar teideal ‘Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)’ na conclúidí maidir lena bhfuil i gceist le BAT le haghaidh na hearnála ar bhonn an mhalartaithe faisnéise mar a léirítear sna caibidlí roimhe seo agus an sainmhíniú ar ‘na teicnící is fearr atá ar fáil’ in Airteagal 3, pointe 10, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha á chur san áireamh mar aon leis na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir chéanna sin.

Tá conclúidí maidir le teicnící atá ag teacht chun cinn le haghaidh na hearnála i gconclúidí BAT freisin. Tá na conclúidí sin bunaithe ar an malartú faisnéise a léirítear sna caibidlí roimhe seo agus cuirtear san áireamh leo an sainmhíniú ar ‘theicnící atá ag teacht chun cinn’. Le conclúidí BAT, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn.

Luaitear freisin i roinn shonrach de chonclúidí BAT na BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn sainaitheanta lena bhféadfaí claochlú tionsclaíoch ó bhonn a bhaint amach, agus na himthosca ina bhféadfaí claochlú den sórt sin a dhéanamh (féach freisin Roinn 3.6).

Agus na conclúidí BAT seo á mbunú, breithnítear critéir uileghabhálacha fheidhmíocht chomhshaoil na dteicnící, lena n-áirítear impleachtaí trasmheán, infheidhmeacht, agus a gcostais, i ndáil leis an earnáil thionsclaíoch lena mbaineann an BREF.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir le fianaise (i.e. faisnéis láidir theicniúil agus eacnamaíoch) lena dtacaítear le teicníc a mheas mar BAT teacht ó shuiteáil amháin nó níos mó a chuireann an teicníc i bhfeidhm áit éigin ar domhan. I gcásanna nach dtagann an fhaisnéis faoin teicníc ach ó shuiteáil amháin nó nach dtagann an fhaisnéis ach ó shuiteálacha atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart don mheitheal theicniúil measúnú críochnúil a dhéanamh ar an infheidhmeacht laistigh den earnáil.

Tugtar tuilleadh faisnéise i gCaibidil 3 maidir le conclúidí BAT agus na heilimintí ba cheart a bheith iontu i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

2.3.9 **Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo**

Luaitear leis an roinn ghearr den BREF dar teideal ‘Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo’ dáta tosaigh agus fad an phróisis lenar tarraingíodh suas an BREF nó lenar athbhreithníodh an BREF chomh maith leis na príomh-gharspriocanna (e.g. cruinnithe na meithle teicniúla, dréacht-doiciméid a eisíodh).

Luaitear na hinstitiúidí agus na heagraíochtaí a bhfuil ionadaíocht acu sa meitheal theicniúil a rannchuidigh go gníomhach leis an malartú faisnéise agus na príomhfhoinsí faisnéise a raibh an BREF bunaithe orthu, agus aon tuarascáil nó aighneacht thar a bheith mór a chuir leis an muinín as na torthaí á gcur i dtábhacht.

Ba cheart an méid comhthola ar thángthas air sa mhalartú faisnéise a léiriú trí thuairisciú a dhéanamh ar na dearcaí scoilte bailí ([12]) a chuir comhaltaí na meithle teicniúla in iúl agus ar a mhéid a thacaíonn comhaltaí na meithle teicniúla leo.

Ba cheart tagairt a sholáthar sa roinn seo do thuairim an Fhóraim maidir le hábhar beartaithe BREF agus léiriú ar aon saincheist ba ghá a réiteach le linn an nós imeachta chun conclúidí BAT a ghlacadh.

Ba cheart aon phríomh-shaincheist atá fós gan réiteach nó aon bhearna eolais a shainaithint. Ba cheart moltaí a áireamh le haghaidh tuilleadh taighde nó bailiú faisnéise i bhfianaise an chéad athbhreithnithe eile ar an doiciméad.

2.3.10 **Tagairtí**

Liostaítear sa roinn den BREF dar teideal ‘Tagairtí’ na foinsí faisnéise a úsáideann EU-BRITE chun an doiciméad a dhréachtú agus go háirithe na doiciméid a sholáthraíonn comhaltaí na meithle teicniúla sa mhalartú faisnéise. Ba cheart na doiciméid sin a chur ar fáil freisin do chomhaltaí na meithle teicniúla trí BATIS (féach Roinn 4.7.1), mura bhfuil faisnéis rúnda iontu (féach Roinn 5.3) nó mura bhféadfaí iad a dháileadh a thuilleadh mar thoradh ar chóipcheart.

2.3.11 **Gluais téarmaí agus giorrúchán**

Leis an roinn den BREF dar teideal ‘Gluais téarmaí agus giorrúchán’, ina bhfuil struchtúr caighdeánach agus réamhrá caighdeánach, déantar achoimre agus sainmhíniú ar na téarmaí teicniúla sonracha agus sainmhínítear na hacrainmneacha uile a úsáidtear sa doiciméad.

([12]) Tagraíonn an téarma ‘bailí’ don chur chuige a leagtar amach i Roinn 4.6.1.4.2.

2.3.12 **Iarscríbhinní**

Ar bhonn ábharthacht na hearnála agus ar infhaighteacht faisnéise, féadfar an phríomhchuid den BREF a fhorlíonadh le hiarscríbhinní ina mbeidh faisnéis tacaíochta a tógadh ó litríocht nó ó chás-staidéir.

Níl achoimrí ar an reachtaíocht le háireamh sa BREF.

3 **CAIBIDIL 3: CONCLÚIDÍ BAT**

3.1 **Réamhrá**

Mar a luaitear i Roinn 1.1.1, is é an sainmhíniú atá ar 'chonclúidí BAT' in Airteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, 'doiciméad ina bhfuil codanna de dhoiciméad tagartha BAT lena leagtar síos na conclúidí maidir le BAT agus leis na teicnící atá ag teacht chun cinn, tuairisc orthu, faisnéis maidir lena n-infheidhmeacht a mheasúnú, na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na teicnící sin, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící sin, an t-inneachar a bheidh i gcóras bainistíochta comhshaoil lena n-áirítear tagarmharcanna, an faireachán gaolmhar, na leibhéil tomhaltais ghaolmhara agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin'.

Dá bhrí sin, ní mór caibidil BREF dar teideal 'Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)' a dhréachtú chun gach ceann de na gnéithe thuas a chumhdach agus gur féidir an téacs a úsáid go díreach chun an cinneadh maidir le conclúidí BAT a bhunú agus a ghlacadh de bhun Airteagal 13(5) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Ar mhaithe le soiléireacht, ní mór na gníomhaíochtaí atá faoi réir chonclúidí BAT a shainmhíniú gan débhrí sa doiciméad. Ina theannta sin, ba cheart a lua nach bhfuil liosta na dteicnící a dtugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT saintreorach ná uileghabhálach. Féadfar teicnící eile a úsáid lena n-áirithítear leibhéal coibhéiseach cosanta comhshaoil agus sláinte an duine ar a laghad. Féadfar sainmhínithe earnáilsonracha a áireamh freisin más gá.

Ba cheart roinnt BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn aonair a bheith igconclúidí BAT lena léirítear cén teicníc nó cén meascán teicnící is BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn iad chun cuspóir comhshaoil ar leith a bhaint amach. Tugtar tuairisc ar na teicnící sin sa chaibidil de BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh'.

Féadfaidh na leibhéil astaíochtaí a bhaineann le gach BAT aonair, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le gach BAT aonair nó tagarmharcanna a bheith ag gabháil le gach BAT aonair nó féadfaidh gan iad a bheith ag gabháil leis.

Nuair a mheastar go bhfuil conclúidí BAT úsáideach d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí, is féidir ráitis a bheith iontu freisin lena léirítear nuair nach BAT iad teicnící áirithe agus, dá bhrí sin, go ndearnadh iad a eisiamh d'aon ghnó ó chonclúidí BAT mar thoradh ar thosca amhail drochfheidhmíocht chomhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil neamh-inchreidte, easpa infhaighteachta, gnéithe eacnamaíocha, teicniúla nó eacnamaíocha maidir le hiarfheistiú, éifeachtaí trasmheáin, nó iontaofacht oibríochtúil.

De réir Airteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, le conclúidí BAT ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar fhaireachán a bhaineann le BAT (minicíocht agus modhanna faireacháin). Sonraítear le conclúidí BAT freisin an t-ábhar atá i gcóras bainistithe comhshaoil (féach Roinn 3.4) agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin.

De réir Airteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, féadfaidh teicnící atá ag teacht chun cinn a bheith i gconclúidí BAT freisin, bíodh leibhéil astaíochtaí ghaolmhara nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil ghaolmhara ag gabháil leo nó ná bíodh. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i Roinn 3.5.

De réir Airteagal 3, pointe 9a, agus Airteagal 27 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tá conclúidí BAT le BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn a shainaithint lena gcumasaítear claochlú tionsclaíoch ó bhonn. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i Roinn 3.6.

Le conclúidí BAT, ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhálaí nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí) i gcás ina meastar gur ábhar imní iad sin i ndáil le cosaint an chomhshaoil nó shláinte an duine.

Déantar conclúidí BAT a struchtúrú sa chaoi go ndéantar roinnt BAT aonair a ghrúpáil de réir gnéithe coiteanna, e.g. saincheisteanna comhshaoil, céimeanna próisis táirgthe, nó táirgí críochnaitheacha, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

3.2 Eilimintí in BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn aonair

3.2.1 Faisnéis ghinearálta

Ba cheart gach BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn aonair a chur i láthair agus úsáid á baint as formáid chaighdeánach, a mbraitheann a struchtúr go bunúsach ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann leibhéal astaíochta, leibhéal feidhmíochta comhshaoil nó tagarmharc le BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn.

Ba cheart gach BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn aonair a uimhriú chun tagairt a éascú agus ba cheart tosú le léiriú na gcuspóirí/na dtairbhí comhshaoil atá á saothrú (e.g. astaíochtaí deannaigh a chosc/a laghdú, tomhaltas uisce a chosc/a laghdú, giniúint dramhaíola a chosc/a laghdú) agus 'BAT le' nó 'teicnící atá ag teacht chun cinn le' ina dhiaidh sin agus an teicníc nó an meascán teicnící is féidir a úsáid chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ba cheart tuairisc a bheith i ngach BAT nó teicníc atá ag teacht chun cinn ar na teicnící nó ar an meascán teicnící chun na cuspóirí/na tairbhí comhshaoil dá dtagraítear a chomhlíonadh agus ba cheart faisnéis a bheith iontu chun measúnú a dhéanamh ar a n-infheidhmeacht san earnáil lena mbaineann.

3.2.2 Tuairisc ar theicnící

Ba cheart an tuairisc ar na teicnící a bheith gearr ach faisnéiseach go leor le bheith úsáideach do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí. Ba cheart acrainmneacha neamhshainmhínithe agus béarlagair teicniúil a sheachaint. Leis na tuairiscí gairide ar theicnící a áirítear sa chaibidil den BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' (féach Roinn 2.3.7), ba cheart an bonn a sholáthar le haghaidh na dtuairiscí i gconclúidí BAT.

I gcás inarb ábhartha, ba cheart a chumhdach leis an tuairisc sin freisin gnéithe a luaitear sa sainmhíniú BAT (e.g. cothabháil, dearadh, oibriú, díchoimisiúnú).

3.2.3 Faisnéis chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na dteicnící

Mura luaitear a mhalairt, bíonn na teicnící a luaitear i gconclúidí BAT infheidhme go ginearálta maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann. Ciallaíonn 'infheidhme go ginearálta' go bhfuil na teicnící oiriúnach lena n-úsáid faoi fhormhór na ndálaí agus i gcás fhormhór na suiteálacha san earnáil thionsclaíoch lena mbaineann, cé go bhféadfadh cásanna nó imthosca sonracha a bheith ann ina bhféadfadh sé nach mbeadh cur chun feidhme na dteicnící sin indéanta ná praiticiúil.

I gcás ina bhfuil srianta ar infheidhmeacht maidir le teicníc áirithe, ba cheart é sin a lua go sainráite. Leis an bhfaisnéis a áirítear sa chaibidil den BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' (féach Roinn 2.3.7, go háirithe faisnéis faoi na ceannteidil 'Breithnithe teicniúla atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht', 'Eacnamaíocht' agus 'Éifeachtaí trasmheáin'), ba cheart an bunús a sholáthar chun saincheisteanna infheidhmeachta a léiriú i gconclúidí BAT.

Leis an bhfaisnéis chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na dteicnící, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas go háirithe, más ábhartha: suiteálacha, gléasraí nó próisis 'nua' i gcomparáid le suiteálacha, gléasraí nó próisis 'atá ann cheana', méid na suiteála nó an ghléasra, an cineál próisis a úsáidtear, an cineál breosla nó amhábhair a úsáidtear (agus aird ar leith á tabhairt ar amhábhair chriticiúla), leibhéil tomhaltais, lódfhachtóir, an líon uaireanta oibriúcháin, táirgeacht nó táirgiúlacht, dálaí aeráide agus ceanglais spáis. Níor cheart aon éifeacht trasmheáin a lua mura n-eascraíonn srianta ar infheidhmeacht aisti.

3.3 BAT aonair lena ngabhann na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis nó tagarmharcanna

3.3.1 Faisnéis ghinearálta

Ba cheart leibhéal astaíochta a bhaineann le BAT, leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT nó tagarmharc a áireamh i gcás ina bhfuil bonn fónta ann chun é sin a dhéanamh. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn na faisnéise arna malartú ag an meitheal theicniúil agus cainníocht agus cáilíocht na sonraí suiteáilsonracha, gléasrashonracha agus próiseas-sonracha a fhaightear le linn an mhalartaithe faisnéise á gcur san áireamh.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT agus tagarmharcanna:

— leibhéil éifeachtúlachta acmhainní le haghaidh ábhar, uisce agus fuinnimh;

— leibhéil athúsáide uisce, leibhéil athúsáide agus aisghabhála iarmhar nó athchúrsáil dramhaíola;

— leibhéil giniúna dramhaíola agus sceite fuíolluisce;

— leibhéil eile (e.g. éifeachtúlacht an laghdaithe).

Ba cheart na leibhéil feidhmíochta comhshaoil agus na tagarmharcanna sin a chur i láthair leis na coinníollacha tagartha gaolmhara.

Ba cheart na leibhéil astaíochtaí/na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT agus tagarmharcanna a shloinneadh mar raonta, seachas mar luachanna aonair. D'fhéadfadh raon na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe próisis nó suiteála (e.g. difríochtaí i ngrád/íonacht agus cáilíocht an táirge chríochnaithigh, difríochtaí sa dearadh, difríochtaí sna próisis a chuirtear i bhfeidhm, tógáil, méid agus toilleadh na suiteála) as a dtagann éagsúlachtaí san fheidhmíocht chomhshaoil a bhaintear amach agus BAT á chur i bhfeidhm.

Is fearr fíor-raon a úsáid seachas léiriú ar an gcineál '<*X*', toisc go dtugann sé sin níos lú faisnéise.

Ba cheart do EU-BRITE agus don mheitheal theicniúil measúnú a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear le linn an mhalartaithe faisnéise (féach Caibidil 5) chun an ceann is déine agus an ceann is lú déine den raon a dhíorthú.

Agus na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT á mbunú, féadfar luachanna slánaithe a úsáid chun teorainneacha an bhailithe sonraí nó saincheisteanna teicniúla a chur san áireamh (e.g. modhanna faireacháin éagsúla a úsáid, éiginnteacht tomhas, luaineachtaí sonraí faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin).

3.3.2 **BAT aonair lena ngabhann na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis**

Tá raon uimhriúil leibhéal astaíochtaí in BAT aonair agus na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis (BAT-AELanna). Ní mór na haonaid, na dálaí tagartha (e.g. leibhéal ocsaigine gáis múcháin, teocht, brú) – más infheidhme – agus an tréimhse mheánaithe (e.g. in aghaidh na huaire/in aghaidh an lae/ina aghaidh na seachtaine/ina aghaidh na míosa/ina aghaidh na bliana) a shainmhíniú gan débhrí. Má mheastar go bhfuil gá leis, agus má cheadaíonn na sonraí a cuireadh isteach é sin a dhéanamh, féadfar an raon BAT-AELanna a shloinneadh mar mheáin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha (féach freisin Roinn 5.4.8).

Chun an ceann is déine den raon BAT-AEL a bhunú, is gá feidhmíocht suiteálacha, gléasraí nó próiseas a chuireann BAT i bhfeidhm agus a bhaineann an fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán is fearr amach faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin a ghlacadh, mar a soláthraíodh sa mhalartú faisnéise (caibidil den BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh').

Ba cheart an ceann is déine den raon BAT-AELanna a shainmhíniú go cruinn, agus aird ar leith á tabhairt ar cháilíocht agus ar iontaofacht na sonraí tacaíochta. Ba cheart é a bheith inchainníochtaithe le cruinneas leordhóthanach agus, a mhéid is féidir, ba cheart é a bhaint amach go comhsheasmhach faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin le haghaidh sampla ionadaíoch de shuiteálacha, de ghléasraí nó de phróisis inchomparáide a chuireann BAT i bhfeidhm.

Ba cheart faisnéis a bheith i gconclúidí BAT, a mhéid is féidir, maidir leis na himthosca inar féidir leibhéil astaíochtaí níos ísle laistigh den raon BAT-AEL a bhaint amach le haghaidh catagóirí suiteálacha a bhfuil saintréithe comhchosúla acu. Áirítear an méid seo a leanas leis na himthosca atá le cur san áireamh: cineál an phróisis, saintréithe na n-amhábhar, sonraíochtaí táirgí, dálaí oibriúcháin, teicnící a chuirtear i bhfeidhm, srianta oibríochtúla, éifeachtaí trasmheáin a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is é is aidhm don fhaisnéis maidir leis na himthosca inar féidir leibhéil níos ísle laistigh den raon BAT-AELanna a bhaint amach tacú le cur chun feidhme an raoin sin i gceadanna agus i rialacha ceangailteacha ginearálta. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a sholáthraítear na leibhéil níos ísle dá dtagraítear sna himthosca sin agus ní athraíonn siad an raon BAT-AEL.

Díorthaítear an ceann is lú déine de raon na leibhéal astaíochtaí a bhaineann le BAT agus de raon na leibhéal feidhmíochta comhshaoil tríd an raon feidhmíochta a bhaineann le cur i bhfeidhm BAT ([13]) faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin a mheas.

Is féidir aonad BAT-AEL a shloinneadh ar bhealach amháin nó níos mó ar bhonn an fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear na bealaí a thugtar thíos.

— Mar thiúchain (mais an truailleáin a scaoiltear de réir toirte). Go ginearálta, is é sin an bealach is coitianta chun leibhéil astaíochtaí a léiriú, ach tá dálaí tagartha agus tréimhsí meánaithe ríthábhachtach dá n-inchomparáideacht.

— Mar ualaí sonracha (mais an truailleáin a scaoiltear in aghaidh mhais an táirge a mhonaraítear nó mais an amhábhair a úsáidtear). I gcásanna áirithe, is táscaire feidhmíochta níos fearr iad ualaí sonracha ná tiúchain, mar shampla i gcás ina méadaítear tiúchain truailleán mar thoradh ar bhearta chun toirteanna eisilteacha a laghdú agus chun fuinneamh a chaomhnú, e.g. ciorcaid uisce a dhúnadh. Sa chás sin freisin, tá tréimhsí meánaithe ríthábhachtach don inchomparáideacht.

Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn BAT-AELanna le haghaidh astaíochtaí isteach san uisce do scaoileadh díreach agus indíreach araon.

([13]) Lena n-áirítear an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar an tsuiteáil, an gléasra nó an próiseas a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú.

3.3.3 **BAT aonair lena ngabhann na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis nó tagarmharcanna**

Féadfar BAT-AEPLanna agus tagarmharcanna a shloinneadh ar bhealach amháin nó níos mó, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le leibhéil tomhaltais (e.g. tomhaltas amhábhar, fuinnimh, uisce) agus giniúint dramhaíola, féadfar BAT-AEPLanna agus tagarmharcanna a shloinneadh, mar shampla, in aghaidh mhais an táirge a mhonaraítear nó in aghaidh mhais an amhábhair (e.g. in kg/t, MJ/t, m^3/t).

Go háirithe, i gcás na leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus tagarmharcanna, ba cheart na teorainneacha próisis agus na paraiméadair a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht a chomhaontú agus a shainmhíniú ar bhealach chomh beacht agus is féidir ag an gcruinniú tosaigh chun an inchomparáideacht idir próisis a bhfuil saintréithe comhchosúla acu a uasmhéadú.

Tugtar sampla thíos de BAT aonair lena n-áirítear leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT.

BAT YY. Chun an éifeachtúlacht fuinnimh fhoriomlán a mhéadú, is é an BAT úsáid a bhaint as ceann amháin nó meascán de na teicnící a thugtar thíos.

	Teicníc	Tuairisc	Infheidhmeacht
a	aa	[tuairisc aa]	Infheidhme go ginearálta.
b	bb	[tuairisc bb]	Infheidhme go ginearálta.
c	cc	[tuairisc cc]	Gan bheith infheidhme ach amháin maidir le suiteálacha, gléasraí nó próisis nua agus uasghráduithe móra ar shuiteálacha, gléasraí nó próisis.

Tábla YY: Leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT (BAT-AEPLanna) le haghaidh glantomhaltas fuinnimh sonrach

Próiseas	BAT-AEPL (meán bliantúil)	Aonad
Próiseas 1	X - Y	kWh/t den táirge a mhonaraítear
Próiseas 2	W - Z	

3.4 **Córas bainistithe comhshaoil**

Ceanglaítear ar oibreoirí suiteála córas bainistithe comhshaoil a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus le conclúidí ábhartha BAT. Le córas bainistithe comhshaoil is féidir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil ar bhealach córasach agus inléirithe, arb é is aidhm dó sin feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht suiteála a fheabhsú go leanúnach. D'fhéadfaí a áireamh le feabhsuithe giniúint dramhaíola a chosc, úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú.

I gcomhréir le hAirteagal 3, pointe 12, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, tugtar tuairisc le conclúidí BAT ar ábhar córais bainistithe comhshaoil, lena n-áirítear tagarmharcanna. Áireofar sa chóras bainistithe comhshaoil, atá le bunú agus le cur chun feidhme ag an oibreoir, na heilimintí íosta a liostaítear in Airteagal 14a(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus ní mór dó conclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach sa chóras bainistithe comhshaoil a chomhlíonadh. Go háirithe, tá táscairí sa chóras bainistithe comhshaoil lena gcuirtear san áireamh tagarmharcanna a leagtar amach i gconclúidí BAT (féach Roinn 3.3.3).

Chun tacú le hullmhú agus cur chun feidhme an chórais bainistithe comhshaoil, féadfar gnéithe atá le cumhdach sa chóras bainistithe comhshaoil agus a bhaineann go sonrach leis an earnáil lena mbaineann a chinneadh i gconclúidí BAT.

Mar a luaitear in Airteagal 14a(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ba cheart leibhéal mionsonraithe an chórais bainistithe comhshaoil a bheith comhsheasmhach le cineál, scála agus castacht na suiteálacha lena mbaineann, agus le raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu.

Le linn an mhalartaithe faisnéise, ní mór do EU-BRITE agus don mheitheal theicniúil na sonraí agus an fhaisnéis is gá a bhailiú agus measúnú a dhéanamh orthu chun tagarmharcanna (féach Roinn 3.3.3) agus gnéithe breise atá ábhartha don earnáil a shainiú i gconclúidí BAT.

3.5 Teicnící atá ag teacht chun cinn

Go ginearálta, an méid a dtugtar tuairisc air i Ranna 3.2 agus 3.3 maidir le BAT aonair, tá feidhm aige freisin maidir le teicnící atá ag teacht chun cinn, cé is moite de thagarmharcanna toisc nach mbaineann siad ach le BAT (Airteagal 3, pointe 13b, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha).

Is é an difríocht idir teicnící atá ag teacht chun cinn agus BAT méid a bhforbartha, ós rud é nach bhfuil teicnící atá ag teacht chun cinn forbartha ó thaobh na tráchtála go fóill (féach Roinn 2.3.7.1).

Tá sé fíor-riachtanach teicnící atá ag teacht chun cinn a shainaithint go soiléir mar theicnící atá ag teacht chun cinn i gconclúidí BAT.

3.5.1 Leibhéil astaíochtaí a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn

Mínítear na téarmaí 'teicnící atá ag teacht chun cinn', 'leibhéil astaíochtaí bhainteacha' agus 'leibhéil feidhmíochta comhshaoil bhainteacha' i Roinn 1.1.1. Go ginearálta, déantar leibhéil astaíochtaí a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn a shainiú trí úsáid a bhaint as cur chuige atá cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear le haghaidh BAT-AELanna agus BAT-AEPLanna (féach Roinn 3.3), agus is í an difríocht bhunúsach infhaighteacht níos teoranta sonraí.

De réir sainmhínithe, ní fhorbraítear teicnící atá ag teacht chun cinn ar bhonn tráchtála, rud a chuireann srian mór ar infhaighteacht sonraí chun tacú le leibhéil astaíochtaí nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil a chinneadh. Ní mór don mheitheal theicniúil a mheas an bhfuil na sonraí iontaofa go leor, fiú mura bhfuil ach cúpla figiúr ar fáil ó léiriú fréamhshamhla i dtimpeallacht ábhartha (LUT 6-7 ar a laghad). Ba cheart don mheitheal theicniúil leibhéil astaíochtaí a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn agus leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn fónta a dhíorthú ó na sonraí agus ón bhfaisnéis a bhailítear nó trí úsáid a bhaint as breithiúnas saineolaithe más gá.

Cuirfear faisnéis ó INCITE (féach Roinn 4.4) faoi fheidhmíocht chomhshaoil na teicníce san áireamh nuair a bheidh sí ar fáil.

3.6 Claochlú tionsclaíoch ó bhonn

Is é 'cur chun feidhme teicnící atá ag teacht chun cinn nó BAT ag oibreoirí tionsclaíocha lena mbaineann mórathrú ar dhearadh nó ar theicneolaíocht suiteála ina hiomláine nó cuid di nó suiteáil nua a chur in ionad suiteála atá ann cheana, lenar féidir laghdú an-substaintiúil a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le cuspóir na haeráidneodrachta agus lena ndéantar comhthairbhí comhshaoil a bharrfheabhsú, ar a laghad go dtí na leibhéil is féidir a bhaint amach le teicnící a shainaithnítear sna conclúidí BAT is infheidhme, agus éifeachtaí trasmheáin á gcur san áireamh' an sainmhíniú atá ar 'claochlú tionsclaíoch ó bhonn' in Airteagal 3, pointe 9a, den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go n-áireofaí le conclúidí BAT roinn shonrach lena sainaithnítear na BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn sin lena bhféadfaí claochlú tionsclaíoch ó bhonn a bhaint amach, agus na himthosca ina bhféadfadh claochlú den sórt sin a bheith indéanta.

4 CAIBIDIL 4: MALARTÚ FAISNÉISE

4.1 Réamhrá

Tugtar tuairisc i Roinn 1.2.5 ar na céimeanna éagsúla sa phróiseas chun faisnéis a mhalartú agus chun conclúidí BAT a leagtar amach in Airteagal 13 den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a ghlacadh.

Is minic a thugtar 'próiseas Sevilla' ar an bpróiseas malartaithe faisnéise sin.

Tugtar tuairisc ar róil na bpríomh-rannpháirtithe atá páirteach sa phróiseas sin i Ranna 4.2 agus 4.3.

Tugtar tuairisc i Ranna 4.6, 4.7 agus 4.8 ar gharspriocanna tábhachtacha an phróisis malartaithe faisnéise, na n-uirlisí malartaithe faisnéise agus na saincheisteanna slándála sonraí pearsanta.

4.2 Ról na meithleacha teicniúla

4.2.1 Meithleacha teicniúla a bhunú

Chun BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú, déanann an Coimisiún meitheal theicniúil a chur ar bun (nó a athghníomhachtú). Tá gach meitheal theicniúil comhdhéanta de shaineolaithe teicniúla a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit, ar na tionscail lena mbaineann, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, de shaineolaithe ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus de shaineolaithe ón gCoimisiún.

Ainmnítear comhaltaí na meithle teicniúla chun páirt a ghlacadh sa mhalartú faisnéise go príomha ar bhonn a saineolais theicniúil, eacnamaíoch, comhshaoil nó rialála (go háirithe maidir le suiteálacha tionsclaíocha a cheadú nó cigireacht a dhéanamh orthu) agus ar a gcumas peirspictíocht úsáideoirí deiridh BREF a thabhairt chuig an bpróiseas malartaithe faisnéise.

Is iad na hionadaithe san Fhóram a ainmníonn na saineolaithe do gach meitheal theicniúil. Chuige sin, seolann comhaltaí an Fhóraim ainmneacha agus mionsonraí teagmhála a n-ainmnithe meithle teicniúla chuig EU-BRITE.

Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht rannpháirtíocht na n-earnálacha tionsclaíocha agus na ENRanna a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn i meithleacha teicniúla, féadfaidh na comhlachais Eorpacha ábhartha a n-ainmniú a chomhordú.

Le linn chruinnithe na meithle teicniúla, ní mór do státseirbhíseach nó fostaí poiblí atá i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe a bheith i gceannas ar thoscaireachtaí na mBallstát.

4.2.2 **Freagrachtaí agus cúraimí na meithle teicniúla**

Is é an mheitheal theicniúil an phríomhfhoinse faisnéise chun BREF a tharraingt suas agus a athbhreithniú. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh comhaltaí na meithle teicniúla gníomhach sa mhalartú faisnéise. Trí dhul isteach i meitheal theicniúil, geallann na comhaltaí go ndéanfaidh siad faisnéis a bhailiú agus a sholáthar go gníomhach faoi na sprioc-amanna a chomhaontaigh an mheitheal theicniúil nó a mhol EU-BRITE, agus na rialacha iomaíochta á n-urramú an tráth céanna.

Tá comhaltaí na meithle teicniúla freagrach as tuairisciú ar ais chuig ionadaí an Fhóraim a d'ainmnigh iad, go háirithe nuair a thagann saincheisteanna chun cinn maidir leis an malartú faisnéise.

Is iad seo a leanas na príomhchúraimí atá ar chomhalta de chuid na meithle teicniúla:

1. feasacht agus tuiscint a fháil ar an treoraíocht atá sa doiciméad seo;
2. príomhshonraí agus saincheisteanna nua/nuashonraithe a shainaithint agus a liostú atá ábhartha chun conclúidí BAT don earnáil a dhíorthú nó a thabhairt cothrom le dáta;
3. faisnéis theicniúil agus eacnamaíoch spriocdhírithe a bhailiú go gníomhach atá tábhachtach chun BREF a tharraingt suas/a athbhreithniú, lena n-áirítear go háirithe sonraí nua/nuashonraithe ar leibhéal astaíochtaí agus feidhmíochta comhshaoil ó shuiteálacha a chumhdaítear le BREF (don earnáil/don Bhallstát a ndéanann comhaltaí na meithle teicniúla ionadaíocht orthu), i gcomhréir leis an bpróiseas a chomhaontaigh an mheitheal theicniúil ar bhonn treoraíocht ghinearálta EU-BRITE i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i gCaibidil 5 den doiciméad seo, agus d'fhonn déileáil le saincheisteanna amhail faisnéis rúnda ghnó, faisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta, coinbhleacht leasa agus ábhair ghaolmhara eile;
4. seiceáil a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus na faisnéise a bhailítear sula gcuirtear faoi bhráid EU-BRITE iad, go háirithe iomláine agus comhsheasmhacht na sonraí atá i dteimpléid/ceistneoirí líonta isteach a úsáidtear chun faisnéis a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas a bhailiú (féach Ranna 5.4 agus 5.5);
5. na sonraí a bhailítear a chomhroinnt le comhaltaí eile de chuid na meithle teicniúla agus EU-BRITE tríd an bhfaisnéis a phostáil go díreach ar BATIS (féach Roinn 4.7.1), cé is moite, b'fhéidir, d'fhaisnéis rúnda ghnó nó d'fhaisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta;
6. freagra a thabhairt laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise nó ar shoiléirithe ó EU-BRITE (féach Roinn 1.2.5);
7. trácht a dhéanamh laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos maidir le dréacht-BREFanna agus doiciméid eile arna n-ullmhú ag EU-BRITE;
8. freastal ar chruinnithe na meithle teicniúla agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu;
9. taithí a roinnt le comhaltaí EU-BRITE agus le comhaltaí eile de chuid na meithle teicniúla (e.g. le linn cuairteanna ar an láthair);
10. teagmhálacha/líonraí a shainaithint agus a bhunú le comhaltaí nach comhaltaí na meithle teicniúla iad (e.g. grúpaí saineolaithe, údaráis inniúla, oibreoirí nó grúpaí oibreoirí, grúpaí náisiúnta, soláthraithe teicnící) chun níos mó taithí a fháil a chomhroinnfear leis an gcuid eile den mheitheal theicniúil agus EU-BRITE; chuige sin, féadfaidh comhaltaí na meithle teicniúla 'scáthghrúpaí' a bhunú agus a chomhordú, i.e. grúpaí saineolaithe a bhfuil sé de chúram orthu tacú le comhaltaí na meithle teicniúla faisnéis a bhailiú agus rannchuidithe a ullmhú chun BREFanna a tharraingt suas nó a athbhreithniú;
11. cúraimí nó foghrúpaí sonracha a stiúradh nó a chomhthreorú (féach Roinn 4.2.3) agus tuairisciú ar ais don mheitheal theicniúil.

Is féidir coinne a bheith leis go ndéanfar an chuid is mó den obair do chomhaltaí na meithle teicniúla lasmuigh de chruinnithe na meithle teicniúla maidir le faisnéis a chur isteach agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-tograí téacs. Go háirithe, chun BREF a fhorbairt go rathúil, ní mór don mheitheal theicniúil freagra mionsonraithe a thabhairt ar dhréachtdoiciméid shubstaintiúla laistigh de thréimhse theoranta ama. Cé go bhfuil comhdhearcadh leathan na meithle teicniúla á lorg le linn na hoibre, ní réamhriachtanas é agus tá sé de chúram ar EU-BRITE an fhaisnéis ábhartha atá le fáil sa BREF a léiriú, agus plé na meithle teicniúla á chur san áireamh.

4.2.3 **Foghrúpaí na meithle teicniúla**

Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha laistigh de raon feidhme na hoibre, féadfaidh an mheitheal theicniúil foghrúpaí a bhunú chun tabhairt faoi chúraimí sonracha amhail faisnéis agus sonraí a bhailiú, a anailísiú, a struchtúrú agus a phlé, barúlacha ar dhréacht-téacsanna atá beartaithe a phlé, nó teimpléid nó doiciméid a ullmhú agus a fhorbairt. Déantar feidhmiú na bhfoghrúpaí sin a bhainistiú ar bhealach trédhearcach trí EU-BRITE, lena n-áirithítear sainordú soiléir foghrúpa a tharraingt suas agus lena gcuirtear ar a gcumas do chomhaltaí uile na meithle teicniúla rochtain a bheith acu ar na foghrúpaí agus gníomhaíochtaí na bhfoghrúpaí agus a dtoradh a leanúint agus a thuiscint (e.g. déantar cláir oibre agus miontuairiscí na gcruinnithe agus tuarascálacha a uaslódáil ar BATIS go tráthúil).

Is féidir cruinnithe de chuid fhoghrúpaí na meithle teicniúla a thionól i bhformáid hibrideach (ar an láthair agus ar líne) nó ar líne. Ní ceadmhach plé ná obair sna foghrúpaí teacht in ionad chruinnithe na meithle teicniúla.

4.2.4 **Ról na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán**

Tá ról foirmiúil ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) i ngníomhaíochtaí na meithleacha teicniúla, agus í ag tacú leis an bpróiseas malartaithe faisnéise le linn na céime tús-ualaithe agus na gcéimeanna ina dhiaidh sin, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. ceimiceáin a úsáidtear in earnálacha nó i bpróisis éagsúla a shainaithint, e.g. trí liostaí ábhartha a sholáthar ó bhunachar sonraí ECHA (i.e. sonraí REACH ([14]), CLP ([15]) agus BPR ([16])), go háirithe sa chéim tús-ualaithe de phróiseas tarraingthe suas nó athbhreithnithe BREF, agus tosaíocht a thabhairt do na ceimiceáin sin ar bhonn próifílí guaise/riosca (i ndáil leis an gcomhshaol agus le sláinte an duine) agus ar ghnéithe eile (e.g. toirt/úsáidí/leibhéil astaíochtaí) de réir mar is ábhartha;
2. ionchur a sholáthar maidir le teicnící agus cleachtais earnáilsonracha chun ceimiceáin a bhainistiú agus a úsáid, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear faisnéis maidir le stádas rialála ceimiceán (e.g. aicmiú comhchuibhithe, srian);
3. saineolas a sholáthar maidir le faisnéis faoi cheimiceáin, lena n-áirítear roghanna malartacha níos sábháilte (i gcás ina mbeidh siad ar fáil), i gcaibidlí éagsúla BREF.

4.2.5 **Ról na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**

Mínítear in Aithris 21 de Threoir (AE) 2024/1785 gur cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) rannpháirteach sa mhalartú faisnéise, i gcás ina dtairbheodh an malartú faisnéise de shaineolas EEA.

Tá tairbhe ar leith ag baint le rannpháirtíocht EEA maidir le BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú, toisc gur féidir léi faisnéis a sholáthar faoi astaíochtaí, méideanna táirgeachta nó táscairí feidhmíochta comhshaoil eile (e.g. tomhaltas uisce, fuinnimh, amhábhair) a bhaineann leis na hearnálacha a chumhdaítear le BREF agus a thuairiscítear don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. Ba cheart dó sin bonn eolais a chur faoin bplé ag an gcruinniú tosaigh, agus faoi phlé breise le linn phróiseas athbhreithnithe nó tarraingthe suas BREF, ós rud é go dtuairiscítear faisnéis nua don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha. I dteannta an tsaineolais atá aici ar shonraí astaíochtaí tionsclaíocha, féadfaidh EEA rannchuidiú freisin le malartú faisnéise trína heolas níos leithne.

4.2.6 **Cuairteanna ar an láithreán**

D'fhéadfadh cuairteanna ar an láithreán a bheith ríthábhachtach maidir le faisnéis a bhailiú agus a bhailíochtú chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú. Féadfaidh comhaltaí na meithle teicniúla cuairteanna ar an láithreán a mholadh do EU-BRITE agus do chomhaltaí eile de chuid na meithle teicniúla. Roinntear faisnéis faoi chuairteanna ar an láthair leis an meitheal theicniúil iomlán luath go leor roimh dhátaí na gcuairteanna sa chaoi go mbeidh ionadaithe na n-údarás inniúil áitiúil agus comhaltaí leasmhara na meithle teicniúla in ann a bheith rannpháirteach a mhéid is féidir agus aon choinbhleacht leasa a sheachaint. Ullmhaíonn EU-BRITE tuarascálacha gearra ar chuairteanna den sórt sin ar an láithreán agus cuirtear ar fáil iad don mheitheal theicniúil ina iomláine trí BATIS (féach Roinn 4.7.1).

([14]) Rialachán CE 1907/2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán.
([15]) Rialachán CE 1272/2008 maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.
([16]) Rialachán (AE) 528/2012 maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha.

4.2.7 **Rannpháirtíocht soláthraithe teicníce (e.g. soláthróirí trealaimh) sa mhalartú faisnéise**

Ba cheart cuireadh a thabhairt do 'sholáthraithe teicniúla' (e.g. soláthróirí trealaimh) ar féidir leo sonraí agus faisnéis luachmhar theicniúil agus eacnamaíoch a sholáthar chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú páirt ghníomhach a ghlacadh i malartú faisnéise, go díreach mar chomhaltaí de chuid na meithle teicniúla nó go hindíreach mar shaineolaithe a sholáthraíonn faisnéis do EU-BRITE nó do chomhaltaí eile de chuid na meithle teicniúla.

Ba cheart an téarma 'soláthraithe teicníce' a thuiscint sa chiall is leithne chun teorainneacha eolais an mhalartaithe faisnéise a leathnú. Is é an príomhchritéar maidir lena rannpháirtíocht sa phróiseas malartaithe faisnéise gur cheart an t-eolas/an fhaisnéis theicniúil agus eacnamaíoch ábhartha a bheith acu a d'fhéadfadh a bheith tairbheach don mhalartú faisnéise maidir le BAT, teicnící atá ag teacht chun cinn agus leibhéil ghaolmhara feidhmíochta astaíochtaí/comhshaoil, tagarmharcanna agus faireachán. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, saineolaithe speisialaithe in BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn ar leith. Níor cheart, i bprionsabal, idirghabhálaithe tráchtála (mórdhíoltóirí) a dhíolann trealamh nó seirbhísí le hoibreoirí/úinéirí na suiteálacha ar mhaithe le brabús a dhéanamh, gan tuiscint theicniúil leordhóthanach ar an teicníc ná eolas ar a feidhmíocht oibríochtúil a bheith acu de riachtanas, a áireamh sa téarma 'soláthraithe teicníce'.

Féadfaidh feidhm a bheith ag an eolas/faisnéis theicniúil agus eacnamaíoch atá i seilbh 'soláthraithe teicniúla' maidir le raon leathan gníomhaíochtaí amhail ceapadh, dearadh, ceadúnú, monarú/foirgníocht, soláthar, oibriú, cothabháil, faireachán agus díchoimisiúnú suiteála/gléasra nó cuid de (e.g. próiseas, córas, comhpháirt). Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar ar bhealach neodrach agus níor cheart táirgí tráchtála sonracha ná trádmharcanna sonracha a fhógairt léi.

Ba cheart d'ionadaí cuideachta 'soláthraí teicniúil' atá ainmnithe do mheitheal theicniúil gníomhú *de facto* mar ionadaí ar 'sholáthraithe teicniúla' i gcoitinne nó ar fho-earnáil ar leith (ní hamháin mar ionadaí ar an gcuideachta a fhostaíonn é) chun ionadaíocht iomchuí na hearnála a áirithiú.

Dá bhrí sin, moltar ról a thabhairt d'ionadaithe ó chomhlachais soláthraithe teicníce, nuair is féidir, trína bhféadfadh cuideachtaí aonair faisnéis a sholáthar.

4.3 **Ról EU-BRITE**

Is é ról EU-BRITE malartú faisnéise a chomhordú agus a áirithiú go mbailítear agus go bpróiseáiltear faisnéis i gcomhréir leis an treoraíocht atá sa doiciméad seo chun BREFanna a tharraingt suas nó a athbhreithniú.

I gcás gach BREF, is í foireann eolaíoch EU-BRITE a stiúrann obair na meithle teicniúla a bunaíodh chun na críche sin.

Stiúrann EU-BRITE an obair maidir le BAT a chinneadh, mar a shainítear sa Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, faoi threoir phrionsabail an tsaineolais theicniúil, na trédhearcachta agus na neodrachta. Is éard atá i gceist leis an obair a dhéanann sé fíorú agus anailís neamhspleách a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailítear chun teacht ar chonclúidí BAT.

Má sholáthraíonn comhaltaí na meithle teicniúla faisnéis neamhiomlán nó neamhleor, cuireann EU-BRITE an mheitheal theicniúil ar an eolas faoi sin agus iarrann sé go gcuirfí i gcrích í. Ina theannta sin, déanann EU-BRITE iarracht bearnaí faisnéise a dhúnadh trí shonraí atá in easnamh nó neamhiomlán a lorg go gníomhach (e.g. le linn cuairteanna ar an láithreán – féach Roinn 4.2.6 – nó trí theagmháil a dhéanamh le daoine/institiúidí nach ndéantar ionadaíocht dhíreach orthu sa mheitheal theicniúil). Ina theannta sin, féadfaidh EU-BRITE comhdhálacha teileafóin nó físchomhdhálacha nó cruinnithe/ceardlanna saineolaithe ar líne a eagrú más gá saincheisteanna áirithe a phlé maidir le BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú, go háirithe i gcás saincheisteanna conspóideacha, nua nó casta.

Chun a ról a chomhlíonadh, déanann EU-BRITE na cúraimí seo a leanas go háirithe:

1. páirt ghníomhach a ghlacadh i mbailiú faisnéise agus tacú leis an mbailiú sin agus na BREFanna a dhréachtú;

2. seiceálann/fíoraíonn sé na sonraí/an fhaisnéis a chuirtear isteach agus iarrann sé go gcomhlánófar/go soiléireofar na sonraí/an fhaisnéis ó sholáthraí na sonraí/na faisnéise de réir mar a mheastar a bheith riachtanach;

3. stiúrann sé plé teicniúil i gcruinnithe na meithle teicniúla, i gcruinnithe foghrúpa agus i gceardlanna measúnaithe sonraí agus déanann sé cathaoirleacht ar na cruinnithe sin (féach freisin Ranna 4.6.1 agus 4.2.3);

4. bainistiú foriomlán uirlis chomhoibríoch BATIS a áirithiú (féach Roinn 4.7.1) chun trédhearcacht an mhalartaithe faisnéise a áirithiú;

5. cuireann sé na dréachtaí críochnaitheacha de BREFanna i láthair ag cruinnithe an Fhóraim (féach Roinn 1.3).

Luaitear cúraimí eile a dhéanann EU-BRITE i gcodanna eile den doiciméad seo, go háirithe Roinn 4.5.

Tá coinne leis go mbeidh tuiscint an-mhaith ag baill foirne EU-BRITE atá i gceannas ar an malartú faisnéise maidir le BREF sonrach ar innealtóireacht próisis, saincheisteanna comhshaoil, rialacháin tionscail, próisis cheadaithe comhshaoil, beartas comhshaoil san Aontas agus eolas agus tuiscint ar leith ar an earnáil thionsclaíoch ábhartha.

Is iad na príomhscileanna atá ag teastáil eolas teicniúil, scileanna eagrúcháin, scileanna cumarsáide, scileanna dréachtaithe, neodracht, ionracas agus an cumas doiciméid theicniúla a oibriú agus a scríobh i mBéarla.

4.4 Ról an Lárionaid Nuálaíochta um Chlaochlú Tionsclaíoch agus um Astaíochtaí Tionsclaíocha

I gcomhréir le hAirteagal 27a(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, bailíonn an Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú agus um Astaíochtaí Tionsclaíocha (INCITE) faisnéis agus déanann sé anailís ar theicnící nuálacha, a chuireann, i measc nithe eile, le truailliú a íoslaghdú, dícharbónú, éifeachtúlacht acmhainní agus geilleagar ciorclach ina n-úsáidtear níos lú ceimiceán nó ceimiceáin atá níos sábháilte. Baineann an fhaisnéis sin le feidhmíocht chomhshaoil na dteicnící, lena leibhéal forbartha, agus le faisnéis ábhartha eile, e.g. maidir le sonraí eacnamaíocha, srianta infheidhmeachta a d'fhéadfadh a bheith ann, breithnithe trasmheáin. Cuimsíonn teicnící nuálacha na teicnící sin atá forbartha ó thaobh na tráchtála cheana féin agus na teicnící sin atá fós á bhforbairt. Áirítear leis sin teicnící atá ag teacht chun cinn lena gcumasaítear claochlú tionsclaíoch ó bhonn.

Cuireadh INCITE ar bun chun na críche sin agus tá sé freagrach as ardán faisnéise domhanda atá ar fáil go poiblí a choinneáil ar bun lenar féidir sruth leanúnach faisnéise maidir le teicnící nuálacha a bhailiú ([17]). Leis an ardán sin, is féidir suiteálacha, gléasraí nó próisis taispeána agus cheannródaíocha a mhapáil freisin.

Téann INCITE i dteagmháil go díreach leis na príomhpháirtithe leasmhara uile a shonraítear in Airteagal 27a(3) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha chun cur isteach faisnéise a spreagadh go díreach i bhfoirm scríofa nó tríd an ardán faisnéise. Cuidíonn na páirtithe leasmhara sin leINCITE sonraí a bhailiú maidir le teicnící nuálacha agus áirítear leo soláthraithe teicnící, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, comhlachais tionscail, institiúidí taighde agus ionadaithe na mBallstát.

Is é ról INCITE an fhaisnéis uile a fhaightear a bhailiú, anailís a dhéanamh uirthi agus na torthaí a fhoilsiú i dtuarascálacha tráthrialta ar cheart d'Fhóram Airteagal 13, mar shampla, a úsáid chun a thuairim a thabhairt maidir leis an gclár oibre chun faisnéis a mhalartú i bpróiseas BREF.

Úsáideann an mheitheal theicniúil torthaí INCITE chun a mheasúnú ar na teicnící nuálacha atá le cur san áireamh i raon feidhme BREF a threorú, chun BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn agus leibhéil nó tagarmharcanna gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann sa BREF agus i gconclúidí BAT a chinneadh. Cuirtear san áireamh leis an measúnú sin méid a bhforbartha, a dtairbhí comhshaoil agus a gcost-éifeachtúlacht. I gcás na dteicnící nuálacha a roghnaíodh, tá bailiú sonraí le déanamh le linn thréimhse tarraingthe suas nó athbhreithnithe BREF trí úsáid a bhaint as suiteálacha tionsclaíocha ábhartha, lena n-áirítear suiteálacha ceannródaíocha. D'fhéadfadh faisnéis atá ar fáil do INCITE le haghaidh earnálacha eile atá nasctha le teicnící nuálacha a bheith úsáideach freisin don mheitheal theicniúil gníomhach.

De bhun Airteagal 27a(4) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, leagfar amach na socruithe mionsonraithe oibre do INCITE i ngníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

4.5 Gníomhaíochtaí ullmhúcháin don mhalartú faisnéise

4.5.1 Tús-ualú luath

Tosaíonn an chéim tús-ualaithe luaith le tarraingt suas chlár oibre BREF agus críochnaíonn sí le gníomhachtú nó athghníomhachtú na meithle teicniúla (féach Roinn 4.5.2).

A luaithe a shaineofar clár oibre BREF, iarrfar ar chomhaltaí Fhóram Airteagal 13 (féach Roinn 1.3) faisnéis a sholáthar a bheidh úsáideach chun gach BREF a áirítear sa chlár oibre a fhorbairt/a athbhreithniú, roimh thús an mhalartaithe faisnéise. Cuirfidh comhaltaí an Fhóraim an fhaisnéis sin ar fáil i bhfillteáin shonracha ar BATIS (féach Roinn 4.7.1).

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis an bhfaisnéis sin:

(i) an raon feidhme;

(ii) na próisis a cuireadh i gcrích;

(iii) na teicnící a cuireadh i bhfeidhm;

([17]) Ardán faisnéise INCITE chun faisnéis a chur isteach maidir le teicnící nuálacha.

(iv) príomh-shaincheisteanna comhshaoil (féach Roinn 4.6.1.2.1);

(v) ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme chonclúidí BAT atá ann cheana (más ábhartha);

(vi) faisnéis faoi astaíochtaí a chuirtear ar fáil go poiblí faoi Airteagal 24(3)(b) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha;

(vii) faisnéis ón Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha; agus

(viii) aon saincheist a bhaineann go sonrach leis na hearnálacha lena mbaineann.

Ní fhágann sé sin nach féidir an fhaisnéis sin a sholáthar ar BATIS ná ar INCITE (féach Roinn 4.4) aon tráth eile, go neamhspleách ar athbhreithniú BREF.

Cuideoidh an fhaisnéis sin le EU-BRITE an mheitheal theicniúil a ghníomhachtú nó a athghníomhachtú agus ionchur tosaigh a iarraidh. Déanfaidh sé sin an chéim tús-ualaithe a bharrfheabhsú agus a fad a ghiorrú (féach Roinn 4.5.2).

4.5.2 **Tús-ualú**

Agus BREF á tharraingt suas nó á athbhreithniú, tráth a ghníomhachtófar nó a athghníomhachtófar an mheitheal theicniúil, iarrfar ar chomhaltaí an Fhóraim a n-ionadaí nó a n-ionadaithe sa mheitheal theicniúil a ainmniú. In éineacht leis an litir ghníomhachtúcháin/athghníomhachtúcháin, nó i ndiaidh an litir a sheoladh, seolfaidh EU-BRITE iarraidh ar 'ionchur tosaigh' nó ar 'iarraidh tús-ualaithe' (e.g. suirbhé). Úsáidfear an fhaisnéis sin chun an plé a eagrú agus a struchtúrú ag an gcruinniú tosaigh (féach Roinn 4.6.1.2).

Sa 'ghlao ar ionchur tosaigh' nó san 'iarraidh tús-ualaithe' tá tograí agus iarrataí ar fhaisnéis maidir leis na hábhair a mheastar a phléifear ag an gcruinniú tosaigh. Is iondúil go n-áirítear an méid seo a leanas ar na hábhair sin:

— raon feidhme an BREF;

— na príomh-shaincheisteanna comhshaoil don earnáil thionsclaíoch lena mbaineann (e.g. i dtéarmaí astaíochtaí isteach san aer, san uisce agus san ithir, úsáid uisce agus tomhaltas fuinnimh, giniúint dramhaíola, an geilleagar ciorclach, dícharbónú, úsáid ceimiceán), féach Roinn 4.6.1.2.1; in athbhreithniú ar BREF atá ann cheana, ba cheart a áireamh leis sin ar a laghad na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a sainaithníodh cheana sa BREF atá ann cheana;

— cineál agus formáid na sonraí a bhaineann go sonrach leis an ngléasra nó leis an tsuiteáil ba cheart a bhailiú;

— an nós imeachta maidir le sonraí agus faisnéis a bhailiú;

— struchtúr an BREF.

In athbhreithniú BREF, féadfaidh an iarraidh cur freisin leis an bhfaisnéis atá le fáil sa chaibidil ar 'Bharúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo', atá le fáil sa BREF atá ann cheana.

Go ginearálta, ba cheart do EU-BRITE tograí soiléire a chruthú le réasúnaíocht ábhartha i ndáil leis na hábhair a luaitear thuas. Nuair a bhíonn amhras ann faoi roinnt saincheisteanna, ba cheart ceisteanna soiléire (iarrataí) a chur chun na tograí a shoiléiriú.

Thairis sin, d'fhéadfaí iarrataí ar fhaisnéis maidir leis an méid seo a leanas a áireamh leis an 'nglao ar ionchur tosaigh' nó leis an 'iarraidh tús-ualaithe':

— faisnéis ghinearálta faoin earnáil lena mbaineann, e.g. líon agus méid na suiteálacha gaolmhara;

— forléargas ar na príomhphróisis/na gnáthphróisis a úsáidtear san earnáil;

— forbhreathnú ar na teicnící a úsáidtear chun ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine agus le haghaidh an chomhshaoil ina iomláine a bhaint amach; d'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm ag na teicnící sin astaíochtaí a chosc agus a laghdú, giniúint dramhaíola a chosc, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, agus an geilleagar ciorclach agus dícharbónú a chur chun cinn;

— teicnící atá ann cheana agus teicnící nua le cur san áireamh agus BAT á gcinneadh chomh maith le teicnící atá ag teacht chun cinn agus próisis nua, a mbeadh tairbhí comhshaoil nó eacnamaíocha don earnáil ag baint lena gcur chun feidhme;

— feabhas a chur ar theicnící agus ar phróisis atá ann cheana maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó maidir le gnéithe eacnamaíocha, amhail ceimiceáin níos sábháilte a úsáid; féadfar faisnéis a sholáthar freisin maidir le teicnící atá imithe i léig.

4.6 **Garspriocanna sa mhalartú faisnéise**

4.6.1 **Cruinniú den mheitheal theicniúil**

4.6.1.1 **Faisnéis ghinearálta**

Is é EU-BRITE a eagraíonn agus a dhéanann cathaoirleacht ar chruinnithe na meithleacha teicniúla agus is fearr iad a thionól i bhformáid hibrideach (ar an láthair agus ar líne). Is é an Béarla an teanga oibre a úsáidtear sna cruinnithe sin. Tacaítear leis na cruinnithe tosaigh agus críochnaitheacha araon le páipéar cúlra arna ullmhú ag EU-BRITE lena leagtar síos na saincheisteanna atá beartaithe lena bplé agus a sheoltar roimh an gcruinniú chuig comhaltaí uile na meithle teicniúla (féach Ranna 1.2.5, 4.6.1.2 agus 4.6.1.4).

4.6.1.2 **Cruinniú tosaigh**

Ba cheart an páipéar cúlra a bheith ina bhonn chun an plé a eagrú agus a struchtúrú ag an gcruinniú tosaigh. Ba cheart an fhaisnéis a bhailítear sna céimeanna tús-ualaithe luaith (féach Roinn 4.5.1) agus tús-ualaithe (féach Roinn 4.5.2) a chur san áireamh sa pháipéar cúlra agus ba cheart é a dháileadh ar an meitheal theicniúil 4 seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú.

Ba cheart aghaidh a thabhairt sa chruinniú tosaigh go háirithe ar na nithe seo a leanas agus teacht ar chonclúidí ina leith.

1. Raon feidhme agus struchtúr an BREF.
2. Príomh-shaincheisteanna comhshaoil na hearnála gaolmhaire (Féach Roinn 4.6.1.2.1).
3. Cineál agus méid na faisnéise atá le bailiú le linn fhorbairt nó athbhreithniú an BREF.
4. Próiseas lenar féidir leis an meitheal theicniúil na nithe seo a leanas a shainaithint i gcás inarb ábhartha agus a shoiléiriú sa BREF:
    i. cad iad na dálaí oibriúcháin a mheastar a bheith ina ngnáthdhálaí agus ina ndálaí nach gnáthdhálaí iad le haghaidh na ngníomhaíochtaí faoi raon feidhme an BREF;
    ii. cad iad na bearta atá ann chun truailliú a chosc nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun truailliú a laghdú faoi dhálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe nó múchta, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí; féach freisin Roinn 2.3.7).
5. Amlíne ghinearálta don obair, ar bhonn an ghnáthshreabhaidh oibre a léirítear i Roinn 1.2.5, go háirithe maidir leis an sprioc-am chun an bhulcfhaisnéis a fháil tar éis an chruinnithe tosaigh.
6. Na cúraimí sonracha a bheidh le déanamh ag an meitheal theicniúil, lena n-áirítear aon fhoghrúpa de chuid na meithle teicniúla, más ábhartha (féach Roinn 4.2.3), lena léirítear go háirithe cén comhalta den mheitheal theicniúil a gheall an fhaisnéis a sholáthar.
7. Leis an gcruinniú tosaigh, ba cheart an deis a sholáthar freisin comhaltaí na meithle teicniúla a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna nach mór déileáil leo go comhsheasmhach i measc BREFanna, go háirithe an méid seo a leanas:
    i. Bealaí chun déileáil le faisnéis ghnó a d'fhéadfadh a bheith rúnda agus le faisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta, coinbhleachtaí leasa agus ábhair ghaolmhara (féach Roinn 5.3).
    ii. Na hidirghníomhaíochtaí le BREFanna eile.
    iii. Na huirlisí sonracha a úsáidfidh an mheitheal theicniúil chun faisnéis a bhailiú, a mhalartú agus a anailísiú. Go háirithe, cuirfear BATIS (féach Roinn 4.7.1) faoi bhráid na meithle teicniúla chomh maith leis na nósanna imeachta chun faisnéis a shainaithnítear ag an gcruinniú tosaigh a chur isteach.

Scaipeadh conclúidí an chruinnithe tosaigh agus tuarascáil an chruinnithe ina dhiaidh sin. Cuirtear tuarascáil an chruinnithe ar fáil go poiblí.

4.6.1.2.1 **Na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a shainaithint**

Chun próiseas éifeachtach éifeachtúil a éascú, díríonn forbairt BREF ar na príomh-shaincheisteanna comhshaoil nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa mhalartú faisnéise agus i gconclúidí BAT. Is féidir baint a bheith ag príomh-shaincheisteanna comhshaoil, mar shampla, le hastú truailleáin ar leith, giniúint dramhaíola nó éifeachtúlacht acmhainní amhail éifeachtúlacht uisce, éifeachtúlacht fuinnimh.

Tuigtear gur saincheist chomhshaoil í príomh-shaincheist chomhshaoil a mheastar a bheith tábhachtach go leor i gcomhthéacs BREF áirithe chun údar a thabhairt le bailiú faisnéise trí cheistneoirí a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas agus, más gá, mar bhulcfhaisnéis. Is é is aidhm do bhailiú na faisnéise sin BAT agus, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, BAT-AELanna, BAT-AEPLanna nó tagarmharcanna a dhíorthú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Is é is aidhm do BREF aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ábhartha ar an leibhéal Eorpach agus ní féidir aghaidh a thabhairt leis ar na saincheisteanna áitiúla uile ar fud an Aontais. Ba cheart don phrionsabal sin an mheitheal theicniúil a threorú freisin maidir leis na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a shainaithint. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh saincheist nach sainaithnítear mar phríomh-shaincheist chomhshaoil chun BREF a fhorbairt (agus dá bhrí sin nach bhfuil aon BAT-AEL/BAT-AEPL/tagarmharc socraithe ina leith) a bheith tábhachtach fós ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó suiteála agus d'fhéadfadh sé gur ghá do na húdaráis inniúla aghaidh a thabhairt uirthi ([18]).

Ba cheart na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a shainaithint ag an gcéim is luaithe is féidir den phróiseas malartaithe faisnéise. Ba cheart comhthoil leathan na meithle teicniúla maidir leis na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a lorg ag an gcruinniú tosaigh agus ba cheart é sin a bheith ina bhonn chun ceistneoir mionsonraithe a fhorbairt d'fhonn na sonraí agus an fhaisnéis chomhthéacsúil is gá a bhailiú chun conclúidí BAT a chinneadh. Féadfaidh an mheitheal theicniúil saincheisteanna comhshaoil breise a áireamh sa bhailiú sonraí agus measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht don earnáil ag céim níos déanaí. Ba cheart argóintí láidre a bheith ann chun tacú le cuimsiú na sonraí breise sin agus é á áirithiú nach gcruthódh an measúnú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin ualach oibre díréireach le haghaidh na meithle teicniúla.

Cuirtear critéir agus foinsí faisnéise amhail na cinn seo a leanas san áireamh agus na príomh-shaincheisteanna comhshaoil á sainaithint:

— ábharthacht an truaillithe arb í an ghníomhaíocht nó an próiseas is cúis leis chomh maith le tionchair eile a d'fhéadfadh a bheith aige ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ina iomláine (e.g. tionchair ar acmhainní, giniúint dramhaíola);

— tábhacht na gníomhaíochta (an líon suiteálacha a bhfuil tionchar ag an bpríomhshaincheist chomhshaoil orthu, raon geografach, rannchuidiú le hastaíochtaí (tionsclaíocha) iomlána san Aontas);

— an fhéidearthacht teicnící nua nó breise a shainaithint lena laghdófaí truailliú a thuilleadh;

— an acmhainneacht BAT-AELanna, BAT-AEPLanna nó tagarmharcanna a shocrú lena gcuirfí feabhas ar an leibhéal cosanta comhshaoil i gcomparáid leis na leibhéil astaíochtaí atá ann faoi láthair;

— faisnéis ó cheadanna comhshaoil, torthaí faireacháin ar astaíochtaí mar a leagtar amach in Airteagal 24(3), pointe (b), den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus faisnéis ón Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha;

— cuspóirí/tosaíochtaí ginearálta gaolmhara an Aontais.

D'fhéadfadh sé nach leor na critéir thuas chun ceimiceáin ghuaiseacha nó truailleáin atá ag teacht chun cinn a úsáidtear nó a astaítear in earnáil a shainaithint, mar shampla, mar thoradh ar infhaighteacht theoranta sonraí faireacháin. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh agus na príomh-shaincheisteanna comhshaoil á sainaithint:

— sainaithint chórasach ceimiceán/truailleán atá ag teacht chun cinn, e.g. fardal de na príomhcheimiceáin a úsáidtear i bpróisis táirgthe in earnáil agus faisnéis maidir lena gconairí astaíochtaí agus a scaoileadh a bhfuil coinne leis ([19]);

— an toradh a bhí ar chleachtadh tús-ualaithe tiomnaithe gaolmhar ina raibh saineolaithe ceimiceacha páirteach;

— faisnéis arna soláthar ag ECHA;

— faisnéis arna soláthar ag INCITE.

I gcásanna ina bhfuil teorainn leis na sonraí atá ar fáil, féadfaidh an mheitheal theicniúil breithniú a dhéanamh ar chonclúidí sonracha BAT maidir le faireachán sa BREF a áireamh, chun a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil le haghaidh athbhreithnithe BREF amach anseo.

Maidir le hathbhreithniú BREF, meastar go ginearálta go leanfaidh na príomh-shaincheisteanna comhshaoil a sainaithníodh roimhe seo le conclúidí BAT atá ann cheana de bheith ábhartha. Ba cheart réasúnaíocht fhónta a bheith ina taca le príomh-shaincheist chomhshaoil atá ann cheana a eisiamh nó ceann nua a chur isteach le linn athbhreithniú BREF.

([18]) Féach Airteagal 14(1)(a) den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Cás C-626/22, mír 122.

([19]) Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach tuarascáil 'HAZBREF' (Hazardous industrial chemicals in the IED BREFs - Interreg Baltic Sea Region [Ceimiceáin thionsclaíocha ghuaiseacha in BREFanna na Treorach athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha - Réigiún Mhuir Bhailt Interreg]).

4.6.1.3 **Cruinnithe eatramhacha na meithle teicniúla**

Más gá, is féidir cruinnithe eatramhacha na meithle teicniúla a eagrú roimh an gcruinniú críochnaitheach chun a chur ar a chumas don mheitheal theicniúil teacht ar chonclúidí maidir le gnéithe ríthábhachtacha chun an BREF a fhorbairt, mar shampla, príomh-shaincheisteanna comhshaoil, raon feidhme nó gnéithe chonclúidí BAT atá beartaithe, agus ar an gcaoi sin clár oibre an chruinnithe chríochnaithigh a éascú. I ngach cás, ní mór a shoiléiriú roimh chruinnithe eatramhacha go dtiocfar ar chonclúidí agus cé na hábhair a dtiocfar ar conclúidí maidir leo. Déantar doiciméid na gcruinnithe a dháileadh ar an meitheal theicniúil 3 seachtaine ar a laghad roimh na cruinnithe agus déantar conclúidí na meithle teicniúla ar thángthas orthu ag na cruinnithe a thaifeadadh go cuí (e.g. i 'gconclúidí an chruinnithe'). Féadfar tuairimí scoilte (féach Roinn 4.6.1.4.2) a chur in iúl freisin le linn na gcruinnithe sin.

4.6.1.4 **Cruinniú críochnaitheach**

4.6.1.4.1 **Faisnéis ghinearálta**

Is é is aidhm don chruinniú críochnaitheach saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach d'fhonn an plé teicniúil laistigh den mheitheal theicniúil a thabhairt chun críche.

Leis an gcruinniú sin ba cheart aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar na hítimí a liostaítear thíos agus ba cheart teacht ar chonclúidí ina leith:

1. ábhar agus struchtúr chonclúidí BAT (féach Caibidil 3);
2. aon mhodhnú atá le déanamh ar ábhar chaibidlí BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' (féach Roinn 2.3.7);
3. saincheisteanna atá le lua sa roinn den BREF dar teideal 'Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo' (féach Roinn 2.3.9).

Ní mór na príomh-shaincheisteanna a bheidh le plé ag an gcruinniú críochnaitheach agus na tograí ó EU-BRITE a leagan amach i bpáipéar cúlra mionsonraithe.

Ba cheart an páipéar cúlra a dháileadh ar an meitheal theicniúil 6 seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú. I gcás ina raibh cruinnithe eatramhacha ann cheana féin roimh an gcruinniú críochnaithe agus inar comhaontaíodh gnéithe ríthábhachtacha d'fhorbairt BREF cheana féin, ba cheart an páipéar cúlra a dháileadh 4 seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú.

Ní mór measúnú ar na barúlacha móra a fuarthas a bheith sa pháipéar cúlra ar a laghad (féach Roinn 0). Ní mór do EU-BRITE an leagan is déanaí ar a laghad de chaibidlí BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' (féach Roinn 2.3.7) agus 'Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)' (féach Roinn 2.3.8) a sholáthar don mheitheal theicniúil freisin, mar aon le tiomsú graf nó uirlis léirshamhlaithe sonraí chun tacú leis an bplé le linn an chruinnithe chríochnaithigh.

Ag an gcruinniú críochnaitheach, is é an cuspóir atá ann teacht ar chonclúidí trí chomhthoil leathan i measc chomhaltaí na meithle teicniúla atá i láthair. Mar sin féin, ní réamhriachtanas é comhthoil agus i gcás ina bhfuil dearcaí scoilte ann, ba cheart iad sin a thaifeadadh mar a léirítear i Roinn 4.6.1.4.2 thíos.

4.6.1.4.2 **Tuairimí scoilte**

Ba cheart do EU-BRITE BAT chomh maith le leibhéil astaíochtaí agus leibhéil feidhmíochta comhshaoil (féach Roinn 3.3) a bhaineann le BAT a dhréachtú ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil tráth a dháilfear an dréacht ar an meitheal theicniúil dá cruinniú críochnaitheach (féach Roinn 4.6.1.4). Féadfar a áireamh leis an bhfaisnéis sin aon togra sonrach maidir le BAT nó leibhéil ghaolmhara astaíochtaí, leibhéil feidhmíochta comhshaoil nó tagarmharcanna a fhaightear ón meitheal theicniúil.

Tá coinne leis go soláthróidh comhaltaí na chuid na meithle teicniúla argóintí fónta teicniúla agus eacnamaíocha de réir mar is ábhartha dá gcás nuair nach n-aontaíonn siad le dréacht-chonclúidí BAT. Ba cheart argóintí den sórt sin a chur isteach ar dtús mar bharúlacha ar dhréacht-BREF laistigh den tréimhse chomhairliúcháin a leagtar síos (féach Roinn 1.2.5).

Mura dtagann an mheitheal theicniúil ar chomhaontú sa deireadh maidir le saincheist, níor cheart na dearcaí scoilte agus a réasúnaíocht a thuairisciú sa roinn 'Barúlacha deiridh agus Moltaí maidir leis an Obair a Bheidh Ann Amach Anseo' den BREF ach amháin má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

1. Tá an dearcadh deighilte bunaithe ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin don mheitheal theicniúil tráth a dréachtaíodh na conclúidí maidir le BAT don BREF nó a soláthraíodh laistigh den tréimhse barúlacha a chomhfhreagraíonn do dhréacht den sórt sin.
2. Is iad comhaltaí de chuid na meithle teicniúla lena mbaineann a sholáthraíonn réasúnaíocht bhailí a thacaíonn leis an dearcadh deighilte, le tacaíocht ó shonraí teicniúla nó eacnamaíocha iomchuí.

Ní mór dearcadh scoilte a chur in iúl le linn an phlé ábhartha ag an gcruinniú críochnaitheach nó ag cruinnithe eile den mheitheal theicniúil ina dtagtar ar chonclúidí (féach Roinn 4.6.1.3) agus ní mór í a dheimhniú i scríbhinn ina dhiaidh sin, mar aon le míniú ar a réasúnaíocht.

Ba cheart na Ballstáit, ENRanna a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn nó comhlachais tionscail a chuireann an dearcadh scoilte chun cinn nó a thacaíonn léi a ainmniú go soiléir sa doiciméad (féach Roinn 2.3.9).

4.6.2 **An ceistneoir maidir le bailiú sonraí a fhorbairt**

Bailítear sonraí agus faisnéis chomhthéacsúil a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas trí úsáid a bhaint as ceistneoir earnáilsonrach arna ullmhú ag EU-BRITE. Tá sé beartaithe leis an gceistneoir faisnéis a bhailiú maidir le feidhmíocht teicníce chun í a mheas agus BAT nó teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh. A mhéid is féidir, dréachtaíonn EU-BRITE an ceistneoir ar bhealach soláimhsithe sa chaoi gur féidir le hoibreoirí é a thuiscint go héasca.

Ba cheart an ceistneoir agus an próiseas bailithe sonraí a dhearadh chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú trí bheith soláimhsithe, éifeachtúil agus oiriúnach do chur i gcrích comhoibríoch laistigh de chuideachtaí. Ba cheart go dtacódh tuilleadh feabhsuithe tríd an digiteáil (e.g. nósanna imeachta comhtháite QA/QC, réimsí sonraí réamhlíonta agus feidhmiúlachtaí digiteacha eile) leis na cuspóirí sin. Ba cheart an ceistneoir a bheith solúbtha go leor chun freastal ar nuashonruithe sonraí comhlántacha spriocdhírithe.

Dréachtaíonn EU-BRITE an chéad cheistneoir agus comhroinneann sé é leis an meitheal theicniúil don chéad bhabhta barúlacha. Is féidir é sin a dhéanamh ag an gcruinniú tosaigh má tá an tús-ualú curtha chun cinn go leordhóthanach; murach sin, ba cheart é a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Ar bhonn bharúlacha na meithle teicniúla, déanann EU-BRITE an ceistneoir a mhionchoigeartú le cabhair ón meitheal theicniúil. D'fhéadfadh dréacht idirmheánach amháin nó níos mó a bheith ann, ar bhonn barúlacha agus aiseolas na meithle teicniúla. Comhaontaítear an ceistneoir críochnaitheach ansin, mar shampla, i gceardlann thiomnaithe de chuid na meithle teicniúla.

A luaithe a thiocfaidh an mheitheal theicniúil ar chomhaontú maidir le hábhar agus formáid an cheistneora, féadfar a iarraidh ar roinnt oibreoirí tionsclaíocha arna sainaithint ag an meitheal theicniúil é a thástáil sula gcuirfear tús go hoifigiúil leis an mbailiú sonraí. Déantar é sin chun a áirithiú go n-oireann an ceistneoir do ghnéithe sonracha na suiteálacha, na ngléasraí nó na bpróiseas.

4.6.3 **Sonraí agus faisnéis a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu**

4.6.3.1 **Sonraí agus faisnéis a bhailiú**

Áirítear le bailiú sonraí agus faisnéise faisnéis ghinearálta ('bulcfhaisnéis') faoin earnáil agus sonraí a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas agus faisnéis chomhthéacsúil araon.

Is iad seo a leanas na gnáthchéimeanna don tsuiteáil, na sonraí a bhaineann go sonrach le gléasra agus próiseas ar leith agus bailiú faisnéise comhthéacsúla:

— Sainaithníonn comhaltaí de chuid na meithle teicniúla (Ballstáit de ghnáth, le tacaíocht ón tionscal b'fhéidir) roinnt suiteálacha nó gléasraí a fheidhmíonn go maith agus dáileann siad an ceistneoir ar na hoibreoirí. Is é is aidhm do liosta na suiteálacha nó na ngléasraí a fheidhmíonn go maith ionadaíochas na hearnála agus cáilíocht/stóinseacht na sonraí a uasmhéadú. D'fhéadfadh sé nach n-éireodh chomh maith céanna le suiteálacha nó gléasraí a fheidhmíonn go maith maidir leis na meáin chomhshaoil uile.

— Líonann na hoibreoirí na ceistneoirí isteach (b'fhéidir le tacaíocht ó ionadaithe na mBallstát nó ón tionscal).

— Seiceálann ionadaithe agus údaráis inniúla na mBallstát na ceistneoirí a líontar isteach maidir le hiomláine agus comhsheasmhacht. Féadfaidh EU-BRITE seicliostaí a sholáthar chun an nós imeachta sin a éascú.

— Cuireann údaráis inniúla na mBallstát na ceistneoirí comhlánaithe ar ais.

— I gcás faisnéis rúnda, féach Roinn 5.3.

A mhéid a bhaineann le 'bulcfhaisnéis' a gealladh nó a sainaithníodh i gconclúidí an chruinnithe tosaigh, déanann an mheitheal theicniúil í sin a phostáil go díreach ar BATIS.

4.6.3.2 **Anailís sonraí agus faisnéise**

Taispeántar na sonraí agus an fhaisnéis thiomsaithe agus déantar anailís orthu trí úsáid a bhaint as ardán faisnéise gnó agus anailísíochta amhairc chun sonraí a aimsiú.

Cuirtear tacar amharcléirithe ábhartha (e.g. graif, táblaí, liostaí, léarscáileanna, luachanna ríofa, faisnéis chomhthéacsúil), ar a dtugtar bileog, ar fáil don mheitheal theicniúil tríd an uirlis léirshamhlaithe sonraí. Déantar na bileoga éagsúla a ghrúpáil le chéile i bhfeidhmchlár gaolmhar. Comhroinntear an feidhmchlár, nuair a chruthaítear é, leis an meitheal theicniúil iomlán agus is féidir é a úsáid chun anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis, chomh maith le doiciméid ábhartha eile a chomhroinntear ar BATIS (féach Roinn 4.7.1). Má tá faisnéis rúnda ann, tabharfar rochtain d'ionadaithe na mBallstát sa mheitheal theicniúil tar éis comhaontú um neamhnochtadh a shíniú (féach Roinn 5.3).

4.6.3.3 **Ceardlanna measúnaithe sonraí**

Ba cheart dhá cheardlann measúnaithe sonraí ar a laghad a reáchtáil le linn phróiseas tarraingthe suas/athbhreithnithe an BREF: eisítear ceardlann measúnaithe sonraí amháin roimh an gcéad dréacht den BREF chun barúlacha a fháil agus ceardlann measúnaithe sonraí eile roimh an gcruinniú críochnaitheach. Is féidir ceardlanna breise a eagrú chun dul i ngleic le saincheisteanna sonracha spriocdhírithe.

Is é príomhchuspóir na ceardlainne um measúnú sonraí a reáchtáiltear sula n-eisítear an chéad dréacht athbhreithniú agus seiceáil a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis chomhthéacsúil a bhailítear. Is éard atá i gceist leis sin meastóireacht a dhéanamh ar iomláine, cruinneas agus comhsheasmhacht na sonraí, chomh maith le tuiscint a fháil ar thábhacht chomhshaoil na suiteálacha a bhfuil baint acu leis an mbailiú sonraí. Ba cheart na sonraí mar aon le faisnéis chomhthéacsúil, amhail na teicnící a chuirtear i bhfeidhm agus feidhmíocht chomhshaoil, a chur san áireamh sa phlé a dhéanfar sa cheardlann. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bplé sin freisin soiléiriú a dhéanamh ar na saincheisteanna a fágadh gan réiteach ag an gcruinniú tosaigh, mar shampla, maidir leis na príomh-shaincheisteanna comhshaoil, agus ba cheart a bheith in ann teacht ar chonclúidí iomchuí maidir leis na saincheisteanna sin atá ar feitheamh i gcruinnithe ina dhiaidh sin. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don cheardlann deis a thabhairt don mheitheal theicniúil freisin plé a dhéanamh ar an gcur chuige modheolaíochta chun anailís, grúpáil agus léirmhíniú a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear, lena n-áirítear an nasc idir teicnící, dálaí oibríochtúla agus feidhmíocht chomhshaoil a bhunú, mar ullmhúchán chun BAT, BAT-AELanna agus BAT-AEPLanna a chinneadh. Ba cheart a phlé sa cheardlann freisin an gá atá le roinnt ceistneoirí a thabhairt cothrom le dáta agus an chaoi lena gcur san áireamh sa mheasúnú sonraí.

D'fhéadfadh an anailís sonraí nó an plé ceardlainne iarrataí ar shonraí breise nó ar fhaisnéis bhreise a spreagadh freisin.

Le linn na ceardlainne measúnaithe sonraí roimh an gcruinniú críochnaitheach, is féidir leis an meitheal theicniúil saincheisteanna tábhachtacha a eascraíonn as na barúlacha maidir leis an gcéad dréacht a phlé. Más gá, féadfar ceardlanna eile measúnaithe sonraí a eagrú roimh an gcruinniú críochnaitheach, mar shampla, i gcás ina gcumhdaíonn an BREF go leor próisis éagsúla, nó i gcás inar gá athruithe móra ar an gcéad dréacht a eascraíonn as an anailís sonraí a mhíniú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtagtar ar aon chonclúid maidir le BAT-AELanna/BAT-AEPLanna ná raonta tagarmhairc le linn na gceardlann sonraí sin.

4.6.3.4 **BAT-AELanna/BAT-AEPLanna a shainaithint agus a dhíorthú**

Leanann sainaithint BAT agus díorthú BAT-AELanna gaolmhara cur chuige comhoibritheach agus atriallach a úsáidtear chun na BREFanna uile a tharraingt suas agus a athbhreithniú. Áirítear na céimeanna seo a leanas leis an gcur chuige:

1. na príomh-shaincheisteanna comhshaoil le haghaidh na hearnála a shainaithint;
2. scrúdú a dhéanamh ar na teicnící is ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;
3. na leibhéil astaíochtaí ghaolmhara a shainaithint, ar bhonn na sonraí agus na faisnéise atá ar fáil san Aontas agus ar fud an domhain, trí chur chuige comhtháite a úsáid;
4. scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar baineadh amach na leibhéil astaíochtaí sin, e.g. costais, éifeachtaí trasmheáin, tairbhí don chomhshaol;
5. BAT agus na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leo a roghnú.

Bíonn an mheitheal theicniúil rannpháirteach i ngach ceann de na céimeanna sin. Molann EU-BRITE dréacht-BAT agus BAT-AELanna don mheitheal theicniúil ag céimeanna éagsúla den phróiseas (e.g. sa chéad dréacht den BREF agus i dtograí tugtha cothrom le dáta ar bhonn barúlacha na meithle teicniúla maidir leis an dréacht athbhreithnithe de chonclúidí BAT roimh an gcruinniú críochnaitheach). Ansin, déanann an mheitheal theicniúil ina hiomláine na tograí a phlé agus a thabhairt chun críche ag an gcruinniú críochnaitheach.

Faigheann an mheitheal theicniúil BAT-AELanna fónta ó na sonraí agus ón bhfaisnéis a bhailítear, agus úsáid á baint as breithiúnas saineolaithe más gá. Ní féidir díorthú BAT-AELanna a bhunú ar mheasúnú staidrimh ar na luachanna astaíochta tuairiscithe agus air sin amháin. Áirítear an méid seo a leanas leis na heilimintí ríthábhachtacha a úsáidtear chun BAT-AELanna a dhíorthú:

— infhaighteacht sonraí fónta lena gcuirtear san áireamh, mar shampla, an modh faireacháin, an t-am samplála, pointe an fhaireacháin;

— sainaithint an tionscnaimh/na bhfoinsí agus na dtosca a imríonn tionchar ar leibhéil astaíochtaí an truailleáin lena mbaineann;

— teicnící a bheith ann atá oiriúnach chun an truailleán lena mbaineann a chosc/a laghdú;

— cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na teicnící a dhearadh, a chothabháil agus a oibriú i gceart;

— na dálaí faoina gcuirtear na teicnící i bhfeidhm, agus cúinsí eacnamaíocha á gcur san áireamh freisin;

— caighdeáin faireacháin EN nó ISO a úsáid agus an éiginnteacht a bhaineann leo;

— Na minicíochtaí faireacháin a bhaineann leis na sonraí tuairiscithe;

— tréimhsí meánaithe na sonraí tuairiscithe;

— buaiceanna sna sonraí tuairiscithe agus luaineachtaí sna sonraí faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin (e.g. i bpróisis bhaisce) a bheith ann;

— aon éifeacht trasmheáin ghaolmhar.

Níor cheart sonraí astaíochtaí tuairiscithe ná sonraí feidhmíochta comhshaoil a chur san áireamh sna cásanna seo a leanas:

— mura mbaineann siad le teicnící ná le meascán teicnící;

— mura gcomhlíonann siad teorainneacha astaíochtaí ná teorainneacha feidhmíochta a leagtar síos sa chead.

I gcás ina bhfuil srianta ar infheidhmeacht teicníce, ba cheart tuairisc a thabhairt orthu sin ar bhealach atá chomh mionsonraithe agus is féidir.

Tá tábhacht ar leith ag baint le breithiúnas saineolaithe nuair atá na sonraí atá ar fáil teoranta, mar shampla, i ndáil le teicnící lena gcumasaítear claochlú tionsclaíoch ó bhonn, ceimiceáin ghuaiseacha nó truailleáin nua.

Cinntear BAT-AEPLanna le haghaidh próisis aonair a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, amhail iompróirí fuinnimh, amhábhair (go háirithe amhábhair chriticiúla), aonaid táirgthe agus táirgí críochnaitheacha, agus ardleibhéal aonchineálachta ar fud an Aontais, i gcás ina bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil sa mhalartú faisnéise chun tacú le cinneadh BAT láidir go leor. Féadfar tagarmharcanna táscacha a áireamh i gconclúidí BAT freisin atá le háireamh ag oibreoirí ina gcóras bainistithe comhshaoil, i gcás ina bhfuil feidhmíocht chomhshaoil ag brath go mór ar imthosca sonracha na bpróiseas.

4.6.4 **Dréachtaí BREF agus barúlacha na meithle teicniúla**

Ba cheart gach dréacht de BREF athbhreithnithe a bheith i bhfoirm leagan comhdhlúite, lena gcuirfear i dtábhacht an fhaisnéis nua agus na hathruithe a dhéantar i gcomparáid leis an méid seo a leanas:

1. an leagan den BREF a foilsíodh roimhe seo;

2. an fhaisnéis atá sna dréachtaí roimhe seo a forbraíodh le linn an phróisis athbhreithnithe.

Déanann EU-BRITE dréachtaí a dháileadh ar an meitheal theicniúil d'fhonn piarmheasúnú a dhéanamh ar an doiciméad agus faisnéis atá in easnamh a bhailiú. Ní mór barúlacha a chur faoi bhráid EU-BRITE laistigh de sprioc-am socraithe (féach Roinn 1.2.5) agus formáidí sonracha á n-úsáid.

Tar éis gach dréacht de BREF a dháileadh, ba cheart tréimhse barúlacha 8 seachtaine ar a laghad a bheith ann sa chaoi gur féidir le comhaltaí meithleacha teicniúla a mbarúlacha agus a moltaí a sholáthar maidir leis an doiciméad (féach Roinn 1.2.5).

Is é príomhchuspóir an chomhairliúcháin cuireadh a thabhairt do chomhaltaí na meithle teicniúla athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar an bhfaisnéis a áirítear sa doiciméad agus í a bhailíochtú, chomh maith le bearnaí san fhaisnéis a líonadh trí shonraí breise a chur isteach. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, nuair is gá faisnéis níos mionsonraithe a bhailiú chun tacú leis na barúlacha a cuireadh isteach, ba cheart é sin a léiriú go soiléir leis na barúlacha agus ba cheart an fhaisnéis sin a chur isteach tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an sprioc-ama chun barúlacha a chur isteach.

Chun an t-athbhreithniú ar an BREF a dhíriú agus dlús a chur leis, ba cheart na barúlacha a chuirtear isteach maidir leis na dréachtaí a roinnt ina dhá ghrúpa:

1. ba cheart a áireamh leis an gcéad ghrúpa barúlacha a mheasann comhaltaí na meithle teicniúla a bheith ‘mór’ (i.e. barúlacha a bhfuil tionchar acu ar chonclúidí BAT, ar raon feidhme BREF, ar struchtúr BREF);

2. ba cheart ‘mionbharúlacha’ a áireamh leis an dara grúpa (e.g. earráidí cló, barúlacha nach bhfuil aon tionchar acu ar chonclúidí BAT).

Ba cheart do chomhaltaí na meithle teicniúla a áirithiú go ndéanfar gach barúil a dhéanann siad a aicmiú i gceann den dá ghrúpa sin sula seolfaidh siad a mbarúlacha chuig EU-BRITE. Ba cheart do EU-BRITE staitisticí a thiomsú agus a scaipeadh ar bhonn an idirdhealaithe sin chun an t-ualach oibre atá i gceist a léiriú go garbh agus chun cabhrú le saincheisteanna móra a shainaithint ag céim luath den phróiseas.

Ba cheart do EU-BRITE tosaíocht a thabhairt do na barúlacha a mheastar a bheith ‘mór’.

Soláthraíonn EU-BRITE aiseolas mionsonraithe don mheitheal theicniúil maidir leis an gcaoi ar cuireadh barúlacha **móra** na gcomhaltaí san áireamh sa pháipéar cúlra le haghaidh an chruinnithe chríochnaithigh (féach Roinn 4.6.1). Soláthraíonn EU-BRITE aiseolas don mheitheal theicniúil maidir leis an gcaoi ar cuireadh na barúlacha uile san áireamh sula gcuirtear an BREF faoi bhráid an Fhóraim (féach Roinn 1.3).

4.7 **Uirlisí malartaithe faisnéise**

4.7.1 **Córas faisnéise BAT (BATIS)**

Is feidhmchlár bogearraí gréasánbhunaithe é BATIS a cuireadh ar bun chun malartú faisnéise maidir le BAT a éascú chomh maith leis an bpróiseas inmheánach a dhéantar laistigh de EU-BRITE chun BREFanna a tháirgeadh nó a athbhreithniú. Chomh maith le foireann EU-BRITE, níl rochtain ar BATIS ach ag comhaltaí de chuid an Fhóraim agus na meithle teicniúla atá ainmnithe. Tá sonraí teagmhála chomhaltaí na meithle teicniúla le fáil in BATIS chun malartú faisnéise laistigh de gach meitheal theicniúil a éascú.

Is é príomhchuspóir an chórais cuidiú le EU-BRITE faisnéis a bhaineann le BREF a eagrú agus a bhainistiú, trédhearcacht a chumasú agus BREFanna ardcháilíochta a tháirgeadh.

Cuidíonn BATIS le trédhearcacht a choinneáil ar bun i bpróiseas dréachtaithe agus athbhreithnithe BREF. Chuige sin, tá an fhaisnéis uile a bhailítear faoi chuimsiú BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú ar fáil ar BATIS, ach amháin i gcás faisnéis rúnda nó íogair (féach Roinn 5.3).

Tá EU-BRITE freagrach as bainistiú foriomlán na faisnéise laistigh de BATIS. Déanann EU-BRITE an fhaisnéis/na doiciméid in BATIS a struchtúrú (mar shampla trí dhoiciméid arna n-uaslódáil go díreach ag comhaltaí na meithleacha teicniúla a athlonnú) sa chaoi gur féidir iad a aimsiú go héasca, agus go háirithe sa chaoi gur féidir le comhaltaí na meithleacha teicniúla agus an Fhóraim iad a aimsiú go héasca.

Go háirithe, tá EU-BRITE freagrach as faisnéis a chur ar fáil ar BATIS, nuair nach bhfuil sí postáilte go díreach ar BATIS, ar faisnéis í a bhaineann le cruinnithe na meithleacha teicniúla agus cruinnithe foghrúpa (e.g. páipéir chúlra, miontuairiscí cruinnithe, sleamhnáin cruinnithe) chomh maith le barúlacha na meithleacha teicniúla a fuarthas maidir le dréacht-BREFanna agus aiseolas EU-BRITE ar na barúlacha sin (féach Roinn 0).

Tá comhaltaí na meithleacha teicniúla freagrach as a rannchuidithe aonair le BATIS a uaslódáil. Tá lámhleabhar úsáideora ar líne le fáil ar BATIS.

Tá feidhmiúlacht ag BATIS a chuireann ar a gcumas do chomhaltaí na meithle teicniúla a bheith ar an eolas go huathoibríoch (i.e. go laethúil) má uaslódáiltear faisnéis nua.

4.8 **Slándáil sonraí pearsanta**

Bailíonn EU-BRITE sonraí pearsanta chomhaltaí na meithleacha teicniúla agus an Fhóraim, ina bhfuil ainm agus sonraí teagmhála gach comhalta, nuair a cheaptar iad mar chomhalta den mheitheal theicniúil nó mar chomhalta den Fhóram agus é de chuspóir eisiach acu cead a thabhairt do EU-BRITE rannpháirtíocht chomhaltaí na meithle teicniúla agus an Fhóraim i dtarraingt suas/athbhreithniú BREF a bhainistiú agus cead a thabhairt do chomhaltaí na meithle teicniúla agus an Fhóraim rochtain a fháil ar uirlisí bainistíochta chun BREFanna agus doiciméid eile a chur in eagar agus a athbhreithniú.

Tá an Coimisiún tiomanta do phríobháideachas an úsáideora. Tá an beartas príobháideachais maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]). Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tá ráiteas príobháideachais le fáil do chomhaltaí na meithleacha teicniúla agus an Fhóraim ar shuíomh gréasáin EU-BRITE.

Aon tráth, féadfaidh comhaltaí na meithleacha teicniúla agus an Fhóraim a gceart a fheidhmiú rochtain a fháil ar a sonraí agus iad a mhodhnú trí theagmháil a dhéanamh le EU-BRITE.

5 CAIBIDIL 5: SONRAÍ AGUS FAISNÉIS A BHAILIÚ AGUS A CHUR ISTEACH

5.1 Réamhrá

Cuirtear i láthair leis an gcaibidil seo treoraíocht maidir le bailiú sonraí agus bulcfhaisnéise chun faisnéis a mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (c), den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

5.2 Prionsabail ghinearálta maidir le sonraí agus faisnéis a bhailiú agus a chur isteach chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú

Leis na sonraí agus leis an bhfaisnéis atá le bailiú agus le cur faoi bhráid EU-BRITE maidir le feidhmíocht chomhshaoil suiteálacha, gléasraí agus próiseas agus teicnící feidhmithe chomh maith lena n-inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch, ba cheart a bheith in ann BREFanna agus conclúidí BAT mar a thuairiscítear i gCaibidil 3 a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta.

Leagtar amach thíos na prionsabail ghinearálta ba cheart do chomhaltaí na meithleacha teicniúla a leanúint chun sonraí a bhailiú agus a chur isteach:

1. Tá tacair sonraí ar leibhéal suiteálacha, gléasraí agus próiseas aonair, lena léirítear an fheidhmíocht chomhshaoil a baineadh amach agus na teicnící a úsáidtear chun í a bhaint amach araon, fíor-riachtanach chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a chinneadh.
2. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go soláthróidh comhaltaí na meithleacha teicniúla tacair sonraí iomlána ar leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis ar a laghad mar a shonraítear i Roinn 5.4. De ghnáth, ní leor sonraí a chomhiomlánaítear ó roinnt gléasraí/suiteálacha chun tacú le conclúidí maidir le BAT, teicnící atá ag teacht chun cinn, BAT-AELanna agus BAT-AEPLanna (féach Ranna 3.3.2, 3.3.3 agus 3.5.1).
3. Ba cheart teicnící le linn próisis agus teicnící ceann píopa araon a úsáidtear sa tsuiteáil, sa ghléasra nó sa phróiseas chun a dtionchar ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a íoslaghdú a lua agus a dhoiciméadú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart tuairisc iomlán ar na teicnící a chur isteach (in éineacht leis na tacair sonraí) de réir an struchtúir a dtugtar tuairisc air i Roinn 2.3.7.2.
4. Ba cheart tásca soiléire a bheith ag gabháil leis na sonraí a chuirtear isteach maidir le cé acu a bhaineann siad le gnáthdhálaí oibriúcháin nó nach mbaineann (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí); féach Roinn 4.6.1.2.

5.2.1 Cineál sonraí/faisnéise

Ba cheart na príomhshonraí/an phríomhfhaisnéis a bhailiú síos go dtí leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis ar a laghad nó fiú ar leibhéal níos mionsonraithe (e.g. líne tháirgthe, aonad, próiseas, foirnéis), agus tagairt shoiléir á déanamh do na teicnící a chuirtear i bhfeidhm agus do shonraí comhthéacsúla nó sonraí eile a bhaineann le próiseas (e.g. tomhaltas fuinnimh, uisce, amhábhar).

I gcás teicnící atá ag teacht chun cinn, is féidir sonraí a bhailiú ó fhréamhshamhail taispeána i dtimpeallacht ábhartha, i.e. tástáil a dhéanamh ar fhréamhshamhail ar scála innealtóireachta nó ar chóras i ndálaí a dhéanann aithris dhlúth ar an timpeallacht oibríochtúil chríochnaitheach atá beartaithe di (LUT 6-7 ar a laghad). Ba cheart faisnéis ó INCITE (féach Roinn 4.4) faoi fheidhmíocht chomhshaoil teicnící atá ag teacht chun cinn a mheas.

Is féidir faisnéis lena dtugtar forbhreathnú foriomlán ar an earnáil – a bhféadfadh acmhainneacht tionscail, leibhéil táirgeachta, faisnéis faoin margadh, praghsanna agus faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith íogair a bheith ar áireamh léi – a sholáthar i bhfoirm chomhiomlánaithe, ach ba cheart go mbeadh sé sin úsáideach go príomha chun caibidlí an BREF dar teideal 'Faisnéis ghinearálta' agus 'Leibhéil astaíochtaí agus tomhaltais atá ann faoi láthair' a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta (féach Ranna 2.3.4 agus 2.3.6).

([20]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39–98, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach maidir le teicnící, ba cheart aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar na gnéithe uile a luaitear i Roinn 5.4, chun go bhféadfar an chaibidil den BREF dar teideal 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' a dhréachtú (féach Roinn 2.3.7). Ba cheart feidhmíochtaí teicnící a chur i gcomhthéacs agus ba cheart tacú leo go háirithe leis na sonraí oibríochtúla agus eacnamaíocha ábhartha (féach Roinn 5.4).

Ba cheart faisnéis a sholáthar ó na suiteálacha a mheastar a bheith ar na suiteálacha is fearr feidhmíocht (maidir le sláinte an duine agus an comhshaol ina iomláine a chosaint). I gcás na suiteálacha sin, ba cheart mionsonraí leordhóthanacha a áireamh leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i Roinn 5.4 chun cuidiú le tuiscint a fháil ar an gcaoi ar baineadh amach an t-ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a breathnaíodh agus cosaint shláinte an duine. Ní fhágann sé sin nár cheart ach faisnéis faoi na suiteálacha, na gléasraí nó na próisis is fearr feidhmíocht a bhailiú agus a chur isteach. Chun Caibidil 3 den BREF dar teideal 'Leibhéil reatha tomhaltais agus astaíochtaí' (féach Roinn 2.3.6) a thabhairt cothrom le dáta, is gá faisnéis a chur isteach maidir leis an raon leibhéal astaíochtaí agus tomhaltais a bhreathnaítear faoi láthair don phróiseas foriomlán agus dá fhophróisis. Ba cheart a chur san áireamh leis an bhfaisnéis sin, i measc nithe eile, an éagsúlacht sna próisis a chuirtear i bhfeidhm, agus méid agus aois na suiteálacha.

5.2.2 **Formáid na sonraí**

Ba cheart faisnéis ar leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis a chur faoi bhráid EU-BRITE de ghnáth trí úsáid a bhaint as teimpléad coiteann, lena n-áirítear trí uirlisí tiomnaithe ar líne, a ndéantar a n-ábhar a phlé agus a chomhaontú leis an meitheal theicniúil. Ní chuireann sé sin bac ar dhoiciméid tacaíochta bhreise a chur isteach ar bhealaí eile má mheastar go bhfuil siad úsáideach (e.g. léaráidí den sreabhadh próisis). Chun an obair a bhaineann le bailiú sonraí a íoslaghdú, moltar don mheitheal theicniúil ceanglais tuairiscithe thréimhsiúla (e.g. faoi chuimsiú na Tairsí um Astaíochtaí Tionsclaíocha) agus infhaighteacht sonraí a chur san áireamh. Tá teimpléid úsáideach go háirithe chun go leor faisnéise a bhailiú, chun gur féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí chomh maith le bearnaí agus aimhrialtachtaí a shainaithint. Ní eisiatar leis sin úsáid sonraí forlíontacha (e.g. cás-staidéir, sonraí teicniúla agus costais a bhaineann le teicnící sonracha) má mheastar iad a bheith ríthábhachtach chun conclúidí BAT a dhíorthú.

Léirítear i Roinn 5.4 (ina sonraítear an fheidhmíocht chomhshaoil agus na sonraí oibríochtúla is gá) na sonraí fíor-riachtanacha/an fhaisnéis fhíor-riachtanach ba cheart a bheith i dteimpléad chun tacair sonraí iomlána a bhailiú ar an leibhéal suiteála, gléasra agus próisis (nó ar leibhéal níos scoite).

5.2.3 **Cáilíocht sonraí**

Ba cheart an fhaisnéis a bhailítear a bheith ar leibhéal leordhóthanach mionsonraithe chun gur féidir measúnú a dhéanamh uirthi agus í a chur i gcomparáid le sonraí eile agus ar deireadh ba cheart í a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn (féach Caibidil 3).

Ba cheart na sonraí a sholáthraítear (go háirithe sonraí astaíochtaí agus tomhaltais) a bheith ó na blianta beaga anuas.

Ba cheart na figiúirí uile a chuirtear isteach a thabhairt in aonaid SI nó in aonaid a úsáidtear go coitianta laistigh den earnáil agus a chomhaontaigh an mheitheal theicniúil ag an gcruinniú tosaigh más féidir.

Ba cheart na sonraí uile a sheiceáil go cúramach sula gcuirfear faoi bhráid EU-BRITE iad chun cruinneas agus iomláine a áirithiú agus chun earráidí agus neamhréireachtaí a shainaithint agus a cheartú.

Má mheastar nach bhfuil ceistneoir ar cháilíocht leordhóthanach le haghaidh measúnú sonraí (de bharr, mar shampla, sonraí neamhiomlána nó faisnéis atá in easnamh, i gcomparáid le ceistneoirí eile), iarrfar ar chomhaltaí na meithle teicniúla atá freagrach as an gceistneoir é a chomhlánú nó a thabhairt cothrom le dáta.

Níor cheart sonraí arna gcur isteach a mheastar a bheith neamhiomlán den chuid is mó nó a bhfuil an iomarca earráidí iontu a chur san áireamh.

5.3 **Saincheisteanna rúndachta**

D'fhéadfadh gá a bheith le faisnéis rúnda ghnó agus faisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta nó d'fhéadfaidís a bheith úsáideach do EU-BRITE dá mheasúnuithe (e.g. costas, méid táirgeachta). I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, an malartú faisnéise a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála, ní mór é a bheith teoranta go docht don mhéid is gá go teicniúil chun BREFanna a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta, agus ní ceadmhach an fhaisnéis rúnda ghnó sin ná an fhaisnéis sin atá íogair ó thaobh na tráchtála a úsáid chun críoch eile. Ní áirítear sonraí astaíochtaí le faisnéis rúnda ghnó ná le faisnéis íogair, toisc go bhfuil siad san fhearann poiblí.

Má mheastar faoi dhlí na hiomaíochta gur faisnéis rúnda ghnó nó faisnéis íogair í aon fhaisnéis a chuirtear isteach chuig EU-BRITE agus nár cheart, dá bhrí sin, í a thuairisciú sa BREF, ba cheart é sin a lua go soiléir agus an fhaisnéis á seoladh agus ba cheart an chúis/an t-údar atá leis an rúndacht/an íogaireacht a thabhairt. Gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, níl faisnéis a mheastar a bheith ina faisnéis rúnda ghnó nó ina faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála le comhroinnt ach leis an gCoimisiún agus, tar éis comhaontú rúndachta agus comhaontú um neamhnochtadh a shíniú, le státseirbhísigh agus fostaithe poiblí eile a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit nó ar ghníomhaireachtaí an Aontais. Nuair a roinntear í le comhaltaí eile de chuid na meithle teicniúla, ní mór faisnéis a anaithnidiú ar bhealach nach dtagraíonn d'oibreoir ná do shuiteáil ar leith. Ní fhéadfar faisnéis neamh-anaithnidithe a chomhroinnt ach amháin i gcás ina gcuirfeadh anaithnidiú na faisnéise cosc ar mhalartú éifeachtach faisnéise maidir le BAT, le ENRanna a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus leis na tionscail lena mbaineann, de réir mar is iomchuí, agus ar choinníoll go bhfuil comhaontú rúndachta agus comhaontú um neamhnochtadh sínithe ag ionadaithe na n-eagraíochtaí agus na gcomhlachas sin.

Ní ceadmhach faisnéis rúnda ghnó ná faisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta a thuairisciú sa BREF, mura soláthraítear leis an bhfaisnéis bonn tábhachtach le haghaidh chonclúidí BAT. I gcásanna den sórt sin, ní mór do sholáthraí na faisnéise seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh dhlí na hiomaíochta agus údarú sonrach a thabhairt do EU-BRITE an fhaisnéis a thuairisciú sa BREF.

Tá roinnt bealaí ann chun déileáil le sonraí rúnda/íogaire in BREFanna amhail comhiomlánú nó anaithnidiú faisnéise. Is féidir le EU-BRITE é sin a dhéanamh más gá le cabhair uathu siúd a chuir an fhaisnéis ar fáil.

Is é an tréimhse ina bhforbraítear teimpléad ceistneora (féach Ranna 4.6.1.2 agus 5.4) an t-am chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ag teastáil, ar mhéid rúndachta (más ann dó) na sonraí a iarrtar agus ar na praiticiúlachtaí chun déileáil le faisnéis ghnó a d'fhéadfadh a bheith rúnda, le faisnéis íogair faoi dhlí na hiomaíochta, le coinbhleachtaí leasa agus le hábhair ghaolmhara, ar bhonn an nós imeachta a pléadh ag an gcruinniú tosaigh.

5.4 Sonraí feidhmíochta comhshaoil agus oibríochtúla is gá le haghaidh na gcaibidlí 'Teicnící atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh' agus 'Conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)'

5.4.1 Faisnéis ghinearálta maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla

Baineann an roinn seo le feidhmíocht chomhshaoil agus sonraí oibríochtúla. Mar sin féin, chun conclúidí BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart na teicnící uile atá le breithniú agus BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn á gcinneadh a chur i láthair in BREF i gcomhréir leis an struchtúr caighdeánach a leagtar amach i Roinn 2.3.7, i gcás ina dtugtar sonraí eile is gá chun teacht ar chonclúidí BAT (go háirithe maidir le heacnamaíocht, éifeachtaí trasmheáin agus breithnithe teicniúla atá ábhartha maidir le hinfheidhmeacht).

Ba cheart don mheitheal theicniúil teacht ar chonclúid — ag an gcruinniú tosaigh más féidir — maidir le formáid agus ábhar an cheistneora don earnáil a bhfuil sí ag tabhairt aghaidh uirthi (féach Ranna 4.6.1.2 agus 5.5).

Leagtar amach leis na ranna thíos na príomhchineálacha sonraí feidhmíochta comhshaoil agus oibríochtúla ba cheart a bheith i dteimpléad chun sonraí a bhaineann go sonrach le suiteáil, gléasra agus próiseas a bhailiú.

5.4.2 Éifeachtúlacht acmhainní

5.4.2.1 Faisnéis ghinearálta maidir le héifeachtúlacht acmhainní

Ba cheart a áireamh leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach sonraí maidir le húsáid amhábhar agus ábhar cúnta/ceimiceán, uisce agus fuinnimh sna próisis ábhartha. Áirítear le sonraí éifeachtúlachta acmhainní faisnéis maidir le leibhéal na mionsonraí agus teorainneacha an chórais a breithníodh.

5.4.2.2 Tomhaltas amhábhar agus ábhar cúnta/

A mhéid atá sé ábhartha do na gníomhaíochtaí lena mbaineann, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis ar leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis:

1. cineál agus cainníocht na n-amhábhar agus na n-ábhar cúnta a úsáidtear (lena n-áirítear ábhar tánaisteach, ceimiceáin agus dramhaíl athchúrsáilte);

2. léiriú ar na teicnící a úsáidtear chun úsáid éifeachtúil acmhainní a uasmhéadú agus chun úsáid substaintí guaiseacha nó substaintí ar údar mór imní iad a chosc/a íoslaghdú; is féidir a áireamh leis an bhfaisnéis faoi theicnící an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú.

5.4.2.3 **Úsáid uisce**

Ba cheart idirdhealú a dhéanamh san fhaisnéis a chuirtear isteach idir na cineálacha uisce a úsáidtear, amhail uisce fuaraithe agus uisce próisis, agus ba cheart a léiriú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar uisce a athúsáid agus, má dhéantar, cá mhéad a dhéantar é a athúsáid. Ba cheart na nithe a shonraítear thíos a áireamh leis na sonraí/an fhaisnéis, i gcás inarb ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann:

1. Faisnéis faoi thionscnamh an uisce a úsáidtear agus faoin dobharlach glactha (e.g. ainm, cineál – uisce báistí, uisce dromchla, i.e. loch, abhainn, sruthán, farraige, nó screamhuisce; i gcás inarb ábhartha, teocht, sreabhadh, cáilíocht freisin).

2. Faisnéis faoi theorainneacha an chórais (i.e. páirteanna/próisis na suiteála ina n-úsáidtear an t-uisce a dtuairiscítear na sonraí ina leith), mar aon le léaráid den tsreabhchairt más féidir.

3. Cé acu a dhéantar nó nach ndéantar cóireáil ar uiscí soláthair ar an láthair agus léiriú ar an gcineál cóireála a dhéantar (e.g. díshalannú, scagachán).

4. Léiriú ar na teicnící a úsáidtear (lena n-áirítear an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú) chun tomhaltas uisce a laghdú. Má bhíonn eisiltigh níos tiubhaithe ina dtoradh ar iarrachtaí a dhéantar chun tomhaltas uisce a laghdú, ba cheart é sin a léiriú mar aon leis na bearta a rinneadh chun tionchar na n-eisilteach níos tiubhaithe ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

5.4.2.4 **Úsáid fuinnimh**

Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis a bhailítear, i gcás inarb ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann:

1. Ionchuir:

   i. Cineál agus cainníocht an bhreosla/an fhuinnimh a úsáidtear (e.g. ola bhreosla, gás peitriliam leachtaithe, gás nádúrtha, gal, leictreachas (lena n-áirítear foinse an leictreachais), dramhaíl, bithghás, bithbhreosla nó bithmhais a úsáidtear mar bhreosla), lena n-áirítear fuarú agus gáis theicniúla (e.g. N_2, O_2). Má úsáidtear gal, ba cheart teocht agus brú na gaile a léiriú.

   ii. Tomhaltas breosla/fuinnimh (in aghaidh an chineáil), agus idirdhealú á dhéanamh idir fuinneamh teirmeach agus fuinneamh leictreach.

2. Aschuir:

   i. Cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear fuinneamh (e.g. táirgeadh leictreachais) agus, má tháirgtear, cá mhéad a tháirgtear é. Má tháirgtear gal, ba cheart teocht agus brú na gaile a léiriú.

   ii. Cibé acu a dhíoltar fuinneamh nó a úsáidtear fuinneamh teasa ar an láthair nó lasmuigh di (e.g. téamh ceantair).

3. Eile:

   i. Cé acu atá nó nach bhfuil fuinneamh aisghafa ann agus, má tá, cén chuid den tsuiteáil ina bhfuil sé, cén fhoirm ina bhfuil sé agus cá mhéad atá sé.

   ii. Cé acu atá nó nach bhfuil frithghníomhartha eisiteirmeacha ann agus, má tá, cén chuid den tsuiteáil ina bhfuil siad agus cé mhéad atá i gceist.

   iii. Cé acu atá nó nach bhfuil caillteanais teasa ann agus, má tá, cén chuid den tsuiteáil ina bhfuil siad agus cé mhéad atá i gceist.

4. Teorainneacha córais (páirteanna/próisis de shuiteáil nó de ghléasra a úsáideann an fuinneamh a dtuairiscítear na sonraí ina leith), modheolaíocht faireacháin agus dálaí tagartha, ba cheart iad a sholáthar agus luachanna tomhaltais fuinnimh/éifeachtúlachta á gcur i láthair.

5. Na teicnící a úsáidtear chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú; is féidir a áireamh leis an bhfaisnéis faoi theicnící an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú.

Ba cheart sonraí fuinnimh a shloinneadh in kWh nó MJ in aghaidh mhais an táirge (nó in aghaidh mhais na n-amhábhar), lena léirítear cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh glanluachanna calracha nó oll-luachanna calracha chun é sin a chinneadh.

5.4.3 **Astaíochtaí isteach san uisce**

Ba cheart idirdhealú a dhéanamh san fhaisnéis a chuirtear isteach idir cineálacha éagsúla fuíolluisce, amhail uisce fuaraithe agus uisce próisis, agus ba cheart a léiriú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar uisce a athúsáid agus, má dhéantar, cá mhéad a dhéantar é a athúsáid. Ba cheart na hítimí a liostaítear thíos a áireamh leis na sonraí/leis an bhfaisnéis, i gcás inarb ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann:

1. Méid agus ráta sreafa na bhfuíolluiscí próisis sceite chomh maith le léiriú an bhfuil sceitheadh eisceachtúil ar áireamh.

2. Faisnéis faoi fhoinsí (e.g. próisis aonaid) uisce próisis sceite nó sruthanna fuíolluisce eile le haghaidh gach pointe tagartha/samplála. Chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ann ina measfaí sruthanna fuíolluisce truaillithe le sruthanna fuíolluisce nach bhfuil chomh truaillithe céanna nó atá neamhthruaillithe, bheadh sreabhchairt fuíolluisce úsáideach. Is fearr freisin, i gcás gach truailleáin, faisnéis a bhailiú maidir le sreafaí maise nó ualaí sonracha na n-astaíochtaí gaolmhara, sa chaoi gur féidir aon éifeacht chaolúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh.

3. Méid, ráta sreafa agus teocht uisce neamhphróisis sceite (e.g. fuarú).

4. Cé acu a dhéantar nó nach ndéantar uisce báistí a bhailiú agus a chóireáil sa tsuiteáil agus an chaoi leis sin a dhéanamh.

5. Cé acu a dhéantar nó nach ndéantar fuíolluisce a thagann ó shuiteálacha nó ó ghléasraí eile (lena n-áirítear fuíolluisce cathrach) a chóireáil sa tsuiteáil agus an chaoi a ndéantar é sin.

6. Na leibhéil astaíochtaí (mar thiúchain nó ualaí - lena n-áirítear ualaí sonracha - nuair is ábhartha [21]); féach Roinn 3.3.2) de thruailleáin sceite le haghaidh gach sruth fuíolluisce a bhreithnítear agus cé acu a sceitear an fuíolluisce go díreach nó go hindíreach isteach sa dobharlach glactha. Ba cheart a shonrú leis an bhfaisnéis freisin cé acu a áirítear nó nach n-áirítear dálaí seachas gnáthdhálaí oibriúcháin (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí). Ba cheart an fhaisnéis sin a chur isteach in éineacht leis an bhfaisnéis tagartha ábhartha a shonraítear i Roinn 5.4.8.

7. Léiriú ar cé acu a chóireáiltear nó nach gcóireáiltear na heisiltigh uisce i ngléasra cóireála fuíolluisce atá suite ar láthair na suiteála nó lasmuigh di (e.g. bardasach nó lárnach le haghaidh láithreán tionsclaíoch iomlán).

8. Léiriú ar na teicnící a úsáidtear (lena n-áirítear an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú) chun astaíochtaí isteach san uisce a chosc, agus i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun iad a laghdú. Maidir le teicnící laghdaithe astaíochtaí, ba cheart na truailleáin spriocdhírithe a lua.

9. Faisnéis maidir le héifeachtúlacht laghdaithe truailleán nó cainníocht truailleán roimh na teicnící agus ina ndiaidh chun éifeachtúlacht laghdaithe a chinneadh.

10. Ba cheart faisnéis a áireamh maidir le dálaí nó imthosca a chuireann bac ar úsáid na teicníce (lena n-áirítear teicníc laghdaithe astaíochtaí) ag lánacmhainneacht, ar gá dul timpeall go hiomlán nó go páirteach ar an teicníc agus ar na bearta a rinneadh chun a héifeachtacht oibríochtúil iomlán a athbhunú.

5.4.4 **Astaíochtaí isteach san aer**

Ba cheart na hítimí a liostaítear thíos a áireamh leis na sonraí/an fhaisnéis a chuirtear isteach, i gcás inarb ábhartha don earnáil lena mbaineann:

1. Leibhéil astaíochtaí (mar thiúchain nó ualaí - lena n-áirítear ualaí sonracha - nuair is ábhartha[22], féach Roinn 3.3.2) na dtruailleán a astaítear, lena ndéantar idirdhealú idir astaíochtaí clasaithe (e.g. ó shimléir) agus astaíochtaí neamhchlasaithe (e.g. astaíochtaí idirleata/éalaitheacha), lena sonraítear cé acu a áirítear nó nach n-áirítear astaíochtaí faoi dhálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí). I gcás sonraí lóid sonracha, ba cheart an táirge dá dtagraítear a shainiú go soiléir. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur isteach in éineacht leis an bhfaisnéis tagartha ábhartha a shonraítear i Roinn 5.4.8.

2. Léiriú ar cé acu a chóireáiltear nó nach gcóireáiltear na heisiltigh gháis i ngléasra cóireála dramhgháis lárnach atá suite ar an láthair nó lasmuigh den láthair.

3. Léiriú ar fhoinsí (e.g. próisis aonaid) na n-astaíochtaí idirleata/éalaitheacha agus na n-astaíochtaí ó shimléir araon.

([21]) D'fhéadfadh faisnéis maidir le hualaí (e.g. mais na dtruailleán a scaoiltear in aghaidh na bliana) cuidiú le tosaíochtaí a shainaithint maidir le truailliú a laghdú.

4. Ráta sreafa an gháis múcháin, tiontaithe más gá chuig dálaí caighdeánacha (gás tirim ag teocht 273,15 °K agus brú 1 013 hPa).

5. Dálaí tagartha (e.g. ba cheart tagairt a dhéanamh leis na sonraí tiúchana do dhramhgháis thirime ag teocht 273,15 °K agus do bhrú 1 013 hPa – mura bhfuil, ba cheart é sin a léiriú – agus ba cheart an cion tagartha ocsaigine a lua, más infheidhme). I gcás próisis dócháin go háirithe, ba cheart a áireamh leis na dálaí tagartha an cion iarbhír O_2 d'eisilteach neamhchaolaithe, teochtaí pointe samplála (teocht lasrach, teocht an chuasáin, teocht eisilteach), cineál téimh (díreach, indíreach).

6. Léiriú ar na teicnící a úsáidtear (lena n-áirítear an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú) chun astaíochtaí isteach san aer a chosc, agus i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun iad a laghdú. Maidir le teicnící laghdaithe, luaitear na truailleáin spriocdhírithe.

7. Cainníocht na dtruailleán roimh na teicnící agus ina ndiaidh chun éifeachtúlacht laghdaithe a chinneadh.

8. Ba cheart faisnéis a áireamh maidir le dálaí nó imthosca a chuireann bac ar úsáid na teicníce (lena n-áirítear teicníc laghdaithe astaíochtaí) ag lánacmhainneacht, ar gá dul timpeall go hiomlán nó go páirteach ar an teicníc agus ar na bearta a rinneadh chun a hacmhainneacht éifeachtachta oibríochtúla iomlán a athbhunú.

5.4.5 **Astaíochtaí isteach san ithir agus sa screamhuisce**

Ba cheart a áireamh leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach, i gcás inarb ábhartha don earnáil lena mbaineann, na hítimí a liostaítear thíos:

1. Na foinsí féideartha (próisis, ábhar, substaintí) a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héilliú ithreach nó screamhuisce.

2. Faisnéis faoi na teicnící a úsáidtear chun astaíochtaí isteach san ithir agus isteach sa screamhuisce a chosc nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun iad a laghdú.

5.4.6 **Iarmhair**

Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach, i gcás inarb ábhartha don earnáil lena mbaineann, ar leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis:

1. Cineálacha agus cainníochtaí na n-iarmhar (e.g. sloda) arna nginiúint/arna gcruthú ag an ngníomhaíocht, lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inarb ábhartha, cóid dramhaíola chomhfhreagracha an Aontais.

2. Saintréithe (fisiceacha/ceimiceacha) na n-iarmhar arna nginiúint/arna gcruthú ag an ngníomhaíocht (e.g. cion miotal, meánchion soladach tirim).

3. Meáchan sonrach na dramhaíola orgánaí agus neamhorgánaí a dhiúscraítear agus meáchan sonrach na dramhaíola a athchúrsáiltear, nó meáchan na n-iarmhar a athúsáidtear nó a aisghabhtar, cibé acu a tharlaíonn sé sin laistigh nó lasmuigh den tsuiteáil, den ghléasra nó den phróiseas.

4. Léiriú ar na teicnící a úsáidtear (lena n-áirítear an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar na suiteálacha a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú) chun giniúint iarmhar a chosc nó, nuair nach bhfuil sé sin indéanta, chun na hiarmhair a ghintear a athúsáid agus a aisghabháil, nó chun dramhaíl a athchúrsáil ar leibhéal na suiteála, an ghléasra nó an phróisis.

5.4.7 **Faisnéis eile**

Ba cheart an fhaisnéis ghinearálta ábhartha uile a bheith ag gabháil leis na sonraí feidhmíochta comhshaoil agus oibríochtúla a sholáthraítear, amhail, i gcás inarb infheidhme:

1. an bhliain a tógadh agus a coimisiúnaíodh an tsuiteáil nó an gléasra, agus léiriú ar chineál agus ar dhátaí na mór-iarfheistithe;

2. cineál na bpróiseas táirgthe, na gcatalaíoch, an trealaimh próisis (e.g. muileann, teasmhalartóir agus foirnéis) a úsáidtear;

3. príomhdhálaí oibriúcháin an phróisis (e.g. próiseas leanúnach nó baiscphróiseas, teagmhais athfhillteacha amhail díchócú foirnéise, athghiniúint catalaígh, ualach táirgthe, teocht phróisis);

4. na cineálacha éagsúla táirgí a mhonaraítear agus an chaoi a bhféadfadh a gcáilíocht/comhdhéanamh difear a dhéanamh don tomhaltas/do na hastaíochtaí;

5. bearta a dhéantar chun truailliú a chosc nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, chun truailliú a laghdú le linn dálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí);

6. bearta a dhéantar chun dóchúlacht (minicíocht) nó éifeachtaí comhshaoil teagmhas/tionóiscí a laghdú.

5.4.8 **Faisnéis thagartha nach mór a bheith ag gabháil le sonraí astaíochtaí**

5.4.8.1 **Faisnéis ghinearálta**

Maidir le sonraí astaíochtaí, sa bhreis ar luach agus aonad an pharaiméadair a ndéantar faireachán air, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach, i gcás inarb infheidhme:

1. foinse na n-astaíochtaí (e.g. imoibreoir, foirnéis);

2. léiriú ar an gcineál patrúin astaíochta (e.g. luachanna íosta/uasta, peircintílí nó cur i láthair grafach; féach Roinn 5.4.8.3).

5.4.8.2 **Faireachán**

Maidir le sonraí faireacháin ar astaíochtaí, ba cheart a áireamh san fhaisnéis a chuirtear isteach, i gcás inarb infheidhme, na hítimí a liostaítear thíos:

1. Minicíocht an tomhais/na samplála/an fhaireacháin.

2. An tréimhse mheánaithe a úsáidtear chun na sonraí a thuairisciú (féach an fhaisnéis mhionsonraithe thíos).

3. An cineál modha faireacháin a úsáidtear (e.g. tomhas díreach, tomhas indíreach, maischothromaíochtaí/teasa, fachtóirí astaíochta) agus léiriú ar na caighdeáin faireacháin EN/ISO (nó caighdeáin eile) a úsáideadh lena n-áirítear an modh samplála agus réamhchóireáil an tsampla mar aon le faisnéis i dtaobh ar breithníodh neamhchinnteachtaí tomhais agus an chaoi ar breithníodh iad. Má tá sí ar fáil, ba cheart an teorainn bhraite (LOD) agus an teorainn chainníochtaithe (LOQ) a thabhairt don pharaiméadar a ndéantar faireachán air. I gcásanna nach caighdeán EN/ISO é an caighdeán faireacháin a úsáidtear, ba cheart tuairisc ar an gcaighdeán a sholáthar.

4. Léiriú ar na héiginnteachtaí tomhais/samplála/faireacháin.

5. Sonraí maidir le foinse na sonraí, e.g. cé a bhailigh na sonraí, a rinne anailís orthu agus a chuir isteach iad.

6. Cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na tomhais le linn gnáthoibríochta nó faoi dhálaí nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad (amhail oibríochtaí tosaithe agus múchta, sceitheadh, mífheidhmeanna, stadanna ar feadh meandair agus scor cinntitheach oibríochtaí).

Ba cheart an Tuarascáil Thagartha ar Fhaireachán ar Astaíochtaí isteach san aer agus san uisce ó shuiteálacha atá faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a chur san áireamh maidir le torthaí faireacháin a shloinneadh agus an chaoi le déileáil le héiginnteachtaí, tomhais dhíreacha agus ceanglais faireacháin.

5.4.8.3 **Meáin, raonta agus dáiltí luachanna astaíochta**

Agus faisnéis faireacháin ar astaíochtaí á soláthar, ba cheart an tréimhse ar bailíodh agus ar meánaíodh na luachanna lena linn a léiriú gan débhrí. Ba cheart faisnéis a bhailítear le linn dálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad a thuairisciú ar leithligh.

Leis an malartú faisnéise ba cheart aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht suiteálacha, gléasraí nó próiseas agus teicnící gainimh i dtéarmaí astaíochtaí, arna sloinneadh mar mheáin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon, i gcás inarb iomchuí (féach Roinn 1.1.1). Ba cheart infhaighteacht an dá chineál faisnéise, is iad sin ábharthacht agus indéantacht a mbailithe agus anailís ina dhiaidh sin a phlé ag an gcruinniú tosaigh (féach Roinn 4.6.1.2).

Le tacar sonraí ina bhfuil meáin ghearrthéarmacha (e.g. meáin in aghaidh na leathuaire, in aghaidh na huaire, in aghaidh an lae) lena gcumhdaítear tréimhse ama níos faide (e.g. bliain amháin nó roinnt blianta), is féidir meáin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha agus peircintílí a ríomh ina dhiaidh sin. Go háirithe, tá gá le raon éagsúlachta agus feidhmeanna dáileacháin (e.g. uasmhéid, meán, diall caighdeánach ó na spot-tomhais) na meán laethúil nó in aghaidh na huaire a bhailítear thar thréimhse fhada ama (e.g. bliain amháin nó níos mó) chun patrún na n-astaíochtaí agus na mbuaic-astaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

Is iondúil go dtugann meáin bhliantúla léargas maith ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a bhaineann le próiseas/teicníc, go neamhspleách ar shuaitheadh áitiúil nó ar éagsúlachtaí gearrthéarmacha, toisc go n-áirítear leo astaíochtaí ar leibhéal na suiteála le haghaidh na bhfoinsí agus na ndálaí uile le linn na bliana, i.e. i gcás staid atá cobhsaí go leor. Is díol spéise iad na meáin bhliantúla freisin i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar theicnící iarrthóirí. I gcás meáin bhliantúla, tá sé tábhachtach a léiriú an chaoi ar díorthaíodh nó ar ríomhadh iad (e.g. ó thomhais leanúnacha nó ó spot-tomhais agus, más spot-tomhais iad, an méid díobh) agus cé acu a áirítear astaíochtaí le linn dálaí oibriúcháin nach gnáthdhálaí oibriúcháin iad nó nach n-áirítear.

5.5 **Saincheisteanna sonracha faoi shainchúram gach meithle teicniúla**

Ba cheart do na meithleacha teicniúla a bhunaítear chun BREF a tharraingt suas nó a athbhreithniú cloí leis na prionsabail ghinearálta a shonraítear i Roinn 5.4. Chun críoch an mhalartaithe faisnéise, mar a shainítear in Airteagal 13(1) agus (2) den Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, **ba cheart do chomhaltaí na meithleacha teicniúla, dá bhrí sin, faisnéis (go háirithe sonraí tomhaltais agus astaíochtaí) a sholáthar go dtí leibhéal na gníomhaíochta, na suiteála, an ghléasra nó an phróisis ar a laghad**. Ba cheart don mheitheal theicniúil a chinneadh cé acu a rachaidh nó nach rachaidh sé chuig leibhéal níos imdhealaithe (e.g. imoibreoir, foirnéis, oibriú aonaid, próiseas). Mar sin féin, is féidir sonraí arna gcomhiomlánú ó roinnt suiteálacha, gléasraí nó próiseas a úsáid chun Caibidil 3 den BREF dar teideal 'Astaíochtaí agus leibhéil tomhaltais reatha' a dhréachtú.

Ba cheart do chomhaltaí na meithleacha teicniúla a mholadh le linn na céime tús-ualaithe cineál agus formáid na sonraí earnáilsonracha ba cheart a bhailiú chun an BREF atá i gceist a tharraingt suas/a athbhreithniú. Leis an bpáipéar cúlra a d'ullmhaigh EU-BRITE don chruinniú tosaigh, ba cheart moltaí na meithle teicniúla a chur i láthair agus moltaí coincréiteacha a dhéanamh chun teimpléad ceistneora **earnáilsonrach** maidir le bailiú sonraí a leagan amach agus le haghaidh plé maidir le cineál agus formáid na sonraí atá le bailiú agus le cur isteach.

Ba cheart don mheitheal theicniúil a phlé ag an gcruinniú tosaigh ar cheart na prionsabail ghinearálta dá bhforáiltear sa treoirdhoiciméad seo maidir le bailiú sonraí a fhorlíonadh le gnéithe earnáilsonracha le haghaidh an BREF atá i gceist.

Ba cheart don mheitheal theicniúil **teimpléad ceistneora earnáilsonrach** a phlé agus a fhorbairt chun faisnéis a bhailiú agus a chur faoi bhráid EU-BRITE de réir na bprionsabal ginearálta a thugtar i Roinn 5.2. Ba cheart don mheitheal theicniúil go háirithe an cineál sonraí, meán, raonta, dáileachán, aonad agus dálaí tagartha atá le húsáid/le cur isteach a chinneadh, agus na sonraí atá ar fáil agus na haonaid agus na dálaí tagartha a úsáideann na táirgeoirí á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart comhaontú ar na saincheisteanna sin a bheith ar cheann de chuspóirí an chruinnithe tosaigh agus ba cheart dóthain ama a bheith beartaithe chuige sin.

Tábhachtach: ba cheart teimpléad an cheistneora a chruthú i bhformáid lenar féidir sonraí a thiomsú agus a anailísiú go héasca amhail Excel, XML nó uirlisí staidrimh eile. Féadfar uirlisí ar líne a úsáid freisin. Ba cheart tús áite a thabhairt do cheisteanna ilrogha. Ba cheart úsáid ceisteanna lena gceadaítear freagraí oscailte a theorannú a mhéid is féidir toisc go mbíonn gá le soiléirithe mar gheall ar a nádúr toisc go bhfuil an téarmaíocht a úsáidtear neamhréireach. Tá rogha chun bailíochtú sonraí a éascú le cur isteach sna teimpléid. D'fhéadfaí an teimpléad a thástáil le linn cuairteanna ar an láithreán chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh.

Ba cheart don mheitheal theicniúil an sceideal a shainiú ag an gcruinniú tosaigh chun sonraí agus faisnéis a bhailiú agus a chur faoi bhráid EU-BRITE (i gcomhréir leis an ngnáthshreabhadh oibre chun BREFanna a leagtar amach i Roinn 1.2.5 a tharraingt suas agus a athbhreithniú). Ba cheart sonraí/faisnéis ag an nóiméad deireanach a sheachaint toisc go bhfuil sé deacair ar an meitheal theicniúil iomlán athbhreithniú piaraí a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh sé nach gcuirfí san áireamh sonraí/faisnéis a chuirtear isteach tar éis an sprioc-ama (féach freisin Roinn 1.2.5).

Maidir le sonraí astaíochtaí, ba cheart don mheitheal theicniúil teacht ar chonclúid, ar bhonn na sonraí tiúchana agus sonraí (sonracha) lóid a bhailítear (má tá an dá chineál sonraí sin ar fáil, ba cheart an dá cheann acu a chur isteach), dá rannchuideodh cineál amháin sonraí nó an dá chineál sonraí le conclúidí úsáideacha BAT a dhíorthú.

Le **hualaí sonracha** (e.g. mais na dtruailleán a scaoiltear in aghaidh mhais an táirge a mhonaraítear), is féidir comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht chomhshaoil suiteálacha gan beann ar a méideanna táirgeachta éagsúla agus ní bhíonn tionchar ag measc adh ná caolú orthu.

Is iondúil go dtugann **tiúchaintí** (in éineacht le dálaí tagartha agus tréimhsí meánaithe) níos mó faisnéise maidir le feidhmíocht ghearrthéarmach próiseas aonair nó oibríochtaí aonaid agus, dá bhrí sin, is féidir leo luaineachtaí agus buaic-astaíochtaí a nochtadh. Bunaítear leo freisin an fheidhmíocht chomhshaoil aon tráth. Trína gcomhcheangal le sonraí sreafa, is féidir an t-ualach truaillithe a bhunú aon tráth. Nuair a úsáidtear tomhais leanúnacha, is féidir tiúchain a úsáid chun faisnéis a sholáthar maidir le feidhmíocht thar thréimhse ama níos faide (e.g. bliain amháin).

6 CAIBIDIL 6: DEARBHÚ CÁILÍOCHTA MAIDIR LE TARRAINGT SUAS AGUS ATHBHREITHNIÚ NA BREFANNA

Tá áirithiú cháilíocht an phróisis chun BREFanna a tharraingt suas agus a athbhreithniú ag brath den chuid is mó ar chloí leis an treoraíocht atá sa doiciméad seo, go háirithe maidir le hábhar agus teorainneacha BREF agus bailiú sonraí chun BAT agus teicnící atá ag teacht chun cinn a dhíorthú.

Braitheann cáilíocht BREF ar na rannpháirtithe atá páirteach sa phróiseas (tá ardleibhéal saineolais theicniúil agus rannpháirtíochta de dhíth) agus ar cháilíocht 'phróiseas Sevilla' é féin. Chun an cháilíocht sin a ráthú, tá coinne leis go mbeidh córas cáilíochta i bhfeidhm ag na Ballstáit, ag na tionscail lena mbaineann, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann sláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus ag an gCoimisiún araon lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. sainmhínithe soiléire ar fhreagrachtaí agus leithdháileadh cúraimí;
2. modhanna agus nósanna imeachta;
3. leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha (go háirithe an fhoireann);
4. córas rialaithe inmheánaigh as a dtiocfaidh feabhsuithe leanúnacha.

Is gníomhaíocht laethúil é a áirithiú go bhfuil an BREF ar ardchaighdeán atá bunaithe ar ghealltanas pearsanta na ndaoine uile a bhfuil baint acu leis an malartú faisnéise. Go ginearálta, ag tionscnamh na faisnéise a bhailítear, tá ról speisialta ag gach comhalta aonair den mheitheal theicniúil, mar **rialaitheoir ar an gcéad leibhéal**, chun cáilíocht a rannchuidithe a ráthú.

Na baill foirne EU-BRITE a dhréachtaíonn na BREFanna ar bhonn ionchur ón meitheal theicniúil, is **rialaitheoirí dara leibhéal** iad ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear isteach.

Ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpróiseas dearbhaithe cáilíochta agus iarrfar ar an bhFóram rannchuidiú leis sin.